COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



2019
















# CLÁR ÁBHAIR


Réamhrá ón Méara agus ón bPríomhfheidhmeannach 5

Comhairleoirí Chontae an Chláir 10

Coistí Beartais Straitéisigh 13

Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta 19

Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil 37

Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta 55

Stiúrthóireacht um Fhorbairt Thuaithe 67

Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach 81

Ceantair Bhardasacha 98

Ráiteas Airgeadais Giorraithe: Bliain dar críoch 31 Nollaig 2019 103

Seimineáir agus Comhdhálacha ar fhreastail Comhairleoirí Chontae an Chláir orthu in 2019 104

Faisnéis teagmhála/uimhreacha teileafóin 105


Dílis d'ár nOidhreacht



Cathal Crowe

**Méara**



An tUasal Pat Dowling

**Príomhfheidhmeannach**

# Réamhrá ón Méara agus ón bPríomhfheidhmeannach

Tá an-áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2019 a chur i láthair. Déantar cur síos inti ar obair na Comhairle chun réimse leathan seirbhísí poiblí ríthábhachtacha agus roinnt tionscadal mór a sholáthar le linn na bliana. Thacaigh an obair sin go léir leis an gClár a chur chun tosaigh maidir le soláthar seirbhíse poiblí ag an leibhéal áitiúil. Áirítear leis sin soláthar tithíochta, scéimeanna ríochta poiblí agus forbairtí bonneagair, rudaí a chinntíonn gur áit mhealltach agus ionchuimsitheach é an Contae le cónaí ann agus infheistíocht a dhéanamh ann.

In 2019 rinne ceiliúradh ar chomóradh 120 bliain ar chéad chruinniú an Údaráis Áitiúil, a bhí ar siúl sna Grand Jury Rooms de Theach Cúirte Inse an 22 Aibreán 1899. Rinne an Chomhairle ceiliúradh oifigiúil ar an gcomóradh 120 bliain ag cruinniú na Comhairle i mí Aibreáin. Cuireadh miontuairiscí bunaidh an chéad chruinnithe, in éineacht le cóip den Acht Rialtais Áitiúil 1898, ar taispeáint phoiblí in ómós na hócáide. Tá spiorad an ama sin fós le brath ar fud Chontae an Chláir. Mar sin, is údar mór bród dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an mbliain 2019 agus braithimid go bhfuil éacht mór déanta againn le linn na bliana.

Anuas ar phríomhsheirbhísí rialtais áitiúil a sholáthar ar fud an chontae, dhírigh Comhairle Contae an Chláir ar phríomhchuspóirí straitéiseacha agus bhain sí amach iad, chruthaigh sí deiseanna nua agus d'fhreagair sí ar bhealach réamhghníomhach do dhúshláin éagsúla a bhí ann le linn na bliana. Tá an Chomhairle freagrach as seirbhísí a sholáthar do os cionn 118,000 duine. Tá 934 ball foirne aici, chomh maith le buiséad bliantúil ar fiú €117.6m é in 2019 agus caiteachas caipitiúil dar luach €371m sa chéad trí bliana eile. Tá ár gComhairle ag ullmhú don todhchaí chun go ndéanfaidh sí an phleanáil is fearr don chéad ghlúin eile de chónaitheoirí agus gnólachtaí sa Chlár. Le linn 2019 bhí an Chomhairle ábalta clár caipitiúil suntasach a chur ar aghaidh. Dá bharr sin,

soláthraíodh roinnt tionscadal ríthábhachtach bonneagair agus conláiste, lenar áiríodh tús a chur le tionscadail bhonneagair, cosúil le tionscadal Leabharlann an Chontae, scéim Faoisimh Tuile Inse Theas, agus cur i gcrích tionscadal eile, cosúil le Páirc Bhaile na Sionainne agus na forbairtí tithíochta sóisialta san Fhiacail agus i gCluain Lára.

Tá bród an domhain orainn as tiomantas agus díograis ár bhfoirne le seirbhísí a sholáthar. B'fhianaise air sin an suirbhé ar shásamh custaiméirí a choimisiúnaigh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) i mbliana. Bhí scór go maith os cionn an mheáin ag an gComhairle maidir le 'Sásamh foriomlán lena nÚdarás Áitiúil' i measc ár ndaoine. Anuas air sin, cuireadh 15 thionscadal ar an ngearrliosta sna 'Gradaim & Uile-Éireann Pobal agus Comhairlí'; is léiriú é sin ar líon na dtionscadal trasghearrtha a bhfuil páirt ag an gComhairle iontu.

Bhí na Toghcháin Áitiúla ar siúl i mBealtaine. Comhordaigh an fhoireann Chorparáideach iad i gcomhar le foireann Chláraitheoir an Chontae. Cuireadh an comhaireamh Toghcháin ar siúl san óstán West County a bhí thar a bheith gníomhach ar an deireadh seachtaine sin. Toghadh sé Chomhairleoir nua a láidríonn ár bhfoireann Comhaltaí Tofa. Toghadh an Comhairleoir Cathal Crowe ina Mhéara d'aon toil ag an gcruinniú cinn bhliana an 7 Meitheamh, agus toghadh an Comhairleoir Clare Colleran Molloy ina Leasmhéara. Toghadh an Comhairleoir Mike McKee arís ach fuair sé bás i mí na Samhna. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Tar éis an Chomhairle nua a chur le chéile, glacadh le Scéim Beartais Straitéisigh 2019 - 2024 i nDeireadh Fómhair 2019. Bhunaigh an Chomhairle ceithre Choiste Beartais Straitéisigh (CBSanna) a léiríonn struchtúr agus feidhmeanna na Comhairle: an CBS Sóisialta, an CBS Fisiciúil, an CBS Tuaithe agus an CBS Eacnamaíoch; tabharfar aghaidh ar an Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht mar phríomh-mhír an chláir oibre thar na CBSanna ar fad.

I measc bhuaicphointí na bliana, reáchtáladh Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann, arna urrú ag Dubai Duty Free, sa Leacht in Iúil. D'oibrigh Comhairle Contae an Chláir i gcomhar leis an nGarda Síochána, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, Club Gailf an Leachta, Dubai Duty Free agus Turas na hEorpa, chun comórtas thar a bheith rathúil a chur ar siúl sa Chontae. Cuireadh i gcrích gach plean agus sceideal maidir le feabhsúcháin bhonneagair agus ríochta poiblí a cuireadh ar bun bliain roimhe ré. Chuir an fhéile siamsaíochta do theaghlaigh a chomhordaigh an Chomhairle leis an atmaisféar iontach a bhí le brath ag an ócáid spóirt thar cionn sin. D'óstáil an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) "Blas an Chláir" inar chuir roinnt táirgeoirí ceirde agus bia ceardaí raon táirgí áitiúla i láthair i Sráidbhaile an Chomórtas. Choimisiúnaigh an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Thuaithe, tar éis di dul i gcomhairle le Turas na hEorpa, sraith físeán inar tarraingíodh aird ar Chontae an Chláir mar ceann scríbe do thurasóirí. Craoladh na físeáin ghearra sin ar Sky Sports agus craoltóirí eile ar fud na hEorpa agus na Stát Aontaith (an Golf Channel san áireamh) agus sroicheadh lucht féachana os cionn 550 milliún duine. Ní bheifí in ann an t-imeacht seo a óstáil gan díograis agus obair dhian na foirne agus na gComhaltaí Tofa, agus iad ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile.

Chuir an Stiúrthóireacht Shóisialta tionscnaimh áitiúla i gcrích, cosúil leis an gclár cothabhála pleanáilte

agus Foireann Gnímh an Chláir um Easpa Dídine, foireann a chomhordaíonn freagairt ilghníomhaireachta don easpa dídine sa Chlár. Ó thaobh tithe nuathógtha de, sháraíomar an sprioc a bhí againn in 'Atógáil Éireann' don bhliain 2019. Sholáthraíomar dhá fhorbairt nua tithíochta san Fhiacail agus i gCluain Lára agus leithdháileadh na haonaid ar fad go déanach in 2019. Cuireadh go mór le háiseanna fóillíochta sa Chontae nuair a osclaíodh Páirc Bhaile na Sionainne i Samhain. Tá an pháirc sin ar cheann de príomhghnéithe d'athbheochan agus athghiniúint na Sionainne. Síníodh an conradh le haghaidh na Leabharlainne Contae nua ag Glór. Ba é an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Michael Ring, a d'iompaigh an fód roimh an Nollaig.

Leanann an Chomhairle dár gclár oibre forbartha tuaithe a chur chun cinn ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil. D'aithin an eagraíocht deiseanna agus chinntíomar gur chuireamar pleananna cuimsitheacha tionscadail i láthair d'fhonn maoiniú a fháil ón rialtas láir, go sonrach ón gciste forbartha um athghiniúint thuaithe. Tá ár straitéis dhigiteach á cur i bhfeidhm againn ar bhealach gníomhach, straitéis a chinntíonn go mealltar daoine ar mhaith leo cónaí agus oibriú sa Chlár go ndéantar éascaíocht orthu amhlaidh a dhéanamh. D'oscail an tAire Michael Ring 'Mol Inis Díomáin' go hoifigiúil i Nollaig. Is é sin an ceathrú mol 'DigiClare' sa Chontae, agus tá moil eile ag feidhmiú go hiomlán cheana san Fhiacail, Sráid na Cathrach agus Cill Rois. Príomhsprioc na straitéise forbartha tuaithe is ea raon seirbhísí gnó, sóisialta agus pobail a chur ar fáil ón áit seo i lár an bhaile. Spreagann an straitéis forbairt fiontar sóisialta faoi stiúir an phobail, forbairt turasóireachta tuaithe agus forbairt FBManna. Seoladh an tseirbhís tointeála bus d'Aillte an Mhothair síos an bóthar. Is é aidhm na seirbhíse sin feabhas breise a chur ar fhorbairt inbhuanaithe agus bainistíocht na turasóireachta thar cheantar thuaidh an Chláir. Fuarthas maoiniú ar fiú €465,571 é don 'Ionad Cuairteoirí Dhúlainn' faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Seoladh Plean Straitéiseach an Chláir Shláintiúil 2019-2021 sa chéad ráithe den bhliain, plean a bhfuil sé mar aidhm aige sláinte fhisiciúil agus intinne i gContae an Chláir a fheabhsú agus atá á chur i bhfeidhm ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) an Chláir. Díríonn sé ar raon gníomhaíochtaí a sholáthar a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag sláinte agus folláine mhuintir Chontae an Chláir. D'fhógair an Chomhairle raon tacaíochtaí maoinithe a dhíríonn ar ghrúpaí pobail agus deonacha a spreagadh páirt a ghlacadh ina bpobail a fhorbairt agus feabhas a chur ar chaighdeán na beatha ina gceantair. Is fiú €453,500 an scéim tacaíochtaí pobail seo agus bronntar an maoiniú faoi 10 scéim deontas ar leith.

Ó thaobh forbairt gheilleagrach de, ghlac Tionól an Deiscirt leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta a bhfuil ardáin thábhachtacha beartais inti maidir le Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh, Crios Forbartha Straitéisí Dheisceart an Chláir/Ollscoil Luimnigh agus Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Inse 2040 a sheachadadh. Thosaigh an bhliain acadúil 2019/2020 i gCampas Inse Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Sráid Bindon agus tá ocht gclár céime ar fáil anois tríd an Lár-Oifig Iontrála. D'oscail an tAire Pat Breen an campas go hoifigiúil i Nollaig. Bainfidh daoine óga an Chláir agus ón gceantar máguaird, chomh maith le gnólachtaí áitiúla, leas as an institiúid oideachais nua seo in Inis.

Lean Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁ) an Chláir ar aghaidh tacaíocht a chur ar fáil d'fhiontair

ar fud an Chontae, agus d'fhaomh sé maoiniú deontais arbh fhiú €674k é do 27 fiontar. Bhain 123 fiontar éagsúil leas as an tacaíocht mheantóireachta a chuireann OFÁ ar fáil. Chomh maith leis sin, thug OFÁ an Chláir deontas do 34 gnólacht le haghaidh dearbháin trádála ar líne.

Leis an sceideal oibreacha ceantair bhardasaigh don bhliain 2019, rinneadh soláthar do chlár oibreacha bóthair a raibh ciste iomlán €33.5m ag baint leis agus cuireadh i gcrích é. Chuireamar fáilte roimh an bhfógra ó Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) i Nollaig gur faomhadh an buiséad do Bhóthar Faoisimh Laistigh Inis Díomáin. Cuireadh tús leis an obair ar Scéim Faoisimh Tuile Inse Theas. Céim dheiridh na n-oibreacha cosanta ar fud an bhaile is ea an scéim (€9.7m) seo agus áirítear leis sin na bailte fearainn Cluain Ráda Mór, An Baile Beag agus Mainistir an Chláir.

Lean na Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála oiliúint leanúnach a chur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh an Chomhairle go hiomlán réidh le freagairt a dhéanamh do mhóréigeandáil. Reáchtáladh cleachtadh iomlán móréigeandála ina raibh páirt ag na gníomhaireachtaí ar fad in Aerfort na Sionainne i Samhain. Shínigh Comhairle Contae an Chláir conarthaí i Meán Fómhair chun foirgneamh san Eastát Tionsclaíochta Bhóthar Chuinche in Inis a uasghrádú agus a athchóiriú, tionscadal ar fiú €2.7m é, agus beidh sé sin ina shuíomh nua do Cheanncheathrú Cosanta Sibhialta an Chláir. Cuimseoidh Campas Bhóthar Chuinche Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta nua-aimseartha agus beidh áiseanna iomlána ann do Shaorálaithe Cosanta Sibhialta an Chláir (tá 90 ball deonach gníomhach acu faoi láthair).


I Meán Fómhair 2019, chuireamar fáilte roimh fhoilsiú Straitéis Chomhairle Contae an Chláir um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024. Forbraíodh an foilseachán sin le tacaíocht agus treoir ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO). Ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe, cruthaíonn an Straitéis seo treochlár aidhmeanna agus cuspóirí a sholáthrófar thar shé réimse téamacha ar thug an Chomhairle faoi le dul in oiriúint do thionchair an athraithe aeráide agus ár modh maireachtála a chosaint.

Leanann Comhairle Contae an Chláir de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú san earnáil ghnó, an earnáil dheonach, an earnáil phobail, an earnáil oideachais agus earnálacha eile. Cuirfidh an Chomhairle pobail inbhuanaithe ag croílár gach a ndéanaimid, fad a leanfaimid de bheith i gceannas ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíochta, fhisiciúil agus forbartha tuaithe ár gcontae sa bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin.

| | |
|---|---|
| Cathal Crowe | An tUasal Pat Dowling |
| **Méara** | **Príomhfheidhmeannach** |


SPANISH POINT

# Struchtúr Eagraíochta Chomhairle Contae an Chláir





## Príomh- Fheidhmeannach



### Seirbhísí Airgeadais/ Tacaíochta

Ceannasaí Airgeadais, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Corparáideacha

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Cuntasóir Bainistíochta
- Cuntasóir Airgeadais
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Cúnta

- Oifigigh Riaracháin (8)



### Forbairt Gheilleagrach

Stiúrthóir Seirbhíse

**Ceantar Bardasach na Sionainne**

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (2)
- Pleanálaí Sinsearach
- Pleanálaí Sinsearach Cúnta
- Ceannasaí Fiontríochta

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (SB)
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Cúnta
- Oifigigh Riaracháin (2)



### Forbairt Shóisialta

Stiúrthóir Seirbhíse

**Ceantar Bardasach na Sionainne**

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Cúnta
- Leabharlannaí Contae

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (SB)
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (2)
- Oifigigh Riaracháin (3)
- Oifigeach Feidhmiúcháin Leabharlannaithe (2)
- Oifigeach Ealaíon
- Ceannasaí Spóirt & Fóillíocht



### Forbairt Fhisiciúil

Stiúrthóir Seirbhíse

**Ceantar Bardasach na Sionainne**

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Príomhoifigeach Dóiteáin
- Innealtóir Sinsearach (3)

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (SB)
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (6)
- Príomhtheicneoir
- Bainisteoir Gníomhaireachta Fuinnimh
- Oifigigh Riaracháin (3)
- Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta Sinsearach (3)
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Cigire Tréidliachta



### Forbairt Thuaithe

Stiúrthóir Seirbhíse

**Ceantar Bardasach**
**Ceantar Bardasach**

- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Cúnta (2)
- Ceannasaí Córas Faisnéise - Claochlú Digiteach
- Ceannasaí Córas Faisnéise - TFC
- Ceannasaí Turasóireachta Cúnta

- (3) Oifigigh Riaracháin
- (4) Ceannairí Tionscadal Córas Faisnéise
- Oifigeach Turasóireachta

# COMHAIRLEOIRÍ CHONTAE AN CHLÁIR 2019

## Comhaltas gach Ceantair Bhardasaigh

### Ceantar Bardasach Inse (7 gcomhalta)
Toghlimistéar Inse: 7 suíochán



**Mary Howard**
(Fine Gael)



**Mark Nestor**
(Fianna Fáil)



**Paul Murphy**
(Fine Gael)



**Clare Colleran Molloy**
(Fianna Fáil)



**Ann Norton**
(Neamhspleách)



**Pat Daly**
(Fianna Fáil)


Cathaoirleach

**Johnny Flynn**
(Fine Gael)

### Ceantar Bardasach Chill Dalua: 5 chomhalta



**Joe Cooney**
(Fine Gael)



**Pat Hayes**
(Fianna Fáil)



**Tony O'Brien**
(Fianna Fáil)



**Alan O'Callaghan**
(Fianna Fáil)


Cathaoirleach

**Pat Burke**
(Fine Gael)

### Ceantar Bardasach na Sionainne: 7 gcomhalta



**John Crowe**
(Fine Gael)



**Michael Begley**
(Neamhspleách)



**P.J. Ryan**
(Neamhspleách)



**Pat McMahon**
(Fianna Fáil)



**Mike McKee (RIP)** (Sinn Féin)


Cathaoirleach

**Gerard Flynn**
(Neamhspleách)


Mayor of Clare

**Cathal Crowe**
(Fianna Fáil)

### Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir (9 gcomhalta)
Toghlimistéar Inis Díomáin: 7 suíochán



**Shane Talty**
(Fianna Fáil)



**Joe Killeen**
(Fianna Fáil)



**Joe Garrihy**
(Fine Gael)



**Róisín Garvey**
(Comhaontas Glas)

### Toghlimistéar Chill Rois: 5 suíochán



**Cillian Murphy**
(Fianna Fáil)



**Ian Lynch**
(Neamhspleách)



**P.J. Kelly**
(Fianna Fáil)



**Gabriel Keating**
(Fine Gael)


Cathaoirleach

**Bill Chambers**
(Fianna Fáil)

## Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)

Tá an Cathaoirleach reatha chomh maith le cathaoirligh na gCoistí Beartais Straitéisigh ar an nGrúpa Beartais Chorparáidigh. Déantar ionadaíocht ar gach Ceantar Bardasach ar an GBC. Leagtar amach a bhonn reachtúil in Alt 133 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus tá feidhmeanna sonracha aige maidir leis an mbuiséad bliantúil agus an Plean Corparáideach a ullmhú. Buaileann an Grúpa Beartais Chorparáidigh le chéile gach mí le Feidhmiúchán na Comhairle.

## Coistí Beartais Straitéisigh

Tá struchtúr na gCoistí Beartais Straitéisigh (CBSanna) bunaithe ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle. Tá Comhairleoirí tofa agus ionadaithe eile ó na Comhpháirtithe Sóisialta agus ó leasanna Earnála eile ar na Coistí. Déanann Comhairleoir tofa cathaoirleacht ar gach CBS agus tugann Stiúrthóir Seirbhíse tacaíocht dóibh. Is é feidhm an CBS tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ní phléifidh na CBSanna le saincheisteanna ionadaíochta ná oibríochta. Ach is é an Chomhairle iomlán a dhéanfaidh na cinntí deiridh maidir le beartas.

Ghlac Comhairle Contae an Chláir le Scéim nua do Choistí Beartais Straitéisigh (2019 - 2024) i nDeireadh Fómhair 2019. Déantar soláthar do cheithre CBS sa scéim nua;

- **Forbairt Gheilleagrach**
- **Forbairt Fhisiciúil**
- **Forbairt Thuaithe**
- **Forbairt Shóisialta**

Tá an clár oibre maidir leis an athrú aeráide agus maidir le bithéagsúlacht ina bpríomhréimse beartais ag gach CBS.

Tá gach Comhairleoir ina b(h)all ar CBS agus is ionadaithe ar leasanna earnála aon trian amháin de gach CBS. Tagann na hionadaithe earnála do na CBSanna ón **earnáil feirmeoireachta/talmhaíochta, an earnáil comhshaoil/caomhnaithe, an earnáil forbartha/tógála, an earnáil gnó/tráchtála, ceardchumainn, an earnáil phobail/dheonach agus an earnáil cuimsithe shóisialta.**

## Comhaltas CBS

| Forbairt Gheilleagrach | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa (7)** | Clr Pat McMahon (Cathaoirleach)<br>Clr P. J. Kelly<br>Clr Pat Daly | Clr P.J. Ryan<br>Clr Michael Begley<br>Clr Gabriel Keating<br>Clr Johnny Flynn |
| **Talmhaíocht & Feirmeoireacht (1)** | Rosaleen O'Reilly | |
| **LRP Comhshaoil/Caomhnaithe (1)** | Emma Karan | |
| **Forbairt/Tógáil (1)** | Pat Keogh | |
| **Gnó/Tráchtáil (1)** | Pat Morris | |
| **Ceardchumainn (1)** | Seamus Ryan | |
| **LRP Cuimsithe Shóisialta (1)** | Elaine D'Alton | |

| Forbairt Fhisiciúil | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa (7)** | Clr John Crowe<br>(Cathaoirleach)<br>Clr Cathal Crowe<br>Clr Alan O'Callaghan | Clr. Clare Colleran Molloy<br>Clr Joe Cooney<br>Clr Ian Lynch<br>Clr Róisin Garvey |
| **Talmhaíocht & Feirmeoireacht (1)** | Kieran Woods | |
| **Comhshaol/Caomhnú (2)** | Aisling Wheeler, James Gillar | |
| **Forbairt/Tógáil (1)** | Lorchan Hoyne | |
| **LRP Pobail/Deonach (1)** | Damon Matthew Wise | |
| **LRP Cuimsithe Shóisialta (1)** | Padraic Hayes | |
| **LRP Cuimsithe Shóisialta (1)** | Padraic Hayes | |

| Forbairt Thuaithe | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| Comhaltaí Tofa (7) | Clr Pat Hayes (Cathaoirleach)<br>Clr Bill Chambers<br>Clr Cillian Murphy | Clr Shane Talty<br>Clr Joe Killeen<br>Clr Mary Howard<br>Clr Pat Burke |
| Talmhaíocht & Feirmeoireacht (1) | Denis Tuohy | |
| LRP Comhshaoil/Caomhnaithe (1) | Anny Wise | |
| Gnó/Tráchtáil (1) | Niamh O'Callaghan | |
| LRP Pobail/Deonach (1) | Eugene Crimmins | |
| LRP Cuimsithe Shóisialta (1) | Jean Tierney | |

| Forbairt Shóisialta | Comhaltaí | |
|---|---|---|
| Comhaltaí Tofa (7) | Clr Gerry Flynn (Cathaoirleach)<br>Clr Tony O'Brien<br>Clr Mark Nestor | Clr Paul Murphy<br>Clr Joe Garrihy<br>Clr Ann Norton<br>Clr Mike McKee |
| Forbairt/Tógáil (1) | Larry Brennan | |
| Gnó/Tráchtáil (1) | William Cahir | |
| Ceardchumainn (1) | Tommy Guilfoyle | |
| LRP Pobail/Deonach (1) | Trudy Leyden | |
| LRP Cuimsithe Shóisialta (1) | Noel Kearney | |

# Ionadaíocht Comhaltaí Tofa ar Choistí

**Ceapachán Cathaoirligh Ainmnithe le haghaidh gach ceann de na ceithre Choiste Beartais Straitéisigh** P. McMahon, P. Hayes, J. Crowe, G. Flynn.

---

**Tionól Réigiúnach.**
A. O'Callaghan, P.J. Kelly.

---

**Bord Oideachais agus Oiliúna.**
A. Norton, P. Murphy, G. Keating, J. Killeen, C. Colleran Molloy.

---

**Cumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae** B. Chambers.

---

**Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann** J. Crowe, M. Begley, P. Daly.

---

**Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.**
C Colleran Molloy

---

**Bord Bainistíochta Kilkee Waterworld**
C. Murphy

---

**Bord Bainistíochta Lahinch Seaworld**
Cllr. S. Talty

---

**Hunt Museum Trust**
P. Murphy

---

**Lisdoonvarna Fáilte.**
J. Killeen.

---

**Bord Ionad Ceoil Glór** R. Garvey, M. Howard

**Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir**
Cllrs. J. Killeen, J. Garrihy.

---

**Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe**
T. O'Brien, C. Colleran Molloy, M. McKee, A. Norton, P. Murphy, J. Garrihy

---

**Coiste Nasctha Bailte**
M. Begley, P.J. Ryan, P. McMahon, P. Hayes, T. O'Brien, J. Crowe, P. Murphy, M. Howard. An Cathaoirleach reatha.

---

**Meitheal an Chláir um Sábháilteacht ar Bhóithre.**
C. Murphy, J. Cooney, P.J. Ryan.

---

**Coiste Monatóireachta an Chontae um Uisce Tuaithe**
Cllrs. R. Garvey, S. Talty, P. Burke.

---

**Coiste Spóirt agus Fóillíochta Active Ennis.**
M. Nestor, A. Norton, J. Flynn.

---

**Coiste Iniúchta.**
P. Hayes, G. Keating.

---

**Fóram Réigiúnach Sláinte an Iarthair**
R. Garvey, C. Murphy, B. Chambers, P. Burke.

---

**Comhchoiste Póilíneachta.**
I. Lynch, A. Norton, M. Begley, P.J. Ryan, B. Chambers, P. Daly, P. McMahon, A. O'Callaghan, J. Killeen (ar feadh 2 bhliain), S. Talty (ar feadh 3 bliana), M. Howard, P. Murphy, P. Burke, J. Crowe, G. Keating.

**Kilrush Amenity Trust.**
I. Lynch, G. Keating.

---

**Bord Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir.**
P.J. Ryan, G. Keating, J. Killeen.

---

**Ciste Forbartha Pobail Áitiúil.**
B. Chambers, C. Murphy, J. Flynn, G. Flynn.

---

**Coiste Iarnród Idirchontae Áitiúil.**
A. O'Callaghan, P. Hayes, R. Garvey, J. Crowe, G. Keating.

---

**Fochoiste na mBuan-Orduithe.**
B. Chambers, C. Colleran Molloy, P. Murphy, J. Cooney, P.J. Ryan, G. Flynn.

**Coiste Cuimhneacháin.**
C. Crowe, C. Colleran Molloy, A. Norton, G. Flynn, P. Murphy, J. Cooney.

**Fóram Forbartha Tuaithe**
Beirt Chomhairleoirí le hainmniú ó gach Ceantar Bardasach.

**Bord Aillte an Mhothair**
S. Talty, G. Keating.

**Bord Stiúrtha Ollscoil Náisiúnta na hÉireann.**
P.J. Kelly.





# Stiúrthóireacht Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta



**Noeleen Fitzgerald**
**Ceannasaí Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha**

## Rannóg Airgeadais

### Bailiú rátaí tráchtála

Tá rátaí tráchtála iníoctha ar réimse leathan ionad réadmhaoine tráchtála amhail monarchana, oifigí, siopaí, óstáin agus bialanna. Socraíonn an Oifig Náisiúnta Luachála atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath (www. valuations.ie) an luacháil atá le cur i bhfeidhm ar réadmhaoin rátáilte. Tar éis buiséad na Comhairle a bhreithniú gach bliain, cinneann na Comhaltaí Tofa an ráta a bheidh le gearradh ar an luacháil sin. B'ionann an ráta a cuireadh i bhfeidhm in 2019 agus €72.99.

Ghearr Comhairle Contae an Chláir billí ráta arbh fhiú €43.1m iad in 2019. Cruinnítear thart ar 37 % de chaiteachas ioncaim Chomhairle Contae an Chláir trí rátaí tráchtála. Maoinítear soláthar réimse leathan seirbhísí riachtanacha ag bailiú rátaí ar réadmhaoin tráchtála. In 2019, níor tháinig athrú mór ar bhailiú rátaí agus bhí sé cosúil leis an leibhéal a bhí ann sa bhliain roimhe sin. Tuigeann an Chomhairle na deacrachtaí airgeadais atá ag cuid de na híocóirí rátaí agus tá sí tiomanta i gcónaí do chur chuige praiticiúil a ghlacadh maidir le híocóirí rátaí a éascú ina gcuid socruithe íocaíochta.

In 2019, lean an Chomhairle lena scéim dreasachta íocaíochta rátaí tráchtála, trína bhféadfadh íocóirí rátaí tráchtála leas a bhaint as deontas ar a réadmhaoin nuair a íoctar in am na rátaí uile is iníoctha ar réadmhaoin áitithe.

Tá scéim réadmhaoine folmha fadtéarmaí i bhfeidhm freisin chun gnólachtaí a spreagadh chun réadmhaoin fholmha a shealbhú agus leas a bhaint as deontas thar na chéad trí bliana gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an dá scéim sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Cuireadh tús freisin in 2019 le hathluacháil na n-ionad réadmhaoine tráchtála inrátaithe i gContae an Chláir. Tá an athluacháil sin ina cuid den chlár náisiúnta leanúnach chun a chinntiú go léiríonn luacháil inrátaithe na n-ionad réadmhaoine tráchtála agus tionsclaíoch ar fad an timpeallacht ghnó atá ann faoi láthair. Is é aidhm na hathluachála an córas rátála údaráis áitiúil a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos cothroime. Beidh an próiseas sin ar siúl don chéad 2 bhliain eile agus tá an Chomhairle tiomanta dó sin agus beidh sí i gcomhairle leis an oifig luachála agus íocóirí ráta.

### Rannóg Iniúchta Inmheánaigh

Is cuid de struchtúr rialachais chorparáidigh na Comhairle é an tuarascáil maidir le comhlíonadh an chóid chaiteachais phoiblí, a foilsíodh i mBealtaine 2019 don rannán iniúchta inmheánaigh. Is feidhm bhreithmheasa neamhspleách í a bhfuil sé de chúram uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i ngach réimse. Cuireann iniúchadh inmheánach tuairim neamhspleách dearbhaithe ar fáil don lucht bainistíochta maidir le cé acu an bhfuil próisis rialachais agus rialaithe inmheánacha ag feidhmiú go héifeachtach nó nach bhfuil. Feidhmíonn an rannán iniúchta inmheánaigh de réir plean iniúchta bliantúil. Cuirtear an plean le chéile tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóireachtaí go léir na Comhairle agus, ina dhiaidh sin, faomhann an coiste iniúchta é agus glacann sé leis. Leagtar amach sa phlean sceideal na n-athbhreithnithe agus seiceálacha iniúchta don bhliain. Rinne iniúchadh inmheánach comhordú air sin in 2018 freisin.

### Rannóg Mótarchánach

Tháinig laghdú níos mó ná leath ar an ioncam a bhailíonn oifigí mótarchánach an Chláir ó 2013. In 2019, bailíodh €7.5m ar an iomlán agus aistríodh ioncam gach lae chuig an Státchiste gach lá. Tháinig laghdú níos mó

ná leath ar líon na n-idirbheart freisin, ó 105,000 in 2013 go dtí 47,800 in 2019.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar úsáid na saoráide mótarchánach náisiúnta ar líne http://www.motortax.ie. Le blianta beaga anuas, mhéadaigh an úsáid i gContae an Chláir ó 47% in 2013 go dtí 73% i Nollaig 2019. Tháinig méadú breise 2% air sin idir 2018 agus 2019. Táimid san 18ú áit sa tír ó thaobh úsáid ar líne de mar gheall ar an bhfigiúr 73% sin. Úsáideann níos mó daoine seirbhísí mótarchánach ar líne i 17 gcontae eile. Tá úsáid ar líne idir 82% agus 89% i gCorcaigh, Cill Mhantáin, Tiobraid Árann, an Mhí agus Cathair Bhaile Átha Cliath.

## Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháidigh Neamhphríomha (NPPR)

Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011 agus leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, tugadh isteach muirear bliantúil €200 maidir le gach ionad réadmhaoine chónaithe nach n-úsáidtear mar an aon áit chónaithe amháin nó an phríomháit chónaithe atá ag an úinéir. Rinneadh an muirear seo a athrú agus a bhaint le reachtaíocht ina dhiaidh sin; ach bíonn muirir neamhíoctha fós ina muirear ar ionaid réadmhaoine.

In 2019, leanadh ar aghaidh muirir NPPR neamhíoctha a bhailiú de réir mar a díoladh ionaid réadmhaoine. Bailíodh os cionn €983k in 2019.

## Acmhainní Daonna

In 2019, fuair Rannóg Acmhainní Daonna Chomhairle Contae an Chláir deimhniú óir sa Scéim Náisiúnta um Bhainistíocht Acmhainní Daonna, 'Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe', deimhniú ar bhronn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) uirthi.

Leanann an Rannóg AD de chaidreamh a bhunú trí mheán na struchtúr atá ann ar fud na heagraíochta chun tacú le baill foirne agus chun riachtanais ar acmhainní agus oiliúint a aithint. Tá an fhoireann i dteagmháil le baill foirne ó thráth na hearcaíochta go dtí tráth an scoir i dtaca le hábhair cosúil le foghlaim agus forbairt agus tacaíocht leasa.

Príomhghné na feidhme AD is ea riachtanas agus deis gnó atá ann a mheaitseáil leis na scileanna agus taithí ata ann, agus de réir an chreata oibríochta atá ann, agus tá sé ríthábhachtach le cothromaíocht a choinneáil san áit oibre. Leanadh ar aghaidh cuir chuige faoi stiúir fianaise a thabhairt isteach le tacú le cinnteoireacht in 2019.

Sna haonaid ghnó inmheánacha éagsúla atá ann, tá beartais agus nósanna imeachta ríthábhachtach dár n-oibríochtaí agus leanfar ar aghaidh iad a athbhreithniú agus a nuashonrú. Tá anailís á déanamh ar ár sonraí ar bhonn leanúnach le riachtanais atá ag teacht chun cinn agus treochtaí a shainaithint. Dá bharr sin, bímid in ann athrú a dhéanamh de réir mar is cuí.

Tacaíonn an Rannóg AD le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach de réir mar a éagsúlaíonn an riar scileanna ar fud na heagraíochta. B'ionann líon na foirne i Nollaig 2019 agus 936. Bhí méadú suntasach tagtha ar líon na bhfoirne inár gcriúnna ag leibhéal na gceantar bardasach agus ar líon na mball foirne teicniúil. Is léiriú ar sin ar bhéim na heagraíochta ar phobal, ar thionscadail chaipitiúla agus ar thimpeallacht ár gcontae.

Rinneadh plé ar an bplean forbartha foirne don bhliain 2019 i gcomhthéacs na 'Straitéise Náisiúnta Daoine' - Straitéis Acmhainní Daonna náisiúnta d'údaráis áitiúla a ghlac an Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach.

Béim leanúnach ar rannpháirtíocht foirne trí mheantóireacht, ceannaireacht, an t-eolas is déanaí a thabhairt do bhaill foirne agus páirt a thabhairt do bhaill foirne trí struchtúir cosúil le Comhpháirtíocht, cruinnithe ceardchumainn agus an líonra idirchaidrimh foirne.

***Oibríonn an Rannóg Acmhainní Daonna i roinnt príomhréimsí gníomhaíochta:***

### Bainistíocht an Lucht Saothair

Le linn 2019, d'oibrigh an Rannóg AD leis an tSeirbhís Leabharlainne agus an Ceardchumann FORSA chun Plean Lucht Saothair do Leabharlanna a fhorbairt agus a chomhaontú. Cuireadh an plean sin faoi bhráid na RTPRÁ ina dhiaidh sin. Cloíonn an doiciméad le comhaontú náisiúnta de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le leabharlanna agus pléann sé na riachtanais lucht saothair sa chéad 3-5 bliana eile, ag féachaint do riachtanais ghnó cosúil le leabharlann contae nua a fhorbairt.

Tá daoine á n-earcú an t-am ar fad. Is gá obair leanúnach a dhéanamh mar gheall ar an líon ardaithe daoine a bhíonn ag teastáil chun tionscadail a sholáthar agus le go mbeifear ábalta daoine a aistriú idir róil ar fud na heagraíochta. Le linn na bliana, reáchtáladh 57 comórtas earcaíochta ina raibh 73 cleachtadh ar leith cosúil le hagallaimh gearrliostaithe mar chuid de chomórtas aonair. Teagmháil thábhachtach lenár mbaill foirne reatha agus ábhair fostaithe, is iad sin ár gcustaiméirí, atá sna comórtais sin. I dtaca leis sin, leanaimid d'athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis agus nósanna imeachta chun a chinntiú go bhfuil seirbhís éifeachtach, seasmhach agus trédhearcach.

Tháinig méadú cothrom ar líon na mball foirne buan ar aon dul leis na réamh-mheastacháin fógartha agus tháinig laghdú ar líon na socruithe 'gníomhacha' dá réir sin.

Leantar ar aghaidh monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach grád ar aon dul le cead agus an buiséad ar fáil agus táthar i dteagmháil ar bhonn leanúnach le ranna rialtais ábhartha.

Léiríonn éagsúlú an fhócais scileanna ar na tionscadail sin amhail Forbairt Tuaithe, Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh agus Turasóireacht, mar aon le hacmhainní foirne breise i réimsí a bhaineann go príomha leis an bpobal amhail ár bhfoireann amuigh faoin aer, an fhreagrúlacht is gá sa réimse gníomhaíochta sin.

Leanann an Roinn Acmhainní Daonna de bheith ag obair go dlúth leis an tSeirbhís Dóiteáin chun freastal ar an éileamh leanúnach atá ar Throdaithe Dóiteáin a choimeádtar ar fud an Chontae. In 2019, d'oibríomar le hinstitiúidí tríú leibhéal chun 10 mac léinn a chur ar socrúchán san fhoireann agus chuireamar tús le printíseacht sa Chlós Innealra - déanfar scrúdú ar dheiseanna eile chun printíseachtaí a fhorbairt in 2020.

### Foghlaim agus Forbairt

Cuireadh prionsabail GDPR chun cinn agus gníomhaíodh dá réir in 2018 agus díríodh go mór ar shonraí a choinneáil, ar ráitis a dhéanamh agus ar an réasúnaíocht is bun le faisnéis a bhailiú. Leanadh ar aghaidh na prionsabail sin a leabú in 2019. Tá úsáid na ríomhfhoghlama i réimsí na Sláinte agus na Sábháilteachta agus na Cosanta Leanaí mar phríomhghné de Phlean Foirne 2019 in Acmhainní Daonna.

B'fhorbairt nua é nuair a ghlac an fhoireann Foghlama agus Forbartha le cuir chuige nua i leith oiliúint a sholáthar trí roinnt tionscnaimh ríomhfhoghlama. I measc na réimsí atá á gcur chun cinn trí mheán teicneolaíochta, tá Cumhdach Leanaí, Láimhsiú Sábháilte, GDPR agus feasacht ar an Dualgas Earnála Poiblí. In 2020 táthar ag súil leis go soláthrófar níos mó oiliúna

sna hOifigí Ceantair ar fud an chontae fad a dhéanaimid iarracht deiseanna oiliúna a chur ar fáil don raon foirne is leithne.

Anuas ar na cúrsaí oiliúna foirmiúla, ghlac roinnt foirne páirt sa chlár pobalbhunaithe, an 'Junior Achievement Programme'. Comhordaíonn an rannán Oiliúna iarratais na Comhairle ar ghradaim a bhaineann le Foghlaim agus Forbairt agus ar dheimhniú NSAI 'Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe'.

Déanann an fhoireann Foghlama agus Forbartha faireachán agus cothabháil ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF). Tá ról tábhachtach ag an gcóras seo maidir le spriocanna a leagan síos don fhoireann, róil agus freagrachtaí a shoiléiriú sna ranna agus gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a shainaithint agus a mheas. Tá measúnú á dhéanamh ar an gcóras faoi láthair agus é mar aidhm na doiciméid ábhartha a leasú, ag féachaint do thionscnaimh cosúil le 'Gnáth-Bhéarla' agus inúsáidteacht ghinearálta.

### Leas Fostaithe

Is sócmhainn shuntasach don fhoireann í an tSeirbhís Leasa Fostaithe. Tá roinnt tacaíochtaí san áireamh leis an tseirbhís rúnda atá ar fáil d'fhostaithe agus tugann sí deis le haghaidh luath-idirghabhála má thagann fadhbanna chun cinn. Cuireann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 oibleagáidí ar an gComhairle mar fhostóir leas fostaithe a chosaint agus gníomhú go réamhghníomhach trína dualgas cúraim a fheidhmiú.

Cuireann Beartas Cúnaimh Fostaithe na Comhairle sonraí ar fáil faoi na Seirbhísí Gairmiúla Comhairleoireachta saor in aisce agus faoi rún atá ar fáil don fhoireann tráth an ghátair, chomh maith leis an deis aon deacrachtaí leis an Oifigeach Leasa Fostaithe a phlé más gá.

Leagadh amach clár um 'Scagadh Sláinte' in 2019 i gcomhar leis an gCoiste Comhpháirtíochta agus d'fhreastail os cionn 400 ball foirne ar an gclár. Chomhordaigh an tOifigeach Leasa sraith cainteanna ar fud na Seirbhíse Dóiteáin - gach 7 stáisiún
- le linn na bliana - agus cuireadh eolas ar fáil maidir le cuspóirí eagraíochtúla, Acmhainní Daonna, Leas, meantóireacht foirne, aoisliúntas, oiliúint, cumhdach leanaí, an club sóisialta agus faisnéis chorparáideach.

Cuireadh roinn cúrsaí folláine ar fáil do bhaill foirne le linn na bliana, lenar áiríodh: Feasacht ar Mheabhairshláinte, Aireachas, Feasacht ar Strus agus Bainistíocht Ama.



## Caidreamh Tionsclaíoch

Tá an Chomhairle tiomanta do chomhairliúchán fóinteach a dhéanamh leis an Aontas a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann i gcomhréir le Comhaontuithe Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí éagsúla.

Déileálann an fheidhm Caidrimh Tionsclaíoch go corparáideach leis an Rannóg Acmhainní Daonna agus téann sí i dteagmháil go rialta leis na Ceardchumainn aitheanta ar réimse leathan saincheisteanna agus le cur i bhfeidhm an athraithe.

Déantar gach iarracht chun dul i ngleic le saincheisteanna ar bhealach comhoibríoch agus oscailte ar leibhéal áitiúil. Déanann an rannóg Acmhainní Daonna ionadaíocht ar an gcomhairle ag gach éisteacht tríú páirtí de réir dea-chleachtais le tacaíocht leanúnach ón mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Maidir le cúrsaí pearsanta, spreagann an Rannóg Acmhainní Daonna an fhoireann chun páirt a ghlacadh i bpróisis idirghabhála rúnda mar iarracht chun aghaidh a thabhairt ar ábhair go luath agus go neamhfhoirmiúil chun leasa gach duine lena mbaineann.

## Aoisliúntas

Leanann Comhairle Contae an Chláir ag ullmhú agus ag bainistiú na gcóras iontrála agus stórála sonraí maidir le Pá agus Aoisliúntas ach cuirtear an próiseas íocaíochtaí iarbhír ar fáil trí MyPay, ionad na Seirbhísí Párolla Earnála i Laois.

Bhí forbairtí eile ag an leibhéal náisiúnta ann i dtaca le scor/aoisliúntas le linn na bliana 2019 - d'eagraigh an Rannóg AD 4 chaint do bhaill foirne le linn na bliana agus tá roinnt cainteanna eile beartaithe do 2020. Leanann an fhoireann AD de chaidreamh a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara amhail MyPay, RTPRÁ agus ár bhfoireann - reatha agus ar scor - lena chinntiú go gcuirtear gach beart i bhfeidhm go héifeachtach agus aird chuí á tabhairt do nádúr pearsanta na gníomhaíochta sin.

## Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

Is fóram dearfach é an Coiste Comhpháirtíochta don phlé idir an lucht bainistíochta agus an fhoireann lasmuigh den réimse caidrimh thionsclaíoch. Tá dhá chomhchathaoirleach nua ann in 2020 - Carmel Kirby, Stiúrthóir Seirbhíse (ionadaí na bainistíochta) agus Cora Gunter (ionadaí foirne/FORSA).

Lean an Coiste Comhpháirtíochta áitiúil de thionscnaimh a aithint agus rannpháirtíocht na foirne a chur chun cinn in 2019, agus leagadh béim láidir ar chur chun cinn an chláir um Scagadh Sláinte a bhí ar fáil don fhoireann ar fad.

working together
ag obair le chéile
Local Authority National Partnership Advisory Group

## Limistéir Ceantair Bhardasaigh

Buaileann comhaltaí le chéile ag leibhéal an limistéir le linn na bliana chun plé a dhéanamh ar ábhair a bhaineann go sonrach lena toghlimistéar áirithe. Tá oifigeach sinsearach sannta do gach coiste ceantair bhardasaigh chun feidhmeanna a chomhordú agus chun cabhrú leis na comhaltaí ina bplé. Freastalaíonn Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin agus ball den fhoireann riaracháin sa cheantar ar na cruinnithe. Is iondúil go mbíonn an preas i láthair ag na cruinnithe sin agus liostaítear miontuairiscí gach cruinnithe réimse ar an gclár oibre ag cruinniú na Comhairle ina dhiaidh sin chun go dtabharfar faoi deara iad.

## Toghcháin Áitiúla 2019

Tá 28 comhalta tofa ar Chomhairle Contae an Chláir a dhéanann ionadaíocht ar 5 Thoghlimistéar agus 4 Cheantar Bhardasacha. Bhí toghcháin áitiúla ar siúl ar an 24 Bealtaine 2019 chun 28 suíochán i gComhairle Contae an Chláir a líonadh. B'ionann agus 93,185 líon iomlán na dtoghthóirí agus chaith 51,253 toghthóir vóta.

### Toghlimistéir Áitiúla




## Ceantair Bhardasacha

**Tá 4 Cheantar Bhardasacha sa Chlár mar seo a leanas:**
**CB Inse** - Toghlimistéar Áitiúil Inse
**CB Chill Dalua** - Toghlimistéar Áitiúil Chill Dalua
**CB na Sionainne** - Toghlimistéar Áitiúil na Sionainne
**CB Iarthar an Chláir** - Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois agus Inis Díomáin

## Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha seo seirbhís tacaíochta ar fáil do na Comhaltaí Tofa agus do lucht bainistíochta na Comhairle agus cuireann sí roinnt feidhmeanna go díreach ar fáil don phobal.

### Cruinnithe Chomhairle Contae an Chláir

Déanann Comhairle Contae an Chláir cuid mhaith dá gnó ag cruinnithe na Comhairle iomláine. Rialaítear na cruinnithe sin le dlí.

| Le linn 2019, chuir Comhairle Contae an Chláir na cineálacha cruinnithe seo a leanas ar siúl | |
|---|---|
| Cruinniú Ginearálta Bliantúil | 1 |
| Gnáthchruinnithe | 11 |
| Cruinnithe Míosúla ar Athló | 5 |
| Cruinnithe Buiséid | 1 |
| Cruinniú Speisialta | 4 |

Déanann Cathaoirleach (Méara) na Comhairle cathaoirleacht ar chruinnithe na Comhairle iomláine. Sa chás go bhfuil an Cathaoirleach as láthair, is iad an Leas-Chathaoirleach a dhéanann cathaoirleacht ar an gcruinniú. Tá ceart reachtúil ag an bpobal agus ag na meáin freastal ar chruinnithe na Comhairle. Tionóltar cruinnithe na Comhairle ar an dara Luan de gach mí, ach amháin i mí Lúnasa, i Seomra na Comhairle, Áras Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir.

Bíonn an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar siúl i Meitheamh gach bliain agus toghadh an Comhairleoir Cathal Crowe, a dhéanann ionadaíocht ar Cheantar Bardasach na Sionainne, ina Chathaoirleach i Meitheamh 2019 don chéad bhliain eile. Toghadh an Comhairleoir Clare Colleran Molloy, a dhéanann ionadaíocht ar Cheantar Bardasach Inse, ina Leas-Chathaoirleach ag an gcruinniú céanna.

### Plean Corparáideach 2019-2024

Glacadh leis an bPlean Corparáideach 2019-2024 an 14 Nollaig 2019. Beidh Comhairle Contae an Chláir ina rialtas áitiúil proifisiúnta, freagrúil agus solúbtha a bheidh i gceannas ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch, fhisiciúil agus thuaithe ár gcontae, agus beidh pobail inbhuanaithe ag croílár na Comhairle.

## Cuspóirí Straitéiseacha 2019-2024

Feidhmíonn Comhairle Contae an Chláir faoi chúig stiúrthóireacht, is iad sin an Stiúrthóireacht Shóisialta, an Stiúrthóireacht Fhisiciúil, an Stiúrthóireacht Thuaithe agus Turasóireachta, an Stiúrthóireacht Eacnamaíoch agus an Stiúrthóireacht Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta. D'aontaigh na stiúrthóireachtaí cuspóirí straitéiseacha agus straitéisí tacaíochta, mar a leagtar amach thíos:

### An Stiúrthóireacht Eacnamaíoch

Éascaíocht a dhéanamh ar thimpeallacht eacnamaíoch réamhghníomhach ina lonnaíonn agus ina bhfásann gnólachtaí agus ina gcruthaítear fostaíocht inbhuanaithe chun tacú lenár bpobail, agus ar an mbealach sin feabhas a chur ar luach eacnamaíoch Chontae an Chláir.

### An Stiúrthóireacht Shóisialta

Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha atá ag muintir Chontae an Chláir trí thacaíochtaí tithíochta cuí a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn tacaíochtaí uathu agus trí rochtain ar fhaisnéis, foghlaim, na healaíona, agus deiseanna cultúir agus fóillíochta a chumasú agus a chothú.

### An Stiúrthóireacht Thuaithe agus Turasóireachta

Próiseas rannpháirtíochta i straitéis forbartha tuaithe a chur ar bun chun príomhthionscadail a sholáthar a chuirfidh feabhas ar chaighdeán na beatha agus ar fholláine shóisialta agus eacnamaíoch mhuintir Chontae an Chláir.

### An Stiúrthóireacht Fhisiciúil

Bonneagar ríthábhachtach a sholáthar, a chothabháil agus a chosaint chun éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta, fhisiciúil agus thuaithe Chontae an Chláir ar bhealach a chuireann inbhuanaitheacht, inrochtaineacht, nascacht agus meas ar an gcomhshaol chun cinn.

### Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta

Infreastruchtúr acmhainní daonna, airgeadais agus corparáideach a chur ar fáil chun tacú le cumas na Comhairle agus chun cumas na Comhairle a fhorbairt le seirbhísí a sholáthar dá custaiméirí trí chumhacht a thabhairt dár bhfoireann agus trí iad a chumasú rudaí a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo.

### An Coiste Iniúchta

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Neamhspleách i dtaca le comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le tuairisciú airgeadais, próisis, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus ábhair iniúchta, mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais na Comhairle. Tacaíonn sé le hobair na Rannóige Iniúchta Inmheánaigh agus tugann sé comhairle don Phríomhfheidhmeannach maidir le feidhmiú agus forbairt na rannóige.

Is coiste neamhfheidhmiúcháin é agus tá sé neamhspleách maidir le socrú a chláir oibre agus aon mholtaí a chur le chéile, ag féachaint do na feidhmeanna thuasluaite.

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil in 2019, cuireadh coiste nua le chéile. Beidh an coiste nua ann ar feadh thréimhse iomlán na Comhairle ó 2019 - 2024. Tá cúig chomhalta ag an gcoiste, trí chomhalta sheachtracha agus dhá Chomhalta Tofa, mar seo a leanas

**Austin Slattery, Cuntasóir Cairte**
**Cáilithe (Cathaoirleach) Rose Hally**
**Jimmy Browne**
**Clr Gabriel Keating**
**Clr Pat Hayes**



***Ar an iomlán chruinnigh an coiste le chéile 5 huaire in 2019. Cuireann an coiste tuarascáil bhliantúil le chéile gach bliain agus cuireann sé faoi bhráid na Comhairle í.***

# Fáiltithe Cathartha/Méara 2019

D'fhaomh an Chomhairle roinnt Fáiltithe Cathartha/Méara agus cuireadh ar siúl iad le linn na bliana. Cuireadh Fáiltiú Cathartha/Méara ar siúl chun aitheantas a thabhairt do ghaiscí na ndaoine seo a leanas:-

## Fáiltiú Méara, 31 Eanáir 2019



**Laura Brennan R.I.P** *-mar aitheantas dá hobair mar thacadóir agus ambasadóir don Chlár Vacsaínithe HPV agus as a cuid neamhleithleachais agus díograis maidir leis an scéal a scaipeadh faoi na tairbhí a bhaineann leis an vacsaín.*



**Mary Fitzgerald** *- aitheantas a thabhairt di as an obair dhíograiseach a rinne sí feadh a saoil chun tacú le híospartaigh foréigin baile agus a dteaghlaigh, agus chun comóradh a dhéanamh uirthi as na gradaim ar bronnadh uirthi, an Gradam Christine Buckley do Shaorálaithe agus an Gradam Saoil The Wheel do Laoch an Phobail 2018.*



**Kay Murphy** *- mar aitheantas di as a tiomantas agus an tréimhse a chaith sí ina hUachtarán ar Scor Gníomhach Éireann.*



**Inis - Baile Fiontraíochta** *- aitheantas a thabhairt d'Inis as an ngradam ar bronnadh air, Buaiteoir Réigiúnach - Baile Fiontraíochta Bhanc na hÉireann 2018*



**An tSionainn - Baile Fiontraíochta** *- aitheantas a thabhairt don tSionainn tar éis don bhaile an dara háit a fháil sna Gradaim Baile Fiontraíochta de chuid Bhanc na hÉireann.*



**An tSionainn - Comharsanacht Uirbeach Is Fearr 2018** *- mar aitheantas don tSionainn tar éis don bhaile an Gradam Mórtas Áite IPB a bhuachan sa chatagóir An Chomharsanachta Uirbeach Is Fearr 2018.*

## Imeacht Cathartha, 8 Aibreán 2019





***Rinne Comhairle Contae an Chláir ceiliúradh ar chomóradh 120 bliain an chéad chruinnithe de Chomhairle Contae an Chláir in Aibreán 1899, cruinniú a tharla i ndiaidh achtú an Achta Rialtais Áitiúil (Éire), 1898, ag cruinniú na Comhairle in Aibreán 2019.***

## Fáiltiú Cathartha, 13 Bealtaine 2019







**Emma Barrett** ***- aitheantas a thabhairt di tar éis di Bonn Óir a bhuachan ag na Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Abú Daibí. Bhí sí ina ball d'fhoireann rása sealaíochta saorstíle 25m na hÉireann.***

**Noel McNamara** ***-mar aitheantas dá scileanna cóitseála tar éis dó a bheith i gceannas ar fhoireann rugbaí F-20 na hÉireann nuair a bhuaigh siad an chéad Chaithréim Mhór a bhí acu le dhá bhliain déag.***

**Jean Moloney & Mairead Moroney** ***- mar aitheantas dóibh tar éis dóibh an Bonn Airgid a bhuachan sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Abú Daibí. Bhí siad ina mball d'fhoireann gailf na hÉireann.***

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Deimhníonn Comhairle Contae an Chláir nach bhfuarthas aon Nochtadh Cosanta in 2019. Dá bharr sin níor ghá do Chomhairle Contae an Chláir aon ghníomh a dhéanamh maidir le Nochtadh Cosanta.

### Athbhreithniú Gnó 2019

Forbraíodh feidhmchlár taobh istigh den Chomhaire chun tacú le Comhairleoirí uiríll a rinneadh thar na rannóga éagsúla den Chomhairle a logáil agus a rianú. Anuas air an bhfeidhmchlár a shuiteáil ar fhóin chliste na gComhairleoirí, tugadh táibléad de chuid na Comhairle do gach Comhairleoir chun go mbeadh rochtain acu ar an bhfeidhmchlár. Is é príomhchuspóir an fheidhmchláir éascaíocht a dhéanamh ar Chomhairleoirí ar mian leo stádas na n-uiríoll a logáil agus a rianú 24/7.

Earcaíodh dhá ghníomhaire nua seirbhíse custaiméara/slándála. Tháinig siad in áit an chuideachta slándála G4 agus déanann éascaíocht ar eispéireas seirbhíse custaiméara níos dírithe. I Márta, thug an Chomhairle cuireadh do dhaoine den phobal páirt a ghlacadh i suirbhé maidir le sásamh custaiméirí mar chuid d'athbhreithniú leanúnach na Comhairle ar sheirbhísí. Scaipeadh an suirbhé ar roinnt cainéal ar líne agus seoladh amach i gcóip chrua é freisin. Bhí na leibhéil sásaimh maidir leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil go maith, ar an iomlán. Tugadh faoi athbhreithniú ar dhoiciméid a bhaineann le seirbhís custaiméara chun go mbeidís i gcomhréir le reachtaíocht GDPR agus chun soiléire a fháil maidir le cad a mbeadh úsáideoir seirbhíse ag súil leis agus é/í i mbun gnó leis an gComhairle.

D'oibrigh Athbhreithniú Gnó le foireann tionscadail na catalóige náisiúnta seirbhíse rialtais áitiúil chun 650 seirbhís phoiblí sna Rannóga Tithíochta, Comhshaoil, Pleanála, Bóithre agus Iompair, Forbartha Eacnamaíochta, Forbartha Turasóireachta agus Fiontair Áitiúil a chur i gcatalóg.

Tugadh faoi anailís ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil ag leibhéal na gCeantar Bardasach, chomh maith leis an struchtúr atá ann chun é sin a dhéanamh. Mar chuid den athbhreithniú seo, rinneadh meastóireacht ar struchtúir rathúla i gCeantair Bhardasacha eile in Údaráis Áitiúla. Rinne Athbhreithniú Gnó aighneachtaí tionscadail ar ghradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann agus Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚA) a chomhordú. Cuireadh 3 cinn ar an ngearrliosta do ghradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann agus 15 cinn ar an ngearrliosta do ghradaim CCÚA. Lean an fhoireann de theagmháil a dhéanamh le fostaithe maidir le tionscnaimh éagsúla tríd an líonra idirchaidrimh foirne.

Tá sé beartaithe ag Athbhreithniú Gnó ionad bainistíochta conarthaí lárnacha a chur i bhfeidhm sa Chomhairle ag a mbeidh infreastruchtúr tacaíochta CRM. Tugadh faoi athbhreithniú ar an ailtireacht CRM atá ann faoi láthair, chomh maith le hobair imscrúdaithe maidir leis na himpleachtaí GDPR a bheadh ag córas láraithe. Leanann an fhoireann de theagmháil a dhéanamh le soláthraithe seachtracha agus comhairlí eile lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm réiteach atá seasmhach i leith na todhchaí.

### Oifig an Ombudsman

Bunaíodh an oifig seo faoin Acht Ombudsman, 1980. Is é an ról atá aige imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhartha riaracháin, moilleanna nó neamhghníomhartha, a dhéanann dochar do dhaoine nó do chomhlachtaí agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit lena n-áirítear Údaráis Áitiúla

Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 23 gearán ó chustaiméirí in 2019. Chuir Comhairle Contae an Chláir tuarascálacha ar gach gearán ar fáil d'Oifig an Ombudsman.

## An tOmbudsman do Leanaí

***In 2019, ní dhearnadh aon ghearán leis an Ombudsman do Leanaí.***

## Comhordaitheoir Cúraim Custaiméirí

Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméirí go léir agus tá beartas maidir le gearáin/nótaí tráchta i bhfeidhm aici. Déanann Comhordaitheoir Cúram Custaiméirí na Comhairle imscrúdú ar na gearáin/tuairimí go léir a fhaightear. Is féidir le duine nach bhfuil sásta leis an bhfreagra a thugann an Comhordaitheoir Cúraim Custaiméirí a iarraidh go ndéanfadh an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú ar a gcás arís. In 2019, thug an Comhordaitheoir Cúraim Custaiméirí freagra ar 11 ghearán a fuarthas agus déileáladh le 3 díobh faoi achomharc, chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.

## Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí


Lean Comhairle Contae an Chláir dul chun cinn a dhéanamh le linn 2019 chun feabhas breise a chur ar na modhanna trína ndéanann sí cumarsáid le foireann, le comhaltaí tofa agus le custaiméirí. Lean an Chomhairle de bhéim a leagan ar na meáin shóisialta agus is ionann agus thart ar 18,000 anois líon na leantóirí le chéile.

D'eisigh an oifig Cumarsáide preaseisiúintí agus grianghraif a chuir raon iomlán na seirbhísí a chuir Comhairle Contae an Chláir ar fáil chun cinn, rud a d'fhág go raibh clúdach fairsing áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ann. Is é príomhaidhm Chomhairle Contae an Chláir agus í ag cur faisnéis amach le linn Chraobhchomórtas Oscailte na hÉireann ná gníomhaíochtaí, tionscnaimh agus obair Chomhairle Contae an Chláir ó thaobh an imeachta sin a sheachadadh a chur chun cinn.

Chuir sainchúram cumarsáide Chomhairle Contae an Chláir le linn Chraobhchomórtas Oscailte na hÉireann le hobair Thuras na hEorpa, Club Gailf an Leachta, Dubai Duty Free agus de chuid an Gharda Síochána.




D'oibrigh Comhairle Contae an Chláir i gcomhpháirtíocht an nuachtáin an Clare Champion chun craoladh beo ar líne a chur ar fáil ón Ionad Comhairimh ag Treacy's West County Hotel do **Chomhaireamh an Toghcháin Áitiúil 2019**. Ba é aidhm an tionscnaimh feasacht agus meas an phobail ar Rialtas Áitiúil agus a gComhaltaí Tofa a mhéadú. Craoladh go beo ar líne ar www.clarecoco.ie, www.clarechampion.ie agus ar YouTube.



Chuir foireann na Seirbhíse Deartha Grafaicí & Priontála feabhas breise ar chaighdeán na cumarsáide inmheánaí agus seachtraí a rinne Comhairle Contae an Chláir ach ábhair dearaidh agus phriontála ar ardchaighdeán a tháirgeadh. I measc na samplaí bhí - **Tuarascáil Bhliantúil, Plean Corparáideach, Pleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta, Tuarascáil Aoisbhá, Tuarascáil Bhliantúil CFPÁ.**

Chuaigh Oifigeach Gaeilge nuacheaptha leis an bhfoireann Cumarsáide in 2019. Oibríonn an tOifigeach Gaeilge le gach rannóg le tacú leo reachtaíocht agus cur chun cinn na Gaeilge a chomhlíonadh i ngach gné den soláthar seirbhíse.



## Bainistíocht Taifead

Chuir ár nAonad Bainistíochta Taifead lear mór taifead i gcartlann, taifid is gá a choinneáil faoin mBeartas Coinneála Náisiúnta le haghaidh Taifid Údaráis Áitiúla. Ina theannta sin, diúscraíodh taifid de réir an bheartais thuas. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an chórais nua bainistíochta taifead "ADLIB".

Leanann an chartlann dhigiteach fhótagrafach ar aghaidh agus tá nithe breise á gcur leis an mbailiúchán grianghrafadóireachta ar bhonn leanúnach lena áirithiú go gcaomhnófar iad.

Tá gach Ordú Príomhfheidhmeannaigh, leabhar miontuairiscí na Comhairle Contae agus clár na dtoghthóirí bailithe, ceangailte agus curtha i gcartlann ina dhiaidh sin, rud a chinntíonn go gcaomhnaítear taifid ríthábhachtacha go buan agus go slán.

## Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

### Saoráil Faisnéise (FOI)

In 2019, rinneadh 165 iarraidh saorála faisnéise, 15 athbhreithniú inmheánach agus 3 achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

| | |
|---|---|
| Mar seo a leanas torthaí na n-iarrataí bailí a fuarthas in 2019:- | Ceadaithe - 54<br>Ceadaithe i bpáirt - 42<br>Diúltaithe - 57<br>Aistrithe - 1<br>Tarraingthe siar/taobh amuigh de FOI - 3 |
| Seo a leanas catagóirí na na n-iarrataí:- | Iriseoirí - 53<br>Grúpaí Leasa Gnó - 8<br>Ionadaithe Oireachtais/Poiblí - 4<br>Ball foirne - 2<br>Cliaint/eile - 98 |

### Is é beartas Chomhairle Contae an Chláir:



***"Rochtain a thabhairt do dhaoine den phobal ar fhaisnéis atá i seilbh an údaráis seo, a mhéid is féidir, de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus i gcomhréir le leas an phobail agus le ceart an duine aonair chun príobháideachta".***

Tá tuilleadh eolais agus foirm iarratais ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle, www.clarecoco.ie

Seo a leanas achoimre ar struchtúr na dtáillí a bhaineann le hiarrataí Saorála Faisnéise:

**Costais chuardaigh agus aisghabhála** €20 an uair móide costas cóipeála

**Fótachóip in aghaidh bileoige** €0.04
**CD Rom** €10.00

Tá íostairseach €101 ann nach féidir aon táillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála a ghearradh faoina bhun. A luaithe a shroichfidh an muirear €101, beidh feidhm ag táillí iomlána; Tá uasteorainn €500 ar mhéid na dtáillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála is féidir a ghearradh.

Tá uasteorainn bhreise ar tháillí cuardaigh aisghabhála agus cóipeála measta ag €700 agus féadfaidh comhlacht saorála faisnéise diúltú d'iarraidh a phróiseáil os a chionn, ach amháin sa chás go bhfuil an t-iarrthóir sásta an t-iarratas a bheachtú chun na táillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála a thabhairt faoi bhun na teorann.

Leagann an tAcht um Shaoráil Faisnéise amach meicníochtaí achomhairc i gcás go ndiúltófaí d'iarratas, nó i ndáil le rochtain, muirir, foirm rochtana etc. a chur siar. Tá táillí iníoctha freisin i gcásanna áirithe ar achomharc mar a leanas:-
Is é €21 (€10 i gcás sealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe) an táille ar athbhreithniú inmheánach faoi Alt 30.

Is é €50 (€15 i gcás sealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe) an táille as achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise faoi Alt 22.

## Cosaint Sonraí

Próiseálann Comhairle Contae an Chláir gach faisnéis phearsanta de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016 agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

Beidh feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ón 25 Bealtaine 2018. Tá feidhm ghinearálta aige maidir le próiseáil sonraí pearsanta san Aontas Eorpach. Leagtar amach ann oibleagáidí níos forleithne ar rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí, agus cuirtear ar fáil ann cosaintí agus cearta neartaithe do na daoine is ábhar do na sonraí.


Le linn 2019, chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) comhairle, treoir agus tacaíochta ar fáil do rannóga maidir le GDPR, agus cuireadh oiliúint ar fáil do rannóga agus Comhairleoirí chun go bhfaighidh siad tuiscint ar an GDPR agus conas is fearr is féidir a n-oibleagáidí ar leith a chomhlíonadh. Láimhseáil an OCS iarrataí ó ábhair sonraí agus sáraithe sonraí freisin.

Rinneadh 33 iarraidh rochtana ar shonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí maidir le rochtain ar shonraí pearsanta a bhí i seilbh Chomhairle Contae an Chláir sa bhliain 2019.

## Ráiteas Príobháideachais

Ag Comhairle Contae an Chláir táimid tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus aird a thabhairt air.

Cuireann an Ráiteas Príobháideachais in iúl duit conas a thugaimid aire do shonraí pearsanta. Cuireann sé ar an eolas thú freisin faoi na hoibleagáidí atá orainn agus na cearta atá agat faoin dlí cosanta sonraí.
Is féidir teacht ar ráiteas príobháideachais Chomhairle Contae an Chláir ar – www.clarecoco.ie/ privacy-statement




Finance
Airgeadas



# An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil



**CARMEL KIRBY**
**Stiúrthóir Forbartha Fisiciúla**

## Rannóg Bóithre agus Iompair

Tá Bóithre agus Iompar freagrach as an ngréasán bóithre náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú ar fud an Chontae agus tá freagracht orthu freisin as sábháilteacht ar bhóithre, soilsiú poiblí, gearradh fálta, bainistiú páirceála, oibreacha faoisimh tuile, árachas agus draenáil artaireach.

### Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh 2019

Rinne Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasacha 2019 soláthar do chlár oibreacha bóthair ag a raibh ciste iomlán €33.5m. Tugadh an Clár seo chun críche agus tarraingíodh gach leithdháileadh faofa ó BIÉ agus an RITS faoi seach.

**Seo thíos roinnt de na buaicphointí/oibreacha a bhí ar siúl:-**

- **Treisiú/cóiriú dromchla ar níos mó ná 227km den ghréasán bóithre**
- **Leanúint ar aghaidh le clár feabhsaithe feabhsúcháin droichid (20).**
- **Roinnt scéimeanna feabhsúcháin sábháilteachta a chur i gcrích.**
- **Clár sábháilteachta ar bhóithre.**



### Soilsiú Poiblí

Tá Comhairle Contae an Chláir freagrach as os cionn 14,200 solas poiblí a bhainistiú agus a chothabháil sa chontae (seachas iad siúd a bhaineann leis an ngréasán mótarbhealaí). Is é an soilsiú poiblí an chomhpháirt is mó i bhfad d'ídiú fuinnimh a bhaineann le bonneagar an Údaráis Áitiúil. Leanann na costais i dtaca leis sin a mhéadú mar gheall ar chostais níos airde chothabhála a bhaineann le stoc atá ag dul in aois, costais níos airde ídithe fad a ghlactar níos mó eastát príobháideach ar láimh agus muirir mhéadaithe fuinnimh.

Áirítear ar na príomhthosaíochtaí maidir le soilsiú poiblí athrú iomlán go teicneolaíocht LED, sprioc 2020 maidir leis an lorg carbóin a laghdú a bhaint amach agus bonneagar tacaíochta a athsholáthar, nuair is gá. Fógraíodh ag deireadh 2018 gur éirigh leis an Oifig Bainistíochta Bóithre €17.5 milliún a fháil ón gCiste Gníomhaíochta Aeráide don Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh maidir le Soilsiú Poiblí in Údaráis Áitiúla ar fud na tíre. Beidh sé sin mar chuid den mhaoiniú is gá chun an tionscadal a chur i gcrích. Dheimhnigh Comhairle Contae an Chláir a rannpháirtíocht agus shínigh sí le bheith san áireamh i Réigiún 1 den Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh maidir le Soilsiú Poiblí in Údaráis Áitiúla, faoi réir chead na Comhairle. De réir an chláir reatha, táthar ag súil leis go gcuirfear tús leis an tionscadal in 2020 agus go gcuirfí soilsí poiblí LED in áit na soilsí atá ann taobh istigh de thréimhse 2 bhliain.

## Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh-na Sionainne (LSMATS)

Tá Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh-na Sionainne á forbairt faoi láthair faoi láthair ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Clúdóidh an straitéis gach modh iompair ar tír idir 2018 agus 2040. Is cuspóir na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt ná Straitéis Iompair Limistéir Cathrach a fhorbairt do cheantar Luimnigh-na Sionainne ag an ÚNI, BIÉ, Comhairle Contae an Chláir agus na hÚdaráis Áitiúla i Luimneach agus ag na páirtithe leasmhara ábhartha. Tugtar le chéile ann tosaíochtaí agus infheistíocht tacaíocht i ngníomhartha faoi na straitéisí sin. Is é aidhm na straitéise creat fadtéarmach pleanála straitéisí a chur ar fáil le haghaidh bonneagar iompair agus seirbhísí iompair a fhorbairt ar bhealach comhtháite do Limistéar Cathrach Luimnigh/na Sionainne. Reáchtáladh roinnt cruinnithe le sainchomhairleoirí, an ÚNI, BIÉ agus Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Luimnigh. Bhuail an Grúpa Stiúrtha le chéile den chéad uair i Nollaig 2018 agus chuir Comhairle Contae an Chláir le hobair an Ghrúpa le linn 2019. Chuir Comhairle Contae an Chláir sonraí cúlra ar fáil do Shainchomhairleoirí agus an ÚNI, mar shampla liosta na bpáirtithe leasmhara lena rachfar i gcomhairle, sonraí tráchta, agus Plean Gníomhaíochta Torainn an Chláir. Fuarthas nótaí tráchta ón Rannóg Iompair agus an Rannóg Pleanála maidir leis an Tuarascáil ar Bhonnlíne na nDálaí agus an Tuarascáil ar Anailís Éilimh. Tháirg an ÚNI tuarascáil comhairliúcháin roimh ré i Nollaig 2019 agus d'eisigh Comhairle Contae an Chláir é sin dá Comhaltaí Tofa agus do Chomhaltaí an CBS go luath in 2020. Thug Comhairle Contae an Chláir nótaí tráchta do shainchomhairleoirí maidir leis an tuarascáil comhairliúcháin roimh ré go luath in 2020 agus beartaítear go gcuirfí an dréachtstraitéis ar taispeáint phoiblí i Márta 2020.

# Gníomhaíochta Bóthair Eile

## Deontas Pobail le haghaidh Gearradh Fálta

Chuir Comhairle Contae an Chláir leithdháileadh €10,000 ar fáil chun leanúint ar aghaidh leis an Scéim Deontas Pobail le haghaidh Gearradh Fálta in 2019. Ceadaíodh 27 deontas in 2019. Tá an tionscnamh seo ag déanamh éascaíocht ar fheasacht níos airde i measc úinéirí talún ar a bhfreagrachtaí maidir le fálta cois bóthair ar a gcuid talún a bhainistiú.

## Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Rinne leithdháileadh €735,000 faoi Scéim Rannpháirtíochta Pobail in 2019 éascaíocht ar obair a dhéanamh ar 27 bóthar poiblí ar fud an chontae.

## Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Leithdháileadh maoiniú deontais ar fiú €480,720 san iomlán é ar Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh scéimeanna feabhsúcháin áitiúla ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in 2019. Leis an maoiniú deontais sin, rinneadh éascaíocht ar fhaomhadh agus cur i gcrích oibreacha SFÁ ar 12 bhóthar neamhphoiblí in 2019. Cuireadh isteach iarratas eile ar mhaoiniú deontais arbh fhiú €1,037,938 é chuig an Roinn in Aibreán 2019 le hairgead a thabhairt do 22 tionscadal breise, ach níor ceadaíodh an maoiniú sin.

## Fodhlíthe Luasteorainneacha Chomhairle Contae an Chláir 2017

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach (thar thréimhse dhá bhliain) ar luasteorainneacha ar fud Chontae an Chláir, ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, d'fhoilsigh Comhairle Chontae an Chláir Fodhlíthe um Luasteorainneacha le haghaidh Trácht ar Bhóithre a ghlac Comhairle Contae an Chláir ag an gcruinniú a bhí aici i mí Dheireadh Fómhair 2018. Rinneadh dlí de na Fodhlíthe an 1 Meitheamh 2019.

## Bainistíocht Tráchta

Tá an Chomhairle freagrach as trácht a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú ar fud an chontae. Tá fodhlíthe páirceála agus saoráidí pá agus taispeána i bhfeidhm in Inis, i gCill Rois, i gCill Chaoin, i Leacáin agus i nDúlainn. Leanann an Chomhairle d'infheistíocht a dhéanamh i bhfoireann agus in acmhainní chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sa réimse sin.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Lean Comhairle Contae an Chláir uirthi ag obair i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla eile, lena n-áirítear TII, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, FSS agus an Gardai chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn. Lean an Chomhairle le tionscnaimh éagsúla, lenar áiríodh Scéim um Maor Scoile Sóisearach, oiliúint rothaíochta i scoileanna, Seachtain na Sábháilteachta ar Bhóithre, an acmhainn Street-Smart, veisteanna feiceálacha a dháileadh, sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn trí na meáin agus tionscnaimh eile chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.



## Táscairí Feidhmíochta Bóithre

Cé nach bhfuil na táscairí do 2019 tugtha le chéile go fóill, tá na táscairí do 2018 liostaithe anseo thíos do Bhóithre

### R1 % de na bóithre a fuair rátáil coinníll PSCI

| Cur Síos | % |
|---|---|
| % de km na mbóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI sa 24 mí roimh 31/12/2018 | 100% |
| % de km na bPríomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa 24 mí roimh 31/12/2018 | 88% |
| % de km na mBóithre den Dara Grád a fuair rátáil PSCI sa 24 mí roimh 31/12/2018 | 70% |
| % de km na mBóithre den Tríú Grád a fuair rátáil PSCI sa 24 mí roimh 31/12/2018 | 84% |

### R1 B % de na bóithre a bhfuil rátáil coinníll PSCI acu

| Cineál Bóthair | Rátáil 1-4 | Rátáil 5-6 | Rátáil 7-8 | Rátáil 9-10 |
|---|---|---|---|---|
| Bóthar Réigiúnach | 7% | 29% | 31% | 34% |
| Príomhbhóthar Áitiúil | 3% | 20% | 52% | 16% |
| Bóthar Áitiúil den Dara Grád | 6% | 28% | 43% | 14% |
| Bóthar Áitiúil den Tríú Grád | 28% | 22% | 22% | 12% |

### R2 Oibreacha Bóthair Réigiúnaigh

| | |
|---|---|
| Km de bhóithre Réigiúnacha a neartaíodh le linn 2018 | 13.6km |
| Méid a caitheadh ar bhóithre Réigiúnacha a neartú le linn 2018 | € 1,784,375 |
| Km de bhóithre Réigiúnacha a athshéalaíodh le linn 2018 | 17.7km |
| Méad a caitheadh ar bhóithre Réigiúnacha a athshéalú le linn 2018 | € 465,089 |

### R2 Oibreacha Bóthair Áitiúil

| | |
|---|---|
| Km de bhóithre Áitiúla a neartaíodh le linn 2018 | 93.1km |
| Méid a caitheadh ar bhóithre Áitiúla a neartú le linn 2018 | € 6,022,451 |
| Km de bhóithre Áitiúla a athshéalaíodh le linn 2018 | 123.1km |
| Méad a caitheadh ar bhóithre Áitiúla a athshéalú le linn 2018 | € 2,001,891 |

## CBS maidir le Forbairt Fhisiciúil

Thionóil an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Comhshaol agus Iompar trí chruinniú in 2019. Bhí 12 chomhalta ar an gCoiste, 7 gComhalta Tofa agus ionadaí ó gach ceann de na hearnálacha seo a leanas ina measc:-

- **Talmhaíocht/Feirmeoireacht**
- **Comhshaol/Caomhnú**
- **Forbairt/Tógáil**
- **Pobal/Deonach**
- **Cuimsiú Sóisialta**

Sular cuireadh ar bun an CBS nua i ndiaidh na dToghchán Áitiúil, ba é an Comhairleoir Joe Cooney an Cathaoirleach. Tháinig an Comhairleoir John Crowe ina áit.

### *I measc na saincheisteanna a phlé an CBS in 2019 bhí na cinn seo a leanas:*

- Dréachtstraitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE)
- Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide
- Póstaeir Thoghcháin
- An t-eolas is déanaí maidir le hUasghrádú Stáisiún Dóiteáin
- Torthaí Eatramhacha na Tuarascála Bainistíochta Trá
- An t-eolas is déanaí maidir le Feachtas Freagrachtaí Úinéirí Madra
- An t-eolas is déanaí maidir le Plean Bainistíochta Bruscair 2019-2021
- Imeacht Náisiúnta Sábháilteachta ar Bhóithre, Glór, 20 Bealtaine 2019, an t-eolas is déanaí
- Bithéagsúlacht
- Plean Corparáideach
- Oiliúint CBS

## Oifig Bainistíochta Tionscadail

Tá an t-eolas is déanaí maidir le roinnt de na príomhthionscadail a bhí á ndéanamh le linn 2019 thíos.

**Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile (PBRTanna)**
Leanadh ar aghaidh dul chun cinn a dhéanamh ar na 5 scéim sa Chlár, is iad sin an tSionainn, Cill Chaoin, Páirc an Tobair, Bun Raite agus Cill Rois. Tá Foirne Tionscadail ar a bhfuil baill ón gComhairle, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Sainchomhairleoirí ag obair i gCill Chaoin agus Páirc an Tobair. Ceapfar an Fhoireann Tionscadal don tSionainn go luath i Márta 2020 tar éis comórtas tairisceana i Nollaig 2019. Mar chuid de Thráinse 1 den Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMs), leithdháileadh maoiniú ar an 5 scéim sa Chlár. Mar gheall ar an maoiniú sin, beifear ábatla oibreacha faoisimh tuile suntasacha a dhéanamh, ag an gcéim dearaidh mionsonraithe ar dtús agus ag céim na tógála ina dhiaidh sin. Anuas ar an méid thuas, le faomhadh ón Roinn, cuireadh le scéim CFRAM na Sionainne le hoibreacha breise suntasacha ar na claífoirt dobharcheantair a chur san áireamh. Is é teideal nua an tionscadail Scéim Faoisimh Tuile Bhaile agus Purláin na Sionainne.

Ag an am céanna, leanadh ar aghaidh obair a dhéanamh ar scéimeanna cósta, calafoirt agus mionoibreacha ar fud an Chontae i roinnt áiteanna a bhfuil an Chomhairle sa tóir ar réitigh indéanta le riosca tuile a íoslaghdú. I measc na n-áiteanna atá i gceist tá Sráid na Cathrach, Baile Uí Bheacháin, Mothar Tí Cloch, Cill Bheathach, An Coillteach, Rinn na Spáinneach, An Trá Bán, Lough Donnell, Droichead an Chláir, Cuinche agus Lios Ceannúir.

**Foirgneamh Seirbhísí Cuairteora ag Cé Dhúlainn**
Tar éis maoiniú Catagóir 2 a leithdháileadh faoin Scéim Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe, tá an scéim seo á cur ar aghaidh chuig an gcéim Miondearaidh agus Pleanála. Nuair a bheidh sé críochnaithe, faoi réir pleanála, cuirfidh sé Foirgneamh Seirbhísí Cuairteora den chineál is úire ar fáil, chomh maith le páirceáil fheabhsaithe agus bainistíocht tráchta níos fearr ag Cé Dhúlainn.

**Scéim Faoisimh Tuile Inse Theas** Tar éis faomhadh a fháil ó Oifig na nOibreacha Poiblí, síníodh conarthaí le Ward & Burke Contractors níos luaithe sa bhliain agus cuireadh tús le hobair ar an láthair in Aibreán 2019. Tá 3 phríomhghné den tionscadal, is iad sin oibreacha lintéir ón mBaile Beag go dtí an abhainn An Forghas, oibreacha lintéir ó Choláiste Fhlannáin Naofa go dtí An Forghas agus oibreacha claífoirt feadh an Fhorghais idir Droichead Bhóthar Chuinche agus Mainistir an Chláir. In ainneoin bhail na talún, an tochailt dhomhain a rinneadh agus na carraigeacha a bhí ann, rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2019. Maireann an conradh 27 mí agus táthar ag súil go gcuirfear oibreacha i gcrích go déanach in 2021.

**Bóthar Faoisimh Laistigh Inis Díomáin agus Trasrian Droichid (Coirnéal an Bhlácaigh)**
Rinne an Grúpa Stiúrtha dul chun cinn breise in 2019, grúpa a bhfuil Comhairle Contae an Chláir faoina stiúir agus a bhfuil ionadaíocht ag BIÉ, Oifig Deartha Réigiúnach an Mheán-Iarthair agus ár Sainchomhairleoirí Roughan O'Donovan air. Sroicheadh cloch mhíle shuntasach i Nollaig nuair a cheadaigh BIÉ an buiséad iomlán don scéim. Dá bharr sin, bhíothas ábalta an mheastóireacht ar thionscadal a chur i gcrích agus a chur faoi bhráid BIÉ lena breithniú agus lena hathbhreithniú. Ina dhiaidh sin, beimid ábalta an doiciméadú le haghaidh ordú ceannaigh éigeantaigh (OCÉ) a ullmhú lena fhoilsiú chomh luath agus is féidir agus a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála.

**Droichead agus Seachbhóthar Chill Dalua**
Leanadh ar aghaidh leis an obair le linn na bliana maidir leis na ceannaigh talún riachtanacha agus na hoibreacha éagsúla teicniúla agus cumasúcháin eile chun na doiciméid mhionsonraithe dearaidh agus chonartha a chur i gcrích. Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana i Nollaig 2019 nuair a foilsíodh an fógra faisnéise ar e-tenders agus táthar ag súil leis go lorgóimid tairiscintí go luath i Samhradh 2020 agus go mbronnfar an conradh go déanach in 2020, faoi réir cead rannóige.

**Oibreacha Cosanta Cósta an Leachta** Tar éis an conradh a bhronnadh ar Keating Construction go luath in 2019, cuireadh tús le hobair ar an láthair i bhFeabhra agus tugadh chun críche an obair faoi dheireadh Mheitheamh 2019. Chuir an aimsir féachaint ar na hoibreacha roinnt uaireanta uaidh sin agus d'éirigh go maith leo. Tabharfar faoi shuirbhé deiridh air sin sula dtagann tréimhse na lochtanna chun deiridh i Samhradh 2020.

**An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF)**
Cuireadh dearadh an bhóthair ceangail idir an Timpeallán N85 ag an gCláirín agus an tAcomhal idir Bóthar an Laoi agus Bóthar Drumcliff i gcrích go déanach in 2019. Tá an fhaisnéis bhreise tacaíochta atá ag teastáil le haghaidh cead pleanála á cruinniú agus beifear ábalta iarratas Cuid VIII a chur isteach go luath i Márta 2020. Maidir leis an ngné thithíochta den togra, leanann an Chomhairle de scrúdú a dhéanamh ar gach rogha d'fhonn 200 aonad tithíochta a sholáthar sna ceantair.

**Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh (Céim 2)**
Cuireadh isteach an plean measúnaithe tionscadail, ina raibh cur síos ar an tionscadal, cás gnó, samhlú tráchta agus anailís costais is tairbhe, chuig an Roinn Iompair níos luaithe i mbliana lena athbhreithniú ag a Rannán Taighde agus Anailíse Straitéisí (RTAS). Ós rud é go mbeartaítear Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh a cheangal le hAcomhal 28 de Mhótarbhealach M7, táthar i gcomhairle le BIÉ anois chomh maith. I Samhain, d'iarr siad orainn comhairimh bhreise tráchta agus samhaltú a chur i gcrích agus tá an obair sin ar siúl faoi láthair. Tar éis chead deiridh an mheasúnaithe tionscadail, beimid in ann dul chun cinn a dhéanamh maidir le réamhdhearadh, an tuarascáil measúnachta tionchair timpeallachta agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh trí na próisis reachtúla atá ag teastáil.

**N19 Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne**
Sroicheadh cloch mhíle shuntasach sa tionscadal seo go luath in 2019 nuair a d'fhaomh BIÉ ceapachán sainchomhairleoirí. Tar éis na doiciméid tairisceana a dhréachtú, ritheamar comórtas go déanach sa samhradh. Sa chomórtas sin, ceapadh Fehily Timoney & Assocs chomh maith le Clandillon Civil Consulting faoi chomhfhiontar mar Shainchomhairleoirí don scéim i nDeireadh Fómhair 2019. Bhailigh an fhoireann tionscadail na sonraí ábhartha agus tá measúnú á dhéanamh acu ar na roghanna atá ar fáil faoi láthair. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, cuirfidh an Tionscadal scéim feabhsúcháin bóthair ardchaighdeáin ar fáil ar an N19 Príomhbhóthar Náisiúnta idir Timpeallán Dhrom Gaibhle agus Timpeallán Rinn an Chnoic Bheithigh (achar thart ar 2.2km) ar an mbealach isteach chuig an aerfort. Cuirfidh an bóthar go mór leis an mbonneagar a dhéanann éascaíocht ar Aerfort na Sionainne, earnáil na tionsclaíochta sa réigiún agus pobal na Sionainne i gcoitinne.

**N85 Scéim Athailínithe Chill na Móna**

Mar thoradh ar an obair suirbhéireachta a rinneadh níos luaithe i mbliana, sainaithníodh neamhchothroime suntasach gearrtha is líonta. Dá bharr sin, ní raibh an réamhdhearadh bunaidh feidhmiúil. Tar éis é sin a phlé le BIÉ, comhaontaíodh go gcuirfí athrú ar an scóip san áireamh agus achar na n-oibreacha a mhéadú ó 3km go dtí stráice 4.5km. Tá sé riachtanach anois Comhairleoirí Teicniúla nua a cheapadh agus tá obair á déanamh faoi láthair chun iad a fháil.

**Glasbhealach Iarnród Iarthar an Chláir**

Tá Comhairle Contae an Chláir ag an réamhchéim maidir le Glasbhealach ilmhódach den chéad scoth a bheidh inbhuanaithe agus go hiomlán inrochtana a sholáthar. Ceanglóidh an Glasbhealach pobail agus cinn scríbe eile agus ginfidh sé tairbhe mhór don phobal agus toradh eacnamaíochta ar infheistíocht.

Rachaidh an Tionscadal Glasbhealaigh Ilmhódaigh Iarnród Iarthar an Chláir chun tairbhe na gceantar uirbeach agus tuaithe i gContae an Chláir trí Inis, an baile is mó is bríomhaire atá sa Chlár, a cheangal le ceantair tuaithe cosúil le Cora Finne, Inis Díomáin, An Leacht, Sráid na Cathrach, Coillteach, An Dún Beag, Maigh Sheasta, Cill Rois agus Cill Chaoin.

Leanfaidh slí an Ghlasbhealaigh achar iomlán na líne iarnróid leithid amháin a bhí ann in Iarthar an Chláir, líne a chlúdaíonn achar thart ar 85km. Tá an t-achar 20km idir Cill Rois agus Cill Chaoin, mar a léirítear i Léaráid 1.1 thíos, ag teacht chun cinn mar chéim tosaigh an tionscadail is dealraithí a dhéanfar mar gheall ar thacaíocht an phobail atá ann don tionscadal, chomh maith leis an aiseolas deimhneach ó phléite tosaigh le húinéirí talún. Ach áirítear lenár bplean soláthar stráicí tosaíochta eile cosúil le hInis go dtí Inis Díomáin ar féidir obair a dhéanamh orthu ag an am céanna, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil agus cead a fháil go pras.



*An tAire Boxer Moran ag iompú an fhód do Scéim Faoisimh Tuile Inse Theas: Aibreán 2019*



*Montáis grianghraf den Droichead nua ag Cill Dalua*




*1.1 Slí Tháscach do Ghlasbhealach Iarnród Iarthar an Chláir*



*Síniú an chonartha do N19 Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne: Deireadh Fómhair 2019*

## Oibreacha bóthair

Cuireadh i gcrích athdhromchlú an bhóthair rochtana ag ionad Bhóthar an Laoi i gcrích i bhFeabhra.

### Acomhal Bhóthar Uí Chearmada / Bhóthar Chill Rois

Tar éis do Bhord Soláthair an Leictreachais oibreacha a chur i gcrích ag an Acomhal idir Bóthar Uí Chearmada agus Bóthar Chill Rois, thug Ceantar Bardasach Inse faoi oibreacha feabhsúcháin pleanáilte ag an suíomh seo.

### Cosáin ar Shráid na Mainistreach agus Sráid Uí Chonaill

Cuireadh oibreacha i gcrích chun na cosáin aolchloiche ar Shráid na Mainistreach agus Sráid Uí Chonaill a athnuachan. Ós rud é gurb iad dhá cheann de na príomhbhealaigh sa bhaile, siúlann go leor daoine ann agus creimeadh an bhailchríoch bhunaidh a bhí ar an gcosán aolchloiche. Mar sin, bíonn siad sleamhain nuair atá siad fliuch. Mar gheall ar roisghlanadh speisialaithe folúis, bhí coisithe agus gnóthaí ábalta dul i mbun a gcuid gníomhaíochta mar is gnách. Tar éis na n-oibreacha, bhí sonraíocht na friotaíochta in aghaidh sciorradh os cionn caighdeáin na Breataine.

### Oibreacha dromchlaithe Church Drive

Cuireadh dromchla nua ar bhealaigh lána poiblí taobh thiar de Church Drive i nDroichead an Chláir faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail i mBealtaine 2019.

### Reilig Dhrom Cléibh

Chuir Ceantar Bardasach Inse dromchla nua thart ar 1500Msq de chosán nua isteach i reilig Dhrom Cléibh, agus críochnaíodh 10 bpíosa. Thug an Stiúrthóireacht Thuaithe maoiniú do na hoibreacha agus cuireann sé inrochtaineacht níos fearr ar fáil do na cuairteoirí ar fad ar an reilig.



## Dámhachtainí Cheantar Bardasach Inse

### Bratach Chorcra

Choinnigh Inis a stádas brataí corcra in 2019. Is próiseas creidiúnaithe é caighdeán an bhrait chorcra, a seoladh in 2012, atá cosúil leis an mBratach Ghlas do pháirceanna agus an Bhratach Ghorm do thránna. Ligeann sé do dhaoine den phobal ionaid bhaile agus chathrach a aithint go héasca ina mbeidh spraoi éagsúil sábháilte acu ar oíche amuigh. Ba é Inis an chéad bhaile in Éirinn ar bronnadh an creidiúnú Brataí Corcra air. Chuir an coiste um an mbratach chorcra, ar a bhfuil baill foirne CB Inse, Cumann Comhlachais Inse, ionadaithe Gnó agus Comhaltaí Tofa, fáilte roimh thuairisc an mheastóra inar bhain Inis an t-aitheantas 'Os Cionn an Chaighdeáin' maidir le tóir ghinearálta, clúdach beartais agus folláine.

### Páirc na nDaoine Dhroichead an Chláir

Cuireadh i gcrích Páirc na nDaoine i nDroichead an Chláir agus fuair sé moladh forleathan. Tugadh €50,000 don Tionscadal faoi Scéim Infreastruchtúir Fóillíochta Amuigh. I measc na n-oibreacha a rinneadh, cuireadh ar fáil clárchosán nua agus limistéar teagaisc amuigh, rinneadh an cosán a uasghrádú chun gluaiseacht tríd an bpáirc a spreagadh agus a chur chun cinn. Cuireadh isteach comharthaí agus mullaird, CCTV, soilsiú páirce agus limistéar bithéagsúlachta freisin.

### Fleadh Bia is Deoch an Chláir

Bhí an chéad féile de chuid Fleadh Bia is Deoch an Chláir ar siúl idir 26 agus 29 Meán Fómhair. Forbraíodh an fhéile trí "Promote Ennis", ar comhthionscnamh é idir Cumann Comhlachais Inse agus Ceantar Bardasach Inse. Rinne an fhéile ceiliúradh ar an mbia iontach a fhaightear, a fhástar agus a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe ar fud an chontae, chomh maith leis na beoracha agus fuisce ceirde a bhfuil duaiseanna buaite acu a ghrúdaítear agus a dhriogtar sa Chlár. Bhí os cionn 70 imeacht ar siúl le linn na féile agus meastar gur éirigh go hiontach léi. Bhí sé ar cheann de na 15 imeacht nua i dTuaisceart agus Deisceart an Oileáin a fuair uasmhéid an mhaoinithe (€5,000) ó 'Taste the Island'. Bhí Margaret O'Brien ó Chumann Comhlachais Inse i gceannas ar an imeacht. Fuair sí tacaíocht ó Cheantar Bardasach Inse, gnóthaí ar fud Inse agus an Chláir agus go leor saorálaithe.







## Bailte Slachtmhara - Inis

Ainmníodh Inis mar an Lárionad Uirbeach Mór Is Slachtmhaire in Éirinn ag comórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara i mbliana. Ní raibh príomhbhaile an chontae ach pointe amháin taobh thiar den bhuaiteoir foriomlán. Tá buíochas ag dul do na saorálaithe ar thug an fhoireann i gCeantar Bardasach Inse agus Comhairle Contae an Chláir tacaíocht dóibh. Ainmníodh Inis mar bhuaiteoir an Ghradaim Réigiúnaigh Pailneora 2019.






## Rialú Dóiteáin agus Foirgníochta

### Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin - Glaonna Amach chuig Teagmhais i gcás Éigeandála

D'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar 1,047 glao amach in 2019, arb ionann é sin agus méadú beag 2% ar an bhfigiúr in 2018. Fuair duine amháin bás mar gheall ar thine in 2019 i gContae an Chláir. Tháinig méadú beag ar líon na nglaonna amach ó 79 in 2018, nuair a bhí sé ag an leibhéal is ísle riamh, go dtí 81 in 2019. Tháinig méadú beag ar dhóiteáin tí in 2019, ó 42 go dtí 53.

### Soláthar Oiliúna agus Cleachtaí

Cuireadh ar fáil clár cuimsitheach oiliúna do Phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin in 2019. I measc na gcúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil, bhí: gaireas análaithe, sábh slabhrach, bainistíocht tráchta i gcás éigeandála, oibreoir pumpa, teagmhais ghuaiseacha, tiomáint do sheirbhísí éigeandála agus oiliúint oifigeach.

Reáchtáladh Cleachtadh Móréigeandála 'Barr Tábla' in Aerfort na Sionainne i Samhain.

### Trealamh Cosanta Pearsanta nua a Sholáthar

Ceannaíodh trealamh cosanta pearsanta comhraic dóiteáin le haghaidh dóiteáin ar thalamh fiáin agus oiriúintí lena mbaineann trí phróiseas tairisceana, agus tugadh iad do gach duine den phearsanra.

### Coigiltis Fuinnimh

Cuireadh téamh agus soilsiú nua isteach i Stáisiún Dóiteáin Chill Rois, ar córais soilsithe agus téimh nua iad a choiglíonn fuinneamh.

### Caipiteal/Soláthar

Ordaíodh Fearas Dóiteáin nua Aicme B a chosain €451.141.86. Tá an Fearas Dóiteáin le soláthar i mBealtaine 2020. Fuaireamar Teanntóga Cobhsaithe Paratech nua a chosain €14,507.85 ar an iomlán

Chuir Comhairle Contae an Chláir isteach chuig an stiúrthóireacht náisiúnta nua um Bhainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála le haghaidh maoiniú Cúnamh Deontais Caipitil chun Ceardlann nua agus Seid Stórála Fearais Breise a fhorbairt ag Stáisiún Dóiteáin Inse ar chostas iomlán €1,229,935.67. Fuarthas cead dó sin le déanaí.

| Táscaire Feidhmíochta na Seirbhíse Dóiteáin | | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|
| F1 | Sonraí caiteachais Clár E an Ráitis Bhliantúil Airgeadais (RBA) don bhliain 2016 roinnte ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir na bhfigiúirí i nDaonáireamh 2016 don daonra a bhfreastalaíonn an t-údarás dóiteáin air de réir na dtuarascálacha Céim a hAon den Chur Chuige Bunaithe ar Riosca. | 50.64 | 46.02 |
| F2 -B | An meánam, i nóiméid, a theastaigh le Briogáidí Dóiteáin a shlógadh i gcás tine, i Stáisiúin Pháirtaimseartha | 5.62 nóim | 5.50 nóim |
| F2 - D | An meánam, i nóiméid, a theastaigh le Briogáidí Dóiteáin a shlógadh I gcás éigeandála (nach tine é) i Stáisiúin Pháirtaimseartha | 5.42 nóim | 5.23 nóim |
| F3 - A | % na gcásanna i gcás tine inar freastalaíodh ar an tine ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | 32.3% | 43.36% |
| F3 - B | % na gcásanna i gcás tine inar freastalaíodh ar an tine ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | 44.4% | 38.02% |
| F3 - C | % na gcásanna i gcás tine inar freastalaíodh ar an tine ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 23.4% | 18.61% |
| F3 - D | % na gcásanna i gcás gach éigeandáil eile inar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair taobh istigh de 10 nóiméad | 34.6% | 37.27% |
| F3-E | % na gcásanna i gcás gach éigeandáil eile inar freastalaíodh ar an láthair den tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | 48.3% | 44.06% |
| F3 - F | % na gcásanna i gcás gach éigeandáil eile inar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 17.1% | 18.72% |

## Earcaíocht agus Coinneáil

Is dúshlán go fóill ar fud na tíre é pearsanra coinnithe a earcú agus a choinneáil. Sa Chlár in 2018, earcaíodh 16 dhuine agus chuir siad a gcúrsaí oiliúna tosaigh i gcrích. Ar an drochuair d'fhág 14 dhuine an tseirbhís sa tréimhse chéanna.

Mar gheall ar Laethanta Oscailte Rathúla sa tSionainn i nDeireadh Fómhair, tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarratasóirí ar Stáisiún Dóiteáin na Sionainne. Féadfar é sin a dhéanamh i gcás stáisiúin eile.

## Sláinte agus Sábhailteacht

In Aibreán 2019, choimeád Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae an Chláir Caighdeán OHSAS 18001 maidir le Córas Bainistithe Sábháilteachta le haghaidh a gCóras Bainistíochta Sábháilteachta a fheidhmiú ar fud na Seirbhíse tar éis don Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta in Éirinn cuairt a thabhairt.

## Cosc Dóiteáin

Fuarthas 106 iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán in 2019, ar méadú 9.3% é ar an bhfigiúr a bhí ann in 2018 (97).
97. Rinne oifigigh coisc dóiteáin measúnú ar 106 iarratas ar dheimhniú. Baineann na deimhnithe sin le tithe tábhairne, óstáin, ionaid phobail agus amharclanna ar fud an chontae.

Cuirtear comhairle agus treoir sábháilteachta dóiteáin ar fáil d'imeachtaí le sluaite a bhíonn ar siúl ar fud an chontae. D'imir an fhoireann coisc dóiteáin ról suntasach i bpleanáil Chraobhchomórtas Oscailte na hÉireann 2019 lena chinntiú go ritheadh an t-imeacht ar bhealach sábháilte.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár cigireachta bunaithe ar riosca - áirítear leis sin tithe altranais, foirgnimh árasán agus brúnna.

Rinneadh na cigireachtaí tosaigh le blianta beaga anuas agus tá oifigigh ag tabhairt faoi chigireachtaí arís i réimsí áirithe.

Tugtar faoi fheachtais sábháilteachta dóiteáin trí chainteanna sábháilteachta dóiteáin a dhéanamh i láthair grúpaí a bhfuil spéis acu ann agus tríd an gclár do scoileanna - ina dtugann comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar scoileanna áitiúla.

Bhí Seachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin ar siúl ón 7 - 14 Deireadh Fómhair. I measc na ngníomhaíochtaí ar tugadh faoi le linn na seachtaine, úsáideadh na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí a chur amach agus sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn ag margaí, áit ar tugadh amach ábhair sábháilteachta dóiteáin agus braiteoirí deataigh.

| Táscaire Feidhmíochta na Seirbhíse Dóiteáin | | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|
| P5-A | % na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2018 a ndearnadh cinneadh ina leith (ceadaithe nó diúltaithe) taobh istigh de dhá mhí tar éis iad a fháil | 65.57 | 61.54 |
| P5-B | % na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2018 a ndearnadh cinneadh ina leith (ceadaithe nó diúltaithe) taobh istigh de thréimhse shínithe ar aontaigh an t-iarratasóir leis | 32.79 | 24.60 |

## Rialú Foirgníochta

Rinne foireann rialaithe foirgníochta cigireacht ar 9.6% de na foirgnimh ar tugadh fógra dúinn ina leith trí fhógra tosaithe in 2019.

Cuirtear isteach fógraí tosaithe ar líne chuig an gcóras náisiúnta bainistíochta rialaithe foirgníochta. Déantar staidéar teicniúil deasca ar gach Fógra Tosaithe agus má aithnítear fadhbanna, déanann an tOifigeach Dóiteáin i gceist faoi staidéar leantach.

Rinne an Rannóg Rialaithe Foirgníochta measúnú ar 79 iarratas, ar an iomlán, ar dheimhniú um rochtain do dhaoine faoi mhíchumas in 2019, ar méadú 14% é sin ar 2018. Chuir an fhoireann feachtas faireachais margaidh faoi na "Rialacháin Táirgí Foirgníochta" ar bun. Dhírigh an feachtas ar dháileoirí agus déantúsóirí córas cóireála fuíolluisce i gContae an Chláir. Den chuid ba mhó, seiceáladh gur cuireadh i bhfeidhm an Mharcáil CE ar na táirgí mar ba cheart agus go raibh an doiciméadú a éilítear leis na rialacháin táirgí foirgníochta ar fáil.

Thosaigh an trí Oifigeach Dóiteáin i Rialú Foirgníochta Teastas leibhéal 6 in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh maidir le 'Foirgnimh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh'. Cuireadh tús leis an gcúrsa i Meán Fómhair 2019 agus cuirfear i gcrích é i Lúnasa 2020.

| Táscaire Feidhmíochta na Seirbhíse Dóiteáin | | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|
| P1 | Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán den fhoirgnimh nua a chuirtear in iúl don údarás áitiúil | 16.5% | 9.6% |

## Bainistíocht Móréigeandála

Leanann Seirbhís Dóiteáin Contae & Tarrthála an Chláir ag cur rúnaíocht ar fáil do Choiste Bainistíochta Móréigeandála na Comhairle. Glacann pearsanra Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae an Chláir páirt freisin i

- Grúpa Oibre Réigiúnach an Mheán-Iarthair agus fochoistí lena mbaineann
- Grúpa a bhaineann go sonrach le Bainistíocht Móréigeandála Aerfort na Sionainne

Cuireadh oiliúint leanúnach ar fáil do phearsanra a d'fhéadfadh a bheith bainteach le príomhróil a sheachadadh san fhreagra ar Mhóréigeandáil lena chinntiú go mbeidh Comhairle Contae an Chláir fós ullamh chun freagairt ar Mhóréigeandáil.

Tugadh faoi Cheardlann Idirghníomhaireachta ag Aerfort na Sionainne do phearsanra a mbeidh ról acu ag an leibhéal sinsearach i gcás éigeandála. Cuireadh an Cleachtadh Móréigeandála Iomlán "Excercise Silver Axe" ar siúl in Aerfort na Sionainne i Samhain.

Tugadh faoi chleachtadh idirghníomhaireachta 'barr tábla' i dTollán Luimnigh i nDeireadh Fómhair.

## Struchtúir Chontúirteacha

Dhéileáil an fhoireann rialaithe foirgníochta le 16 ghearán maidir le Struchtúir Chontúirteacha in 2019. Bhí sé deacair áitiú ar thógálaithe/úinéirí réadmhaoine le tabhairt faoi na hoibreacha mar gheall ar shrianta airgeadais. Dá bharr sin, bhí ar an Údarás Áitiúil maoiniú a chur ar fáil as a acmhainní féin chun tabhairt faoi oibreacha le cásanna contúirteacha ar ionaid réadmhaoine phríobháideacha a chur ina gceart roinnt uaireanta, agus bhíothas deacair an t-airgead a fháil ar ais ina dhiaidh sin.

## Ionchas do 2020

Maidir le hoibríochtaí Seirbhíse Dóiteáin, tá sé beartaithe tús a chur le tógáil na ceardlainne nua agus seid stórála fearas breise ag Stáisiún Dóiteáin Inse. Tá clár suntasach oiliúna bliantúil beartaithe do Phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin agus táthar ag súil leis go soláthrófar fearas dóiteáin Aicme B nua.


**Ó thaobh an chórais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta de, táthar ag súil leis go mbainfear amach creidiúnú OHSAS 45001.**

**Leanfar ar aghaidh leis an gClár Cigireachta Sábháilteachta Dóiteáin Bunaithe ar Riosca.**

**Tabharfar faoi athbhreithniú ar fheachtais bholscaireachta Sábháilteachta Dóiteáin chun cur ar chumas comhraiceoirí dóiteáin braiteoirí deataigh a shuiteáil i dtithe áit ar aithníodh gá leis sin.**

**Leanfaidh Rialú Foirgníochta ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin rialaithe foirgníochta mar a leagann an RCPRÁ amach, agus na caighdeáin sin a fhorfheidhmiú.**

**Leanfar ar aghaidh leis an gClár Bainistíochta Móréigeandála agus le hé a nuashonrú más cuí.**




FIRE
FL 250



# An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta



**Ann Haugh**
**Stiúrthóir um Fhorbairt Shóisialta**

## Tá Stiúrthóireacht Shóisialta Chomhairle Contae an Chláir comhdhéanta de thrí réimse freagrachta de réir mar atá leagtha amach thíos:

### Tithíocht

Soláthraí de réitigh tithíochta do dhaoine a bhfuil tithíocht de dhíth orthu agus a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta

### Spórt agus fóillíocht

Saoráidí a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh i gcaitheamh aimsire gníomhach, i spórt agus i ngníomhaíocht choirp.

### Seirbhísí cultúrtha

Seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon agus Cultúir a sholáthar i gContae an Chláir

### Is é fís uileghabhálach na Stiúrthóireachta Sóisialta:

> *Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha atá ag muintir Chontae an Chláir trí thacaíochtaí tithíochta cuí a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn tacaíochtaí uathu agus trí rochtain ar fhaisnéis, foghlaim, na healaíona, agus deiseanna cultúir agus fóillíochta a chumasú agus a chothú ar mhaithe lenár saoránaigh ar fad.*

**In 2019, soláthraíodh dhá fhorbairt tithíochta údaráis áitiúil. Ba iad seo na chéad scéimeanna údaráis áitiúil a soláthraíodh sa Chontae ó 2014. In 2019 sháraigh an Chomhairle na spriocanna atá aici maidir le hAtógáil Éireann, a shocraigh an Roinnt Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, mar atá sa tábla thíos:**

### Feidhmíocht v Sprioc in 2019:

| | Sprioc | Toradh |
|---|---|---|
| Tógáil | 100 | 90 |
| Éadáil | 31 | 36 |
| Léasú | 80 | 26 |
| **Fo-Iomlán** | **211** | **152** |
| ÍCT | 250 | 289 |
| SCC | 14 | 59 |
| Fo-Iomlán | 264 | 348 |
| **IOMLÁN** | **475** | **500** |

Déanann an Stiúrthóireacht Shóisialta, mar chuid dá feidhm Tithíochta, bainistíocht agus cothabháil seirbhísí tithíochta sóisialta a sheachadadh go lárnach sa Chontae. Tuairiscítear gníomhaíocht agus dul chun cinn sa réimse seo go míosúil sa Tuarascáil Bhainistíochta. Chun ár gcuspóirí a bhaint amach oibrímid i ndlúthchomhar leis na Comhaltaí Tofa agus leis na leasanna Earnálacha ar ár gCoiste um Beartas Straitéiseach (CBS) a tháinig le chéile sé huaire in 2019 chun plé a dhéanamh ar réimse beartas agus tionscnamh atá curtha chun feidhme nó a bhí curtha chun feidhme.

Tá tionchar dearfach á imirt ar úsáideoirí seirbhíse i gContae an Chláir ag tionscnaimh áitiúla, cosúil le Foireann Gnímh um Easpa Dídine a chur ar bun agus tithíocht shóisialta bhreise a sheachadadh agus a phleanáil.

Tá achoimre ar roinnt de na seirbhísí agus tionscnaimh a raibh páirt ag an bhfoireann Tithíochta iontu in 2019 thíos:

## Cothabháil Phleanáilte agus Éifeachtúlacht Fuinnimh

Is príomhcheist maidir le bainistíocht soláthar tithe sóisialta na Comhairle, ina bhfuil thart ar 2,600 áit chónaithe, é cothabháil, compord agus inacmhainneacht ár soláthair tithe. D'fhonn ár soláthar tithe a bhainistiú ar bhealach níos fearr, choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chláir suirbhé ar bhail an tsoláthair i ngach áit chónaithe de chuid an údaráis áitiúil. Úsáideadh an fhaisnéis suirbhé sin chun tuairiscí costais a chruthú agus próifíl an chaiteachais atá ag teastáil ar an soláthar sa chéad 30 bliain eile a chur le chéile. Tá duaiseanna buaite ag ár gclár cothabhála pleanáilte, agus tá sé á úsáid ar bhonn píolóta le haghaidh clár náisiúnta cothabhála pleanáilte i ngach ceann de na 30 Údarás Áitiúil eile.

Bhí an Chomhairle chun tosaigh maidir le dul i ngleic le tearcrochtain fuinnimh agus compord na dtithe údaráis áitiúil. Chuige sin, táimid beagnach críochnaithe le hoibreacha faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

## Foireann Gnímh um Easpa Dídine

Oibríonn an fhoireann, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, le custaiméirí agus ar mhaithe le custaiméirí. Tá go leor dár gcustaiméirí leochaileach agus/nó tá riachtanas ar leith acu, ach go háirithe iad siúd gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean. Chuige sin, chuir Comhairle Contae an Chláir tús le freagairt idirghníomhaireachta maidir le seirbhísí do dhaoine gan dídean sa Chontae. Osclaíodh oifig Fhoireann Gnímh an Chláir um Easpa Dídine an 1 Feabhra 2019. Cuireann seirbhís nua an Chláir cur chuige idirghníomhaireachta comhtháite ar fáil i leith easpa dídine. in 2019, d'éirigh le roinnt daoine na seirbhísí do dhaoine gan dídean a fhágáil. Anuas air sin, le linn 2019, d'oscail an Chomhairle ár gcéad Mhol do Theaghlaigh, 'Cusack Lodge', le cóiríocht agus tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh gan dídean. Cheannaíomar 'Westbrooke House' freisin le cóiríocht dhaingnithe a chur ar fáil do dhaoine gan dídean agus chun ár spleáchas ar sholáthraithe cóiríochta sa Chontae a laghdú. Cuireann na háiseanna sin slándáil ar fáil dóibh siúd atá gan dídean.

## Soláthar Tionscadail Caipitil

In 2019, cuireadh i gcrích na chéad scéimeanna údarás áitiúil 'féintógála' ó 2014. Cuireadh i gcrích agus leithdháileadh na 22 teach nua sna scéimeanna san Fhiacail agus i gCluain Lára go déanach in 2019. Dá bharr sin bhí 22 áit chónaithe nua ar fáil dár gcustaiméirí faoin am Nollag, tithe nua ag a bhfuil rátáil A2.

Anuas air sin, táimid ag obair go dlúth leis an RTPRÁ lena chinntiú go bhfuil píblíne soláthair láidir ann chun na spriocanna faoi 'Atógáil Éireann' a bhaint amach.

Anuas ar ghníomhaíocht tógála dírí an údaráis áitiúil, oibríonn an Chomhairle i gcomhar le hearnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun líon na dtithe nua ar féidir linn a chur ar fáil do dhaoine sa Chontae a dteastaíonn tithe uathu a mhéadú.



***Forbairt Tithíochta na Fiacaile 2019***



***Céim II d'Fhobairt Tithíochta Chluain Lára 2019***

## Measúnuithe agus Leithdháiltí Tithíochta

In 2019, ceapadh 138 teaghlach ina dtionóntaí d'áiteanna cónaithe an Údaráis Áitiúil agus ceapadh 17 dteaghlach eile ina dtionóntaí d'áiteanna cónaithe ar léas. Anuas air sin, ainmníodh beagnach 50 teaghlach agus thug Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta áit chónaithe dóibh ina dhiaidh sin. Tugadh áit chónaithe do os cionn 200 teaghlach sa Chontae in 2019.

## Iasacht Tí Atógáil Éireann

Fuarthas 50 iarratas ar 'Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann' in 2019, go dtí 31 Nollaig 2019, agus tugadh cead sealadach do 29 iarratas iasachta le linn na tréimhse sin. Tarraingíodh 41 iasacht anuas ó tugadh isteach



an scéim i bhFeabhra 2018. Cuireann an scéim iasachta ráta úis sheasta ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire atá inchairde agus a bhfuil ioncam íseal go dtí meánioncam acu, d'fhonn go mbeidh sé níos éasca orthu teach a cheannach.

## Straitéis Tithe Folmha

Táimid ag obair ar bhonn tras-stiúrthóireachta chun tithe folmha a aithint i mbailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae agus chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin. Chuireamar tús leis an tionscadal sin in 2019 agus leagadh béim ar na sráidbhailte seo a leanas: Áth Leathan, Droichead Abhann ó gCearnaigh, Tuaim Gréine agus An Tulach. Bhí scrúdú déanta againn ar 80 áit chónaithe faoi dheireadh na bliana. Táimid ag dul ar aghaidh le 22 acu a shocraíomar go raibh siad folamh. Tá idirbheartaíocht ar siúl chun 2 cheann a cheannach agus tá 4 cheannachán eile á bplé (faoi réir maoiniú a bheith ar fáil).

Is é an phríomhdheacracht a bhaineann le tithe folmha ná úinéireacht a shocrú. Ach tar éis dúinn fáil amach cé leis an teach folamh, bíonn ceisteanna eile le réiteach cosúil leis an teideal / cúrsaí dlí / airgeadais / morgáistí / probháid etc. Dá bharr sin, úsáidtear neart acmhainní sa tóir ar áiteanna cónaithe aonair gan mórán a fháil ar ais.

## Cóiríocht do Thaistealaithe

In 2019, ghlac an Chomhairle leis an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024, ar clár nua é, ar an 14 Deireadh Fómhair 2019. Leagtar amach sa chlár sin spriocanna tithíochta do theaghlaigh den lucht siúil. Is dúshlán go fóill é cóiríocht do thaistealaithe. Bhí 30% den chóiríocht atá sainiúil do Thaistealaithe folamh ag deireadh 2019. Bhí sé sin an cás in ainneoin an fháis mhóir a tháinig ar theaghlaigh óga i measc an lucht siúil. Leanann an Chomhairle ag obair leis na gníomhaireachtaí agus grúpaí ábhartha ar thionscnaimh le creat a fhorbairt chun seirbhísí tacaíochta comhtháite a sholáthar don lucht siúil.

## Deontais Tithíochta

Dúnadh an trí scéim deontais d'iarratais nua le linn 2019 chun éascaíocht a dhéanamh ar an riaráiste suntasach iarratas reatha a ghlanadh. Le linn na tréimhse sin, glacadh le hiarratais ó iarratasóirí ón gcatagóir tosaíocht 1 agus próiseáladh iad.

Tugadh aghaidh ar riaráiste na n-iarratas agus, in 2019, ceadaíodh 416 deontas agus íocadh iad le daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta i gcóiríocht phríobháideach chun go mbeidís ábalta fanacht ina dtithe ar chostas €3,008,463. Tugtar miondealú air sin de réir catagóir deontais sa tábla thíos:

| Cineál deontais | Líon na gceadaithe in 2019 | Luach oibreacha € |
|---|---|---|
| Oiriúnú Tithe Deontas do Dhaoine faoi mhíchumas | 106 | 1,4612,095 |
| Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 186 | 900,057 |
| Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta | 124 | 646,311 |
| **Iomlán in 2019** | **416** | **3,008,463** |

Osclaíodh an trí scéim deontais arís in Eanáir 2020 agus tá foirm iarratais shingil nua ar fáil anois a chlúdaíonn gach cineál deontais.

## Spórt agus Fóillíocht

Leanann Active Ennis/Kilrush d'fheabhas a chur ar áiseanna chun rannpháirtíocht i spórt sa Chontae a mhéadú. Leanadh ar aghaidh le hoibreacha ar an Ionad Fóillíochta i rith 2019, agus is feabhsúchán mór é suiteáil Wi-Fi san áis.

Bronnadh an **'Bhratach Ghlas'** ar Pháirc Sheáin Uí Shúilleabháin agus Páirc Tim Smythe in 2019. Is é an scéim sin, a bhronnann An Taisce, an caighdeán tagarmhairc do pháirceanna agus spásanna glasa. Aithníonn an scéim na spásanna glasa is fearr agus na caighdeáin chomhshaoil is fearr.

**I measc na dtionscadal eile a cuireadh i gcrích in 2019, bhí:**

### Páirc Tim Smythe - uasghrádú cosáin

Mar chuid den tionscadal seo, cuireadh síos cosán tarmac 250m ar fad chun na cosáin a bhí ann sa pháirc a uasghrádú. Fuarthas maoiniú €18,399 don scéim ón Scéim Infreastruchtúir Fóillíochta Amuigh 2019 agus thug Lynkeo Civil Engineering faoin obair thar ceann Chomhairle Contae an Chláir. Cuireann na hoibreacha críochnaithe go mór leis na háiseanna atá ann agus cuireann siad feabhas ar inrochtaineacht ar an bpáirc.

### Páirc Sheáin Uí Shúilleabháin, Bóthar an Laoi, Inis.



Cuireadh an bóthar isteach chuig Páirc Sheáin Uí Shúilleabháin, Bóthar an Laoi, i gcrích go luath in 2019. Chuir sé sin go mór leis an áis agus chuir sé feabhas mór ar eispéireas an úsáideora.

parkrun

**Ar siúl gach maidir Sathairn ag 11am. Imeacht saor in aisce é an rith/siúlóid 5k agus oireann sé do reathaithe, siúlóirí, bugaithe agus madraí ar iall.**



Páirc Tim Smythe - Uasghrádú cosáin

## Plean Uile-Éireann um Pailneoirí

Chun tacú leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, cuireadh bláthanna agus toim a thacaíonn le Pailneoirí i limistéar gar don Pháirc Clár Scátála i bPáirc Sheáin Uí Shúilleabháin. Sna chéad chúpla bliain eile, beidh an fhoireann ag leathnú amach plandú a thacaíonn le pailneoirí laistigh de na páirceanna mar thacaíocht don phlean.



## ACTIVE KILRUSH - An Mol Spóirt

Rith Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir agus na clubanna spóirt áitiúil i gCill Rois tionscnamh nua i Meán Fómhair. Chuir Comhairle Contae an Chláir na páirceanna astroturf agus na háiseanna ar fad in Active Kilrush ar fáil saor in aisce gach oíche Luain chun páistí áitiúla a mhealladh chuig réamhbhlaiseadh d'imeachtaí spóirt i gCill Rois. Ba é an aidhm go mbeadh níos mó daoine áitiúla ag glacadh páirt i spóirt agus ag dul le clubanna spóirt sa cheantar. Tá an tionscadal sin ag dul ar aghaidh in 2020.

## Cistiú Caipitil Spóirt

Ceadaíodh dhá thionscadal sa Deontas Caipitil Spóirt 2018, is iad sin:

- **astroturf Bhóthar na Cloiche Léithe a uasghrádú**
- **áiseanna spóirt Active Ennis a athchóiriú - seomraí gléasta, leithreas, seomra ceatha**

Maidir leis an dá thionscadal ar ceadaíodh maoiniú dóibh faoin Deontas Caipitil Spóirt 2017, tá tógáil na seomraí gléasta ag Páirc Tim Smythe agus Active Kilrush ag dul ar aghaidh de réir an phlean le linn 2019.

## Tionscadal Óige an Atlantaigh Erasmus +

Cuireadh an **Dara Tionscadal Trasnáisiúnta Óige an Atlantaigh** ar siúl i Moulin Mer, an Fhrainc, le linn na seachtaine deiridh i mBealtaine 2019. Mar chuid den tionscadal sin, ghlac os cionn 120 dalta páirt sa chéad rang mara Eorpach ag an Ionad Seoltóireachta i Moulin Mer.

Le linn an dara tionscadail trasnáisiúnta, thaistil 25 dalta agus 4 mhúinteoir ó Scoil Mhuire, Inis Díomáin agus Coláiste Pobail na Scairbhe chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chontae an Chláir.

Bhí 109 dalta idirnáisiúnta ar an iomlán ann, in éineacht lena múinteoirí/daoine fásta, agus ghlac siad páirt i 5 lá i ngnéithe áirithe de ghníomhaíochtaí muirí.

Tugadh spreagadh do dhaltaí foghlaim agus tacaíocht a thabhairt dá chéile ina n-aonar agus trí obair bhuíne, a bheith oscailte do chultúir agus náisiúin nua, agus a bheith toilteanach caidrimh nua a fhorbairt. 'Rang mara fíor-Eorpach atá tiomanta do chuimsiú a bhí ann'.



## An tSeirbhís Leabharlainne

Faoi láthair, tá roinnt clár á n-eagrú ag an tSeirbhís Leabharlainne mar chuid den sainchúram "Ár Leabharlanna Poiblí 2022". Is é sin an straitéis náisiúnta do leabharlanna ar ghlac gach Seirbhís Leabharlainne ar fud na tíre léi. Clúdaíonn réimsí cláir sonracha an tionscnamh litearthachta do leanaí, **Ceart Léimh**, tionscnaimh maidir le sláinte saoránach, **Éire Shláintiúil** agus **Leabharlanna Aoisbháúla**, tacaíocht d'fhiontair agus fostaíocht, Work Matters, agus na cláir **Éire Ildánach** agus **Deich mBliana na gCuimhneachán**.

### Staidreamh Leabharlainne 2019

| | Ballraíocht Leabharlainne | Leabhair a eisíodh | R-Acmhainní | Seisiúin Idirlín | Wi-Fi | Líon gníomhaíochtaí sceidealaithe don phobal |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2019** | 19,549 | 559,016 | 29,194 | 34,038 | 14,700 | 1,926 le tinreamh 34,637 |
| **2018** | 19,702 | 605,949 | 22,045 | 37,000 | 10,500 | 1,751 le tinreamh 30,495 |

***Léargas ar na táscairí feidhmíochta i Leabharlann Chontae an Chláir in 2019 atá sa tábla thuas, agus áiríodh leis 24,033 earra a cuireadh leis an stoc.***

I measc bhuaicphointí na gclár sin, tá tionscnaimh arna soláthar go háitiúil faoi "Ceart Léimh": "Léim isteach sna Scéalta" in Aibreán, "Réaltaí an tSamhraidh", an clár bliantúil samhraidh um léitheoireacht do leanaí, agus an "Fhéile Leabhar do Leanaí" i nDeireadh Fómhair. Cuireadh "Am Teaghlaigh ag Do Leabharlann" chun cinn le linn mhí Nollag agus mheall sé sin 765 cuairteoir, leanaí agus tuismitheoirí san áireamh, le haghaidh réimsí imeachtaí ealaíne, ceirde agus léitheoireachta. Le linn "Léim isteach sna Scéalta" in Aibreán, chuir gach ceann de na 15 bhrainse leabharlainne am scéalta speisialta amháin do leanaí óga agus a dteaghlaigh. Cuireann roinnt brainsí seisiúin rialta scéalta gach seachtain nó gach mí agus d'fhreastail 755 páiste agus tuismitheoir orthu. Ghlac thart ar 2,180 páiste páirt in "Réaltaí an tSamhraidh", ar clár léitheoireachta samhraidh é a sholáthraítear trí gach brainse na seirbhíse.

D'fhreastail 1,879 dalta bunscoile, in éineacht lena múinteoirí ar 60 imeacht "Féile Leabhair na Leanaí" i nDeireadh Fómhair ar fud líonra brainsí leabharlainne an Chláir.

Leanadh ar aghaidh tacaíocht a thabhairt do **Sheachtain na Gaeilge**. Bhí 12 imeacht ar siúl i leabharlanna do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna agus d'fhreastail 380 dalta orthu. Rinneadh ceiliúradh ar **Lá Domhanda na Leabhar** nuair a thug údair cuairt ar leabharlanna agus cuireadh ceardlanna ar siúl agus óstáladh imeachtaí **Sheachtain na hEolaíochta** i leabharlann Chill Rois agus leabharlann Chill Chaoin i Samhain 2019. Bhí imeachtaí éagsúla eile dírithe ar theaghlaigh ar siúl I ngach brainse leabharlainne an Chláir, lenar áiríodh Seisiúin Fáilte

agus Eolais Leabharlainne agus turais leabharlainne, ranganna Mo Leanbh agus Mise do mháithreacha nua, ceardlanna Ealaíne agus Ceirde na Nollag agus léirithe Acmhainní Leabharlainne Ar Líne. Mar thoradh ar thionscadal iontach nuálach ina raibh páirt ag Leabharlann Chontae an Chláir, iBby Ireland agus Éigse Éireann, cuireadh tionscadal uathúil litearthachta ar siúl le haghaidh teaghlaigh ón tSiria i Leabharlann Inis Díomáin. I gcúrsa 7 gceardlann, roinneadh scéalta faoin tSiria agus faoi Éirinn a roinnt, a scríobh, a léiriú agus a thabhairt le chéile faoi threoir shaineolach an údair Debbie Thomas agus an t-údar agus maisitheoir Tatyana Feeney.

Cuireadh tús le Céim 2 den chlár 'Éire Shláintiúil' ag 'Do Leabharlann' le forbairt a dhéanamh ar rath Céim 1. Ghnóthaigh an leabharlann cáil mar fhoinse luachmhar eolais sláinte sa phobal le linn Céim 1. Bhí an clár Éire Ildánach agus an clár Deich mBliana na gCuimhneachán ar siúl ar lánacmhainn le linn na bliana. Tá roinnt buaicphointí le cur in iúl maidir lenár gclár tras-stiúrthóireachta Foirne Cultúir 2019. Ina measc sin, bhí tochailt seandálaíochta tí ó aimsir an Ghorta Mhóir in éineacht le Músaem an Chláir i mBaile an Ruáin, tacaíocht do thionscadal nuálach na hOifige Ealaíon 'Vision Symphony', rath leanúnach an chláir 'Cultural Companions', agus an tionscadal 'iCAN Irish Community Archive Network' a bhfuil Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae an Chláir i gceannas air. Áiríodh leis an gclár do leanaí 'Cruinniú na nÓg' 21 imeacht saor in aisce ar fud an chontae. B'ionann an leithdháileadh Éire Ildánach don bhliain 2019 agus €96,774. Thug an Roinn Cultúir leithdháileadh maoinithe €10,000 ar fáil le haghaidh an chláir Deich mBliana na gCuimhneachán. Ba é buaicphointe an chláir sin ná ár 'Seachtain Staire Dheich mBliana na gCuimhneachán' a bhí ar siúl i Meán Fómhair. Mar chuid den tseachtain sin, cuireadh 20 imeacht ar siúl, Scoil Chois Claí faoi Stair na Éireann san áireamh ina ndearna painéal ceathrar staraithe agus cartlannaithe plé ar Chogadh na Saoirse sa Chlár ag imeacht Sathairn san Óstán Temple Gate.

Cuireadh **Céim 1 de chomhtháthú TF na Leabharlainne le TF na Comhairle** i gcrích agus chuaigh an Cheanncheathrú agus leabharlann na Scairbhe le córas TF na Comhairle le linn 2019.



## Seirbhís Ealaíon

Bhí 19 gceolchoirm ar siúl in Inis mar chuid den tsraith ceolchoirmeacha 'Saibhreas an Chláir' agus bhí 2 cheann eile ar siúl i gCill Fhionnúrach agus san Fhiacail. D'fhreastail os cionn 2,500 duine ar an tsraith ceolchoirmeacha. Lean an Oifig Ealaíon de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na mol de chuid Ghlúin an Cheoil ar fud na tíre. Sroicheadh os cionn 2,300 duine óg. D'óstáil an Oifig Ealaíon an fhéile Musicale i gCill Chaoine agus bhí ceoltóirí óga ó Chruinniú na nÓg ag casadh ceoil. Ghlac 16 scoil páirt inár 'Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna' ar fud na tíre. Bhí 13 ealaíontóir a bhíonn i mbun na bfoirmeacha ealaíne ar fad ag glacadh páirte. Bhí 682 dalta bunscoile ábalta dul i mbun oibre le healaíontóirí proifisiúnta in 2019. Lean Amharclann Óige an Chláir ar aghaidh bualadh le chéile gach seachtain san amharclann *glór* agus rinne dhá bhall déag ionadaíocht ar Éirinn ag an bhFéile Amharclannaíochta Óige InterTwined sa Ghearmáin. D'fhreastail 3,500 duine ar os cionn 50 imeacht i 18 suíomh ar fud na tíre mar chuid d'Oíche Chultúir i Meán Fómhair. Thacaigh 'Éire Ildánach' le léiriú faoin aer sa tSionainn mar chuid d'Oíche Chultúir, chomh maith leis an 'Vision Symphony', ar Tionscadal na Comhairle Ealaíon é trínar sheinn ceoltóirí dalla siansa nua san amharclann *glór* leis an Irish Memory Orchestra. Bhí 18 dtionscadal ealaíne breise ar siúl le heagraíochtaí míchumais ar fud na tíre, agus ghlac 14 ealaíontóir páirt. Bhí cónaitheacht amharclannaíochta bhliana ar siúl san Ionad Dulick. Ba é ár gcónaitheoir 2018 ná Scoil Speisialta Naomh Anna leis an ealaíontóir Shona McGillivray. Cuireadh an chónaitheacht sin i láthair ag Lá Náisiúnta na nEalaíon in Oideachas 2019 i láthair mar shamhail deachleachtais maidir le comhtháthú leanaí. Seoladh an tionscadal damhsa comhtháite Boga Boga agus ghlac 90 duine páirt, 40 acu a bhí faoi mhíchumas. Reáchtáladh 30 taispeántas i gCill Chaoine, An Scairbh agus Inis. Lean Dánlann Theach na Cúirte de na mílte cuairteoir a mhealladh chuig Inis Díomáin. Ní raibh spás ar bith fágtha i Stiúideonna Stáblaí na Tulaí agus d'úsáid 3 ealaíontóir agus 3 ghrúpa na stiúideonna EASI in Inis. Choimisiúnaigh an Oifig Ealaíon saothair ealaíne do na timpealláin in Inis le haghaidh Chraobhchomórtas Oscailte na hÉireann. Tugadh tacaíocht do 61 ealaíontóir, imeacht agus féile aonair trínár scéimeanna bliantúla deontas agus sparánachta agus d'fhreastail 3,500 duine ar imeachtaí i gCultúrlann Sweeney, Cill Chaoin, le linn na bliana. Cuireadh cónaitheacht scannánaíochta leis an scannánóir John Haugh ar bun ansin freisin. Mar gheall ar ár rannpháirtíocht sa chiste 'WRAP fund', rinne an scannán 'Calm with Horses' a scannánú i gCill Chaoin i Márta agus deimhníodh go scannánófar an dráma RTÉ SMOTHER sa Leacht don bhliain 2020.



## Músaem an Chontae

Bhí 27,000 cuairt ar Mhúsaem an Chláir i rith 2019. Thug 1,057 páiste scoile ó 21 scoil cuairt ar an músaem. D'oibrigh an músaem le BOO Chathair Luimnigh freisin. Bhuail sé le mic léinn ó shé cinn dá gcúrsaí, lena n-áirítear fuáil, stair áitiúil agus cúrsaí litearthachta. Chuir an músaem clár oideachais nua le chéile agus nuashonraigh é a bheartas taispeántas le linn na bliana. Ceannaíodh earraí ón gClochaois agus ón Iarannaois le haghaidh

bosca iasachta do mhúinteoirí scoile. Rinneadh cairt ghníomhaíochta mhóibíleach chun na hábhair a choinneáil do leanaí ar cuairt agus do ghníomhaíochtaí oideachais bunscoile. Bhí sraith cainteanna míosúla poiblí ar siúl d'Fhoghlaimeoirí Neamhspleácha agus d'fhreastail líon mór daoine orthu. Seoladh feabhsúchán na n-ábhar tochailte ó Pholl na Brón, a bhí ar taispeáint cheana féin, i Meitheamh. Bhí earraí ón seomra stórála a bhaineann le Cogadh na Saoirse sa Chlár ar taispeáint shealadach ó mhí Bhealtaine. Rinneadh beartais an mhúsaeim maidir le bailiú, iasacht, diúscairt agus oideachas a nuashonrú ag cruinniú an Choiste Beartais Straitéisigh le déanaí.

## glór

Ba í 2019 an 18ú bliain a bhí glór ar an bhfód agus ba bhliain an-dearfach í ó thaobh rannpháirtíochta agus táirgeadh cruthaitheach de. Is é an plean na dlús a chur leis sin in 2020 trí thionscnaimh ealaíontóirí, comhléiriú agus comhpháirtíochtaí nua. D'fhorbair glór sraith spriocanna straitéiseacha nua don tréimhse 2020-2022 agus is é an fhís ná go mbeidh sé ina ionad ealaíon barr feabhais ildisciplíneach den chéad scoth tríd an bplean seo a chur i bhfeidhm.

***In 2019, chuir glór fáilte roimh os cionn 55,000 duine agus chuir sé 490 léiriú, taispeántas agus imeacht ar siúl.***

D'fhorbair glór clár leathan um fhorbairt ealaíontóirí a thacaíonn le raon ealaíontóirí, idir ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus seanbhunaithe, chun obair a chruthú agus chun go mbeidh siad ábalta maireachtáil mar ealaíontóir.

I measc na mbuaicphointí in 2019 bhí comhléirithe de shaothair nua, 'Sweet About Me' le Jacinta Sheeran (Ealaíontóir Comhlach le glór faoi láthair), 'Cleft' le Rough Magic, 'The Vision Symphony' leis an Irish Memory Orchestra a léiríodh le hOifig Ealaíon an Chláir, ár léiriú féin 'MÓRglór' a thug onóir do Mary McNamara, agus ár sraith nua do cheol traidisiúnta dar teideal 'Studio Sessions' san fhómhar.

In 2020, tá sé beartaithe ag glór oibriú le thart ar 60 eagraíocht phobail agus 120 ealaíontóir/cuideachta/bolscaire chun thart ar 520 imeacht a chur i láthair a mheallfaidh 58,000 duine.





# Stiúrthóireacht um Fhorbairt Thuaithe



Leonard Cleary
Stiúrthóir Forbartha Tuaithe

## Straitéis agus Fóram Forbartha Tuaithe

I gcaitheamh na bliana 2019, rinne an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Thuaithe dul chun cinn ar roinnt cuspóirí straitéiseacha, lenar áiríodh tionscadal Síob Áitiúil an Chláir chuig leithinis Cheann Léime a chur ar bun ar bhonn píolótach, acmhainn a fhorbairt agus tacaíochtaí a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha, agus an 'Mol' in Inis Díomáin a oscailt, áit a bhfuil sealaíocht deisce, seomra cruinnithe agus spás oifige ar fáil.




## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Ba bhliain ghnóthach eile í don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil agus bhainistigh sé raon leathan clár agus gníomhaíochtaí straitéiseacha. I measc na mbuaicphointí bhí: Plean Straitéiseach an Chláir Shláintiúil 2019-2021 a sheoladh; maoiniú €374,100 ó Éire Shláintiúil a fhaomhadh; €151,017 faoin Clár Feabhsúcháin Pobail/Maoiniú do Bhotháin na bhFear a fhaomhadh; buiséad €872,448 don Chlár Cuimsithe Shóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP); Suirbhé ar an gClár ar thug Behaviour Attitudes faoi a fhoilsiú; cuir i láthair maidir le Dearadh Uilíoch agus Seirbhísí Easpa Dídine; sonraí tagarmharcála nua a chur san áireamh sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail d'fhonn feabhas a chur ar mhonatóireacht ar chur i gcrích na ngníomhaíochtaí.

Thug an tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil faoi iniúchadh ar an gClár Feabhsúcháin Pobail agus an Clár SICAP 2018.




LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil an Chláir
Clare Local Community Development Committee

## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

Tugadh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse don bhliain 2019 chun críche idir an LRP agus Comhairle Contae an Chláir agus comhaontaíodh plean oibre bliantúil don bhliain sin. Is é an Rúnaíocht le tacaíocht ó dhá Chomhordaitheoir páirtaimseartha agus Oibreoir Tacaíochta amháin a stiúrann obair an LRP.

Íocadh costais oibriúcháin 2019 an LRP le deontas Rannóige €75,700 agus le ranníocaíocht €35,000 ó Chomhairle Contae an Chláir.

## Straitéis Aoisbhá

Déanann Comhairle Contae an Chláir comhordú ar sheachadadh na 'Straitéise Aoisbhá' don tréimhse 2018-2022 agus tá ocht ngníomhaireacht ag treorú nó ag tacú le seachadadh na ngníomhartha éagsúla. Rinneadh dul chun cinn maidir le gníomhartha sa straitéis in 2019, lena n-áirítear staidéir ar choinníollacha siúil in Inis agus Cill Chaoin ag daoine scothaosta agus Clár Cairde Cultúir le haghaidh nascacht shóisialta a bhunú. In 2019, d'fhreastail Príomhfheidhmeannach na Comhairle ar shearmanas thar ceann Chlár Aoisbhá an Chláir. D'aithin an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gurb é Éire an chéad Thír Aoisbháúil ar domhan. Tá Contae an Chláir ina bhall den Líonra Domhanda Cathracha agus Pobal Aoisbh※áúla a gheall go sásóidh siad riachtanais na seandaoine a chónaíonn iontu.




## Maoiniú Rialtais - Scéimeanna Náisiúnta

Dáileann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail roinnt clár maoinithe tríd an gComhairle. In 2019, mheall na scéimeanna tionscadail agus airgead mar seo a leanas:

- **Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2019 - €721,109 do shé thionscadal lonnaithe i mBun Raite, Droichead an Chláir, Cill Bheathach, Tuath Ó gConaíle, An Coillteach agus Droichead Abhann ó gCearnaigh**
- **Tionscnamh CLÁR 2019 -€217,811 do shé thionscadal lonnaithe i Lios Uí Chathasaigh, An Scairbh, Inis Díomáin, Croisín, An tEanach agus Cuar an Chláir**
- **Scéim Infreastruchtúir Fóillíochta Amuigh 2019 - €126,721**
- **Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe 2019 - €900,000 do thionscadal sa Tulach**

## Bailte Slachtmhara

Bhí seisiún eolais do gach grúpa Bailte Slachtmhara ar siúl i Márta 2019 ag a raibh aoichainteoirí agus leideanna úsáideacha maidir le conas is féidir feabhas a dhéanamh ar cheantair áitiúla. Eagraíodh clinicí duine le duine freisin agus tugadh comhairle maidir leis an bpróiseas iarratais don chomórtas náisiúnta Bailte Slachtmhara mar chuid díobh.

***Bhuaigh Inis an duais 'Lárionad Uirbeach Mór Is Slachtmhaire' agus fuair Cill Rois agus Inis bonn óir. Fuair Baile Uí Bheacháin, Baile Uí Bheoláin agus Baile na Caillí boinn cré-umha.***

## Scéim Marcála Maoine

Le linn 2019, sheol an Chomhairle scéim marcála maoine agus d'eagraigh sí roinnt imeachtaí léirithe ar fud an Chontae ag margaí agus seónna talmhaíochta éagsúla agus i mbailte agus sráidbhailte. Eagraíodh na himeachtaí sin i gcomhar leis an nGarda Síochána agus bhain ceantair áitiúla tairbhe mór astu.

## Mórtas Áite

Is comórtas uile-oileáin a reáchtálann Comhoibriú Éireann é Mórtas Áite. Is é is aidhm dó an rannchuidiú ríthábhachtach a dhéanann pobail don tsochaí a aithint agus a cheiliúradh.

Is iad seo a leanas ionadaithe an Chláir i gcomórtas na bliana seo: **Cumann Forbartha Áitiúla Bhun Raite agus Bailte Slachtmhara Inse.**

## Ionad Adhlactha

Oibríonn an tAonad Ionaid Adhlactha le coistí deonacha a thacaíonn le cothabháil na n-ionad adhlactha ar fud an chontae. Baineann na coistí leas as maoiniú ar scála beag tríd an Scéim Tacaíochtaí Pobail a mhaoiníonn roinnt de na costais. Tá tiomantas leanúnach na ngrúpaí sin thar a bheith luachmhar.

Chríochnaigh an Chomhairle dearadh agus pleanáil le haghaidh shíneadh an ionaid adhlactha ag reilig Illaunamanagh, an tSionainn, agus chuir sí tús le pleanáil le haghaidh ionad adhlachta contae nua ar Bhóthar Chill an Dísirt, Inis.

## Scéim Tacaíochta Pobail

Ceadaíodh maoiniú €416,483 faoi Scéim Tacaíochtaí Pobail na Comhairle i Márta 2019. Thacaigh na leithdháiltí ar ghrúpaí pobail agus deonacha le raon leathan tionscadal, lenar áiríodh an ríocht phoiblí, ionchuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht i spórt, wifi don phobal, na healaíona, an Ghaeilge agus turasóireacht inbhuanaithe.

## Céad Ghradaim Pobail an Chláir 2019

Reáchtáil Comhairle Contae an Chláir an chéad bhliain de Ghradaim Phobail an Chláir ar 7 Márta 2019 in Óstán Woodstock in Inis. D'óstáil Comhairle Contae an Chláir an searmanas bronnta le ceiliúradh a dhéanamh ar an obair luachmhar a dhéanann grúpaí pobail agus saorálaithe as a gceantar áitiúil ó gach cearn de Chontae an Chláir. Ag an searmanas bronnadh onóir orthu siúd a bhíonn flaithiúil lena gcuid ama chun rud éigin a thabhairt ar ais dá bpobal áitiúil, agus ar an mbealach sin cruthaíonn siad raon leathan tairbhí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil.

Ba í an t-oibrí deonach ó Charraig an Chabhaltaigh, Mags Keane, a bhuaigh an duais 'Saorálaí na Bliana' agus ba é agus Caisleán an Chláir a fuair an duais 'Pobal na Bliana' ag an chéad searmanas Ghradaim Phobail an Chláir. I measc na mbuaiteoirí eile an oíche sin, bhí Féile Cheoil Chois na Sionainne 'Winterage', Droichead Abhann ó gCearnaigh (Féile/Imeacht Is Fearr), Bailte Slachtmhara Chill Rois (Gradam Comhshaoil do Phobal), Laghtagoona, Cora Finne (Ceantar Cónaithe Príobháideach Is Glaine), Cumann Cónaitheoirí Pháirc na Coille, Inis (Ceantar Cónaithe Poiblí Is Glaine), agus Cluichí Pobail Lios Dúin Bhearna, Dhúlainn, Chill Fhionnúrach & Chill Seanaigh

(Gradam Feabhsúcháin Pobail) agus Gníomhaíocht Óige an Chláir (Gradam Nuálaíochta Pobail).

***D'fhreastail os cionn 200 ionadaí pobail, Comhaltaí Tofa agus ionadaithe ó Chomhairle Contae an Chláir ar an searmanas bronnta. Chuir an láithreoir teilifíse agus raidió mór le rá Marty Morrissey an searmanas i láthair.***

## Comhairle na nÓg an Chláir

Is tionscnamh na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige é Comhairle na nÓg an Chláir a bhfuil sé mar aidhm aige deis a thabhairt do dhaoine óg idir 12-18 mbliana d'aois na ceisteanna sin atá tábhachtach dóibh a phlé, roinnt de na hathruithe ar mian leo a fheiceáil agus smaointe agus moltaí a dhéanamh maidir le hathrú a fhíorú. Déanann an Chomhairle conradh le Seirbhís Óige an Chláir chun an Clár a rithe. Comhordaíonn siad roinnt tionscnamh a bhfuil baill ar daltaí iad acu.



***Ionadaithe ó Chomhairle Contae an Chláir, an tAire Stáite Pat Breen, buaiteoirí gradam agus an t-óstach Marty Morrissey ag an Gradaim Phobail an Chláir a bhí ar siúl in 2019 den chéad uair.***

## Comhchoiste Póilíneachta

Is é aidhm fhoriomlán Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) an Chláir comhairliúcháin, plé agus moltaí maidir le póilíneacht Chontae an Chláir a éascú. Is iad Comhaltaí Tofa, Comhaltaí an Oireachtais, ionadaithe Pobail agus Deonacha, An Garda Síochána agus Oifigigh Údaráis Áitiúil a bhíonn ina mball den CCP. Tionóladh ceithre chruinniú in 2019. I ndiaidh na dtoghchán áitiúil i mBealtaine 2019, cuireadh CCP nua le chéile agus chuir siad a chéad chruinniú ar siúl in Iúil 2019. Ainmníodh ionadaithe pobail nua agus d'fhreastail siad ar a gcéad chruinniú i nDeireadh Fómhair 2019 i gColáiste Ealaíne Bhoirne, Baile Uí Bheacháin, Contae an Chláir.

Ag gach cruinniú CCP, chuir An Garda Síochána an staidreamh póilíneachta is déanaí ar fáil. Pléadh roinnt ceisteanna a bhain leis na staitisticí a cuireadh ar fáil, chomh maith le hábhair a bhaineann le drugaí, anáileadáin, láithreacht na nGardaí ar na sráideanna, iompraíocht fhrithshóisialta, tionscadail don óige, cláir scoileanna an Gharda Síochána, campaí mídhleathacha, bainistíocht tráchta, sábháilteacht ar bhóithre agus foréigean baile. I mí Feabhra, d'fhreastail baill den CCP ar Ghradaim Óige Gharda Síochána an Chláir nuair a tugadh aitheantas do dhaoine óga i gContae an Chláir as a gcuid gaiscí, ar bhonn aonair nó mar bhall den phobal. In Aibreán, rinneadh cur i láthair maidir leis an treoirphlean sábháilteachta a thugann na teimpléid agus na huirlisí do ghníomhaireachtaí an chórais dlí chun go ndéanfaidh siad bearnaí maidir le próiseáil idirghníomhaireachta na gcoireanna drochíde baile a aithint agus a dhúnadh ar bhealach córasach. I nDeireadh Fómhair, chuir an CCP fáilte roimh chur i láthair ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann maidir le coireacht thuaithe agus a tionchar ar dhaoine. Bhreathnaigh sé sin ar thionscnaimh a d'fhéadfadh an pobal a úsáid chun tacú lena chéile ach na beartais chosanta a thógáil agus oibriú leis na Gardaí chun iad féin agus a maoin a chosaint.





**Eispéireas Cuartaíochta Aillte an Mhothair**

Tháinig 1.6m cuairteoir chuig Aillte an Mhothair in 2019, ar méadú 1.55% ar an mbliain roimhe. Is ionann taistealaithe atá go hiomlán neamhspleách agus 56% de na cuairteoirí agus tagann an 44% eile de na cuairteoirí in éineacht le grúpaí mar chuid de thuras. Fuair Aillte an Mhothair trí ghradam mór le rá in 2019: Gradam Léitheoirí an Irish Independent don Taitneamhacht Cuairteoirí Is Fearr in Éirinn, Gradam Idirnáisiúnta Sármhaitheasa Seirbhíse CIE agus Gradam ITIC - An Taitneamhacht Is Fearr ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ag a bhfuil os cionn 50,000 cuairteoir. Soláthraíodh na tionscnaimh seo a leanas a dtacaíonn Bord Aillte an Mhótair leo le linn na Bliana.

- Seoladh Bus Tointeála Aillte an Mhothair i Meitheamh, ar seirbhís iontach é do chuairteoirí ar na bailte agus sráidbhailte i dtuaisceart an Chláir: Inis Díomáin, An Leacht, Lios Ceannúir, Dúlainn agus Lios Dúin Bhearna. Tá cuairteoirí ábalta dul go dtí Aillte an Mhothair agus ar ais chuig na háiteanna sin. Bhí an tseirbhís ar fáil i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa agus bhain baill foirne agus cuairteoirí úsáid aisti.
- Rinne Túr Uí Bhriain a athchóiriú go hiomlán agus osclaíodh é i Meitheamh. Tá turas treoraithe iontach ar fáil ann anois a insíonn scéal Aillte an Mhothair ó na 1800idí ar aghaidh.
- Tháinig an teaghlach Reid, ar leo an cuideachta 'Brambles', i gceannas ar an Cliffs View Café i mBealtaine. Díríonn siad ar bhia cócaráilte agus báicéireacht agus den chéad uair tá caife ó bharista ar fáil.
- Tá ag éirí go maith leis an tsamhail phraghsála dhinimiciúil, chomh maith le háirithint ar líne agus uaireanta oscailte níos faide. Dá bharr sin, tá 15% de na cuairteoirí ar fad ag teacht le linn uaireanta seachbhuaice, is é sin roimh 11am nó i ndiaidh 4pm, rud a chuireann feabhas ar chompord na gcuairteoirí agus a roinneann an trácht idir uaireanta an lae ar bhealach níos cothroime.
- Bhí laethanta oscailte áitiúla ar siúl i Nollaig nuair a thug 300 duine áitiúil as Contae an Chláir cuairt agus bhain siad sult as an atmaisféar ceiliúrtha. Bhí lascainí ar fáil sna caiféanna agus sa Siopa Féiríní.
- Tá foireann Aillte an Mhothair ag glacadh páirt sa Chlár 'Junior Achievement' i mbunscoileanna áitiúil i dtuaisceart an Chláir. Cuireadh oideachas ar leanaí ón gceantar áitiúil faoi Aillte an Mhothair.

Tréimhse chinniúnach í seo i bhforbairt Aillte an Mhothair. Tá foireann ildisciplíneach comhairleoirí ceaptha chun píosa oibre a dhéanamh dar teideal Straitéis Aillte an Mhothair 2040 don suíomh íocónach seo. Déanfaidh an straitéis, a fhaigheann tacaíocht ó Fháilte Éireann, eolas do phleananna forbartha amach anseo don suíomh. Tabharfaidh coiste stiúrtha treoir don straitéis agus táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích í go luath in 2021. I measc na bpleananna gearrthéarma do 2020, déanfar na leithris ar fad san ionad cuairteoirí a athchóiriú, osclóidh limistéar eile beir leat, tabharfar isteach feithicil ghluaiseachta nua atá go hiomlán leictreach do chuairteoirí agus beidh féilire fheabhsaithe imeachtaí.

# Turasóireacht

## Seoladh Bhealach Inbhear na Sionainne

Tiomáin lúibe thart ar 297km (135 míle) is ea Bealach Inbhear na Sionainne. Téann sé timpeall Inbhear na Sionainne. Ar an mbealach, tá aon phointe amhairc dhéag ag a bhfuil scéalta agus íomhánna ó phobail áitiúla faoin gcoincheap 'spéartha móra agus uiscí faoi fhothain'. Tá na pointí amhairc lonnaithe ag: Cé an Chnoic; Cé Leaba Shíoda; Cé Chill an Dísirt; Cé Chrodh Bhreacháin; Cé Dhroichead an Chláir; Gob na Tulaí Glaise; Cé Rinn Mhaoilín; Cé Bhaile Stiabhna; Cluain Uí Bheoláin; Cé Choill Tíre; Cé an Ghleanna.

D'oibrigh Comhairle Contae an Chláir agus Fáilte Éireann i gcomhar lena chéile chun comharthaí nua a dhearadh agus a shuiteáil ar an mbealach chun a chinntiú gur féidir le cuairteoirí an bealach a leanúint in aon cheann den dá treo. Cuireadh an tionscadal comharthaíochta i gcrích in Márta 2019 nuair a osclaíodh Bealach Inbhear na Sionainne go hoifigiúil.




*Ó chlé: Philomena O'Connell (Comhairle Contae an Chláir), An tAire O'Donovan, Siobhan King (Failte Éireann); agus John O'Malley (Comhairle Contae an Chláir).*

## Imeacht Líonraithe Turasóireachta

Reáchtáladh imeacht líonraithe ar an 28 Feabhra 2019 san Inn i nDrom Ólainn. D'fhreastail go leor daoine ar an imeacht agus ghlac os cionn 100 comhpháirtí trádála turasóireachta.


## Conair Fhionnachtanach Bhoirne

Chuir Fáilte Éireann, Comhairle Contae an Chláir agus Comhairle Contae na Gaillimhe tús le dara tiomáint lúibe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin chun cuairteoirí a scaipeadh ar fud Bhoirne. Rinneadh dul chun cinn ar chomhairliúcháin, obair shuirbhéireachta agus dearadh na bpainéal léirmhínitheach le linn 2019. Tugadh cead pleanála Cuid VIII le dul ar aghaidh leis na pointí léirmhínitheacha sa Chlár i Nollaig 2019. I measc na n-áiteanna sa Chlár tá: Loch Buinne, Cora Finne, Cill Iníne Baoith, Cill Fhionnúrach, Inis Díomáin, Lios Dúin Bhearna, Coill na nGrágán agus Aill na Tulach.

## Craobhchomórtas Oscailte na hÉireann Dubai Duty Free, 3-7 Iúil 2019

Bhí an comórtas gailf mór le rá Craobhchomórtas Oscailte na hÉireann ar siúl sa Leacht i gContae an Chláir idir 3-7 Iúil 2019.

***Ba iad na cuspóirí:***



1. **Craobhchomórtas Oscailte na hÉireann a óstáil chun An Leacht, Contae an Chláir a chur os comhair an domhain mar cheann scríbe bríomhar do thurasóirí.**
2. **Pobail agus gnólachtaí thart ar an Leachta a mhealladh agus a spreagadh le páirt a ghlacadh i bpleanáil, ullmhú agus soláthar "atmaisféar ceiliúrtha" as an ngnáth.**
3. **Tairbhí a bhaint amach don phobal a bheidh ann go ceann i bhfad i ndiaidh an imeachta.**

## Feachtas Margaíochta Chraobhchomórtas Oscailte na hÉireann

Bhí go leor gnéithe éagsúla san fheachtas margaíochta agus bhí píosaí scannáin de Chontae an Chláir i lár an aonaigh. Choimisiúnaigh Contae an Chláir, tar éis di dul i gcomhairle le Turas na hEorpa, sraith físeán inar tarraingíodh aird ar Chontae an Chláir mar ceann scríbe do thurasóirí. Craoladh na físeáin ghearra sin ar Sky Sports agus craoltóirí eile ar fud na hEorpa agus na Stát Aontaith (an Golf Channel san áireamh) agus sroicheadh lucht féachana os cionn 550 milliún teaghlach.

Bhí píosaí faoi chinn scríbe le feiceáil ag tús gach craolacháin chun aird a tharraingt ar Chontae an Chláir agus Éire. Úsáideadh íomhánna agus scripteanna a chuir Comhairle Contae an Chláir ar fáil. Bhí an dá bhranda - 'Slí an Atlantaigh Fhiáin' agus 'Croílár Ceilte na hÉireann' - le feiceáil go rialta sna craolacháin. Bhí Club Gailf an Leachta le feiceáil sna craolacháin freisin. Tá clú ar an gclub mar cheann de na cúrsaí is fearr ar an taobh seo den Atlantach.

Rinneadh forbairt ar an imeacht chun go meallfaidh níos mó daoine: bhí 'Féile an Leachta do Theaghlaigh 2019' ar siúl ina raibh ceol agus siamsaíocht sráide; mheall Turas Charraigeacha Bhoirne iad siúd a bhfuil spéis acu sa gheolaíocht; agus cuireadh Comórtas na bhFuinneoga Is Fearr Gléasta chun cinn go forleathan chun gnólachtaí agus phobail a mhealladh. Cuireadh chun cinn iad go léir ar na cainéil meán sóisialta Twitter, Facebook agus Instagram.

## An Gheopháirc a athdheimhniú mar bhall de Líonra Domhanda Geopháirceanna UNESCO 2019-2023

Rinneadh é sin in Iúil tar éis do mheastóirí UNESCO tabhairt faoi mheastóireacht mhionsonraithe. D'éirigh go han-mhaith leis an bpróiseas athdheimhnithe agus leanfaidh sé ar aghaidh go ceann ceithre bliana.




***Ionadaithe ó Chomhairle Contae an Chláir agus baill Líonra Éiceathurasóireachta Bhoirne in éineacht leis na meastóirí UNESCO le linn an phróisis creidiúnthe in 2019.***

## Geopháirc Dhomhanda UNESCO Bhoirne agus Aillte an Mhothair

Leanamar ar aghaidh an Gheopháirc a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe agus chuireamar clár oibre i bhfeidhm a thacaíonn le fiontair thurasóireachta áitiúla trí Líonra Éiceathurasóireachta Bhoirne.

Tá Cód Cleachtais na Turasóireachta Inbhuanaithe lárnach don obair seo maidir le cláir turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt, tionscadail chaomhantais le pobail áitiúla, agus i láithreáin chultúrtha agus i mbainistiú agus monatóireacht conaire. Is é an Cód Cleachtais an t-aon cheann den chineál sin in Éirinn. Tá caighdeán curtha ar fáil aige le monatóireacht a dhéanamh ar dhramhaíl agus ar úsáid uisce agus fuinnimh. Tacaíonn sé le gnólachtaí le go n-éireoidh níos éifeachtúla. Chuir 45 gnólacht sa Gheopháirc an Cód Cleachtais i gcrích in 2019.

Mar bhall den Líonra Domhanda Geopháirceanna, ghlac an Gheopháirc páirt i gcruinnithe Geopháirceanna Eorpacha agus i bhFóram Gheopháirceanna na hÉireann a oibríonn go dlúth i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann chun oideachas geolaíoch agus turasóireacht a chur chun cinn in Éirinn agus thar lear. Tá an Clár Oibre Geopháirceanna maoinithe i bpáirt ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Tá an Gheopháirc ina comhpháirtí de Chlár Eorpach Interreg um Chomhpháirtíocht Cheantar an Atlantaigh freisin. Mar chuid de sin, forbrófar bealach turasóireachta trí na Geopháirceanna ar chósta an Atlantaigh.

I measc na dtionscnamh ar tugadh fúthu le linn na bliana, bhí an cúrsa oíche geolaíoch, "Stone, Water & Ice", atá ar siúl le 10 mbliana anois, an Scoil Samhraidh Gheolaíochta Idirnáisiúnta Allamuigh i Meitheamh agus an Cúrsa Domhanda Éiceolaíochta, cúrsaí a bhí ar siúl i gcomhar le hionad oideachais allamuigh Bhoirne, Dúnfort Chathair Chonaill agus Coláiste Ealaíne Bhoirne faoi seach. Tuairiscíodh faoin aimsiú iontaise i nDúlainn ó 350 milliún bliain ó shin sna nuachtáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.



***Le linn 2019, d'óstáil foireann Gheopháirc Bhoirne toscaireachtaí idirnáisiúnta, grúpaí ó Gheopháirc Saimaa, An Fhionlainn ina measc.***

## Plean Straitéiseach do Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae an Chláir

Le linn 2019, thug Comhairle Contae an Chláir, i gcomhpháirtíocht mhaoinithe le hOidhreacht na Sionainne, faoi straitéis turasóireachta a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise, a bhreathnaíonn chun cinn agus atá nuálach. Leagfaidh an straitéis síos an treoir d'fhorbairt táirgí turasóireachta, margaíocht/bolscaireacht agus infheistíocht phoiblí is phríobháideach don chéad deich mbliana eile. Cuireadh os cionn deich gceardlann comhairliúcháin phoiblí ar siúl ar fud an Chontae. Taifeadadh gach aighneacht d'fhonn an doiciméad deiridh a chur le chéile.

Go déanach in 2019, cheap an Chomhairle Contae an Chláir Ceannasaí Gníomhach Turasóireachta tar éis don Chomhairle gealladh go gcuirfidh sé Rannóg Turasóireachta tiomnaithe ar bun laistigh den Stiúrthóireacht um Fhorbairt Thuaithe.

## Rannóg Leathanbhanda, Dhigiteach agus Faisnéise Teicneolaíochta

Tá rannóg leathanbhanda, dhigiteach agus faisnéise teicneolaíochta Chomhairle Contae an Chláir freagrach as seirbhísí teicneolaíochta faisnéise cumarsáide a chur ar fáil do gach fostaí i gComhairle Contae an Chláir. Anois clúdaíonn líonra na Comhairle 15 shuíomh dhifriúla ar fud an Chontae a thacaíonn le thart ar 600 úsáideoir.

Áirítear leis na suíomhanna sin oifigí Ceantair Bhardasaigh sa tSionainn, Cill Dalua, Cill Rois agus Inis Díomáin, áiteanna ar féidir rochtain a fháil ar an eolas agus ar na seirbhísí Comhairle ar fad. Déantar éascaíocht ar rochtain ar sheirbhísí cosúil le mótarcháin, fiosrú faoi chuntas, íocaíocht agus fiosruithe pleanála ar líne ag na háiteanna sin. In 2019, tugadh faoi roinnt uasghráduithe córais lena chinntiú go mbeidh córais Chomhairle Contae an Chláir slán agus go gcosnófar faisnéis an t-am ar fad. Áiríodh leis sin uasghráduithe infreastruchtúir agus ár réiteach balla dóiteáin a shuiteáil.

Tugadh isteach feidhmiúlacht oibre ó chian ar mhaithe le foireann na heagraíochta in 2019. Dá bharr sin, tá modh oibre agus cumarsáide níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí acu agus tá fáil éasca acu ar fhaisnéis agus ar chóras na Comhairle.

### Straitéis Dhigiteach an Chláir

Ghlac Comhairle Contae an Chláir le Straitéis Dhigiteach an Chláir in 2018. Chuir sí fís agus treochlár lena mbaineann ar fáil chun tacú leis an ngeilleagar digiteach sa chontae sa chéad chúig bliana eile. I dtaca leis sin, tá an Rannóg Dhigiteach agus Leathanbhanda ag obair go gníomhach i roinnt réimsí chun a chinntiú go mbaintear amach na cuspóirí sin.

## Clár Nuálaíochta Digití




D'éirigh le hiarratas ar mhaoiniú faoin tionscnamh seo. Is é is aidhm leis an tionscadal, dar teideal "The Internet for 'U'", clár chun eolas a fháil ar chúrsaí Digiteacha a chur ar fáil a dhíríonn ar ghrúpaí éagsúla inár bpobail ach ranganna agus ceardlanna saincheaptha a sholáthar. Cuirtear ar fáil é inár Moil Dhigiteacha i gcomhar le soláthraithe beaga áitiúla. Bhí daoine den phobal feirmeoireachta agus baill dár bpobal aoisbhá páirteach sna chéad chéimeanna den chlár sin. D'éirigh go han-mhaith leis an gclár seo agus agus bhí éileamh mór air. Leanfar ar aghaidh leis go ceann i bhfad.

## Ionad Nuálaíochta Ilseirbhíse Inis Díomáin

Fuarthas maoiniú in 2019 chun Ionad Nuálaíochta Ilseirbhíse a fhorbairt in Inis Díomáin faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Freastalaíonn an t-ionad ar fhiontair phríobháideacha agus daoine aonair agus tacaíonn sé leo ach deasca sealaíochta, spás oifige, aonaid ghoir, seomraí cruinnithe agus áiseanna oiliúna a chur ar fáil. Tá na háiseanna sin ar fáil do chónaitheoirí áitiúla agus grúpaí pobail, ríomh-oibrithe agus comaitéirí agus cuairteoirí a bhfuil spás oifige agus nascacht idirlín ag teastáil uathu. Tá na sonraí ar fad faoi na seirbhísí agus áiseanna sin ar fáil ar www.digiclare.ie.


Soláthraítear seirbhísí poiblí agus sóisialta mar chuid den tionscadal seo chomh maith, i gcomhar le Ionad Acmhainní do Theaghlaigh Iarthuaisceart an Chláir. Cuireann an eagraíocht sin raon seirbhísí agus deiseanna forbartha ar fáil a théann i ngleic le riachtanais daoine aonair, grúpaí, teaghlach agus grúpaí pobail sa réigiún.

D'oscail an tAire Michael Ring an tIonad go hoifigiúil i Nollaig 2019 agus tá rath agus éileamh air go dtí seo.





DIGICLARE
connectingcommunities




# Economic Development Directorate



Liam Conneally
Stiúrthóir um Fhorbairt Gheilleagrach

## Forbairt Gheilleagrach

Bliain ghnóthach eile a bhí in 2019 do Stiúrthóireacht na Comhairle um Fhorbairt Gheilleagrach. Tugann méadú ar ghníomhaíocht sa réimse pleanála agus forbartha le fios go bhfuil an geilleagar sa Chontae ag fás go láidir. Tháinig méadú ar líon na bpost sa Chontae arís, mar a léirítear le feidhmíocht na hOifig Fiontair Áitiúil. Cuireann Jaguar Land Rover agus ELS sa tSionainn go mór le geilleagar an Chláir. Mar chuid d'fhreagairt ilghníomhaireachta, chuir an Chomhairle tacaíocht ar fáil do Molex, Roche agus Avara chun maitrís scileanna agus oiliúint a ullmhú don lucht oibre atá ag lorg deiseanna nua. Le linn 2019, lean an Chomhairle de bheith ag obair go dlúth le Bord Soláthair Leictreachais maidir le todhchaí stáisiún cumhachta Ghob na Maoine.

Ghlac na comhaltaí tofa le Leasú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae an Chláir i Márta, rud a éascóidh forbairt Champas Ionad Sonraí Inse ag Acomhal 13 (Bóthar na Tulaí) den M18. Táthar ag súil leis go gcuirfear an t-iarratas pleanála d'fhorbairt Champas an Ionaid Sonraí isteach in 2020.

Bhunaigh Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh Campas buan tríú leibhéal in Inis le linn na bliana.

I Nollaig 2019, ghlac Tionól an Deiscirt leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE), lena n-áirítear ardáin thábhachtacha bheartais chun Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh (BDLT), CFS Dheisceart an Chláir/Ollscoil Luimnigh agus Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Inse 2040 a sheachadadh.

Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana le sainchomhairleoirí spásúlachta agus eacnamaíochta a earcú le Straitéis Lárionad Bhaile na Sionainne a ullmhú in 2019.

### An Coiste Beartais Straitéisigh CBS um Fhorbairt Gheilleagrach

Tionóladh trí chruinniú le linn 2019 agus, i ndiaidh na dtoghchán áitiúil i mBealtaine 2019, rinneadh Coiste na Comhairle a athchruthú. Tá 7 gcomhalta tofa Chomhairle Contae an Chláir agus 6 ionadaí earnála ar an gCoiste agus tacaíonn an Stiúrthóir Seirbhíse leis an gCoiste. Bhí an chéad chruinniú den CBS nua um Fhorbairt Gheilleagrach ar siúl i Nollaig 2019 agus tugadh eolas do chomhaltaí CBS maidir le ról na Stiúrthóireachta, na príomhcheisteanna don CBS sa chéad chúig bliana eile agus na tionscadail atá ar siúl cheana, an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta san áireamh. Beidh an tAthrú Aeráide agus Bithéagsúlacht ina míreanna cláir buana don CBS nua le linn a thréimhse oifige.

### Oideachas Tríú Leibhéal - Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT)

Tar éis comhoibriú domhain ar an réiteach réadmhaoine, osclaíodh Campas Inse ITL ar Shráid Bindon in Inis ar an 16 Nollaig 2019. D'oscail an tAire Trádála, Fostaíochta, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosanta Sonraí, Pat Breen, an campas. D'infheistigh an Chomhairle thart ar €1 milliún san fhoirgneamh folamh i lár stairiúil an bhaile chun go mbeidh sé den chaighdeán atá ag teastáil le haghaidh campas oideachais nua-aimseartha. Léiríonn sé sin tiomantas ITL d'Inis agus cuireann sé ar a cumas méadú a chur ar leibhéal an oideachais fochéime am lae tríd an Lár-Oifig Iontrála, chomh maith le deis a thabhairt di cúrsaí oíche nua agus oideachas gairme a chur ar fáil. Cuireann an áis nua leis na roghanna oideachais atá ar fáil do dhaoine go háitiúil, agus ag an am céanna freagraíonn sé do riachtanais na ngnóthaí agus earnáil na tionsclaíochta sa Chlár.




Soláthraíodh an Campas LIT nua in Inis mar thoradh ar chaidreamh láidir oibre idir Comhairle Contae an Chláir agus LIT. Léiríonn sé fadbhreathnaitheacht na Comhairle ó thaobh tús áite a thabhairt d'Institiúid Tríú Leibhéal a thógáil in Inis mar phríomhchuspóir. Cothóidh sé sin fás daonra agus deiseanna fostaíochta nua don Chontae. Tá ocht gclár céime ar fáil anois ag Campas Inse LIT tríd an Lár-Oifig Iontrála - féach www.lit.ie.

## Crios Forbartha Straitéisí Eacnamaíochta an Chláir Theas

I mí Aibreáin 2018, gheall Comhaltaí Tofa go n-ullmhóidís iarratas ar Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) le haghaidh champas Ollscoil na hÉireann/an Chláir Theas. Leis an iarratas CFS, déanfar láithreán úrnua 325 acra in aice le Campas 125 acra Ollscoil Luimnigh atá ann cheana i gContae an Chláir a iompú ina chrios oideachais/fostaíochta/cónaithe Ollscoile. Le linn an phróisis sin, meastar go gcruthófar 3,500 post ar a laghad agus go lorgóidh Ollscoil Luimnigh ainmniú AE mar an gcéad Bhaile Ollscoile san Eoraip.

Bhuail an Chomhairle le hoifigigh na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a d'iarr go ndéanfaí obair bhreise, is é sin Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Breithmheas Eacnamaíochta a rachaidh in éineacht leis an iarratas CFS chuig an Rialtas. Bhí an Chomhairle agus Ollscoil Luimnigh i mbun plé le linn na tréimhse sin freisin chun cuideachta gníomhaíochta ainmnithe a bhunú chun an t-iarratas CFS a dhéanamh. Táthar ag súil leis go gcuirfear an t-iarratas CFS isteach chuig an Rialtas roimh lár na bliana 2020.

## Plean Spásúlachta agus Eacnamaíochta Inse 2040

Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chláir í Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Inse 2040 chun Straitéise Forbartha Geilleagraí, Spásúlachta agus Margaíochta a ullmhú do Bhaile Inse agus an Ceantar Máguaird go dtí 2040 agus ina dhiaidh sin. Lean Comhairle Contae an Chláir de bheith ag obair lena comhairleoirí Avison Young in 2019. Cé gur cuireadh moill bheag ar an tionscadal mar gheall ar an ngá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Scagadh Measúnachta Cuí faoin tionscadal a ullmhú, chomh maith le measúnú riosca tuile, tá an obair seo riachtanach don chéim feidhmithe d'Inis 2040 agus bheadh gá le hé a dhéanamh ag céim athbhreithnithe an Phlean Forbartha Contae. Táthar ag súil leis go gcuirfear an Straitéis i gcrích in 2020 agus, trí é a chur i bhfeidhm, go tabharfar spreagadh agus treoir d'Inis a fhorbairt sa chéad 20 bliain eile. Sa ghearrthéarma, déanfaidh sé eolas d'ullmhú an athbhreithnithe ar Phlean Forbartha Contae an Chláir.

## Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne

Chuir McCarthy Keville O'Sullivan an Suirbhé Éan do Limistéar Cosanta Speisialta (LCS) na Sionainne agus Inbhear an Fhorgais in 2019. Tá sé ar an suirbhé is cuimsithí faoi éin uisce in Inbhear na Sionainne agus Inbhear an Fhorgais

a tugadh faoi riamh, agus clúdaítear thart ar 85% den LCS ó ceann ceann na bliana. Taifeadadh 70 speiceas éin uisce sa suirbhé ar an iomlán. Taifeadadh os cionn 20,000 éan uisce sna míonna ar fad sa tréimhse áirimh traidisiúnta le linn an gheimhridh (Meán Fómhair-Márta) agus bhí an uimhir ar an leibhéal is airde i Nollaig nuair a taifeadadh 44,000 éan. Le linn an tsuirbhé, taifeadadh líon éan a bheadh tábhachtach i dtéarmaí idirnáisiúnta maidir le dhá speiceas, is iad sin an eala ghlórach agus an guilbneach earrdhubh. Ach tá laghdú suntasach ag teacht ar líon na gcadhan le bolg geal, seil-lachan, lachan stiúrach, lachan iascán, pilibíní, guilbneach stríocearrach, cnotaí agus circíní trá.

## Cruinniú Mullaigh Saibhreas Ár nAigéin 2019, SeaFest

D'fhreastalaíomar ar an gCruinniú Mullaigh Saibhreas Ár nAigéin, mar chuid den fhéile SeaFest a bhí ar siúl i gCorcaigh i Meitheamh 2019. Thug sé sin deis dúinn na láithreáin chriosaithe mhuirí feadh chósta thuaidh Inbhear na Sionainne i gContae an Chláir a chur chun cinn. Léiríodh spéis shuntasach i bhforbairt mholta Chrios Eacnamaíoch Mhuirí an Chláir i gCathair Chonaill ag an imeacht agus rinneadh ionchur maidir leis sin freisin. Rinneadh plé le roinnt comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla d'fhonn leas a bhaint as a saineolas agus a n-ionchur ar mhaithe le cuspóir foriomlán agus pleanáil an tionscadail. Chuathas i dteagmháil le roinnt daoine tábhachtacha sa réimse muirí ag "Seóthaispeántas an Tionscail Mhuirí in Éirinn" agus úsáidfear na caidrimh sin chun dul chun cinn breise a dhéanamh sna chéad chúpla mí eile.

## Ionad Barr Feabhais Mara Chathair Chonnaidh

Bhí Comhairle Contae an Chláir i gceannas ar fhorbairt an Chreatphlean Chomhtháite Straitéisigh d'Inbhear na Sionainne. D'aithin an plean roinnt láithreán straitéiseach in Inbhear na Sionainne, lena n-áirítear Cathair Chonnaidh, agus criosaíodh an láithreán le haghaidh forbairt a bhaineann le cúrsaí muirí i bPlean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2023. Sainaithníodh sa Phlean Forbartha agus i Straitéis Fuinnimh Inathnuaite an Chláir roinnt suíomhanna atá oiriúnach do theicneolaíochtaí inathnuaite fuinnimh tonnta amach ón gcósta.

In 2017, rinne an Rannóg Pleanála, le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann, staidéar féidearthachta ar an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainneacht forbartha atá ag láithreán mara Chathair Chonnaidh. Sainaithníodh sa staidéar féidearthachta roinnt forbairtí féideartha i gCathair Chonnaidh. Is é an fhís atá ag saoráid Caheron sa doiciméad ná;

- Saoráid sainoiliúna tráchtála a chruthú a chuireann cúrsaí oiliúna muirí ar fáil agus oiliúint bhreisluacha ar fáil do phearsanra nach mairnéalaigh iad a ghlacann poist ar muir,
- Saoráid a chruthú chun saotharlanna taighde allamuigh, trealamh muirí, agus iompar muirí a chur san áireamh le haghaidh margadh mór taighde allamuigh tríú leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta,
- Bunáit tástála allamuigh a chruthú d'fhorbróirí gléasanna in-athnuaite muirí le go mbeidh siad ábalta Taighde agus Forbairt shlán a dhéanamh agus forbairt a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag forbróir reatha ar an láithreán.

In 2018, bhronn Fiontraíocht Éireann €1.7 milliún chun trealamh sainoiliúna, pearsanra agus fearas oifige/saotharlainne a cheannach do shaoráid ilchuspóireach a chuirfidh oiliúint idirnáisiúnta crúsála ar fáil, a chuirfidh lárionad taighde allamuigh idirnáisiúnta ar fáil, agus a chuirfidh áit tástála agus oiliúna in-athnuaite mhuirí ar fáil. In 2019 cuireadh tús le cás gnó don fhorbairt mholta, chomh maith le comhaontú comhpháirtíochta le comhpháirtithe féideartha a ullmhú lena sholáthar.




***Grianghraf ag fógra Fhiontraíocht Éireann go dtabharfaí maoiniú d'Ionad Barr Feabhais Muirí Chathair Chonnaidh***

## Teach Chathair Chonnaidh

Tugadh faoi staidéar indéantachta ar an acmhainn, luach agus féidearthacht oidhreachta a bhaineann le Teach agus Eastáit Chathair Chonnaidh agus an tírdhreach muirí in aice láimhe chun tuiscint iomlán a fháil ar chomhthéacs oidhreachta Theach Chathair Chonnaidh agus an cheantair máguaird. Déanfaidh an staidéar eolas d'fhorbairt amach anseo chun cur le luach na háise poiblí, leis an tairbhe agus le taitneamhachtaí oidhreachta inmharthana ag an láthair agus cuirfidh sé leis an acmhainneacht turasóireachta atá ag Bealach Inbhear na Sionainne. Staidéar cuimsitheach a bhí ann. Cuireadh i láthair ann go leor smaointe a d'fhéadfadh a fhorbairt, rinneadh staidéar ar oidhreacht agus comhthéacs stairiúil Theach Chathair Chonnaidh. Déanfaidh an staidéar eolas do dheiseanna forbartha.

Bhí imeacht Sheachtain na hOidhreachta ar siúl in Ionad Pobail Chill an Dísirt i Lúnasa 2019 ina ndearnadh plé ar stair agus oidhreacht an tí agus na dtailte agus ar a gcaidreamh leis na pobail sa cheantar máguaird ar Inbhear na Sionainne. D'fhreastail os cionn 100 duine ar an oíche.




## Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh (CEA)

Tugtar an CEA don réigiún neamhriaracháin nó "líneach" a shíneann feadh chósta an Iarthair ó Chiarraí go nDún na Gall agus cuimsíonn sé Contae an Chláir. Tá sé mar aidhm aige comhoibriú laistigh den CEA a thogáil agus a mhéadú chun an leas is mó is féidir a bhaint as a chuid sócmhainní, infheistíocht a mhealladh agus poist agus rathúnas a chruthú sa réigiún. Príomhchuspóir na Conaire is ea forbairt réigiúnach suntasach a spreagadh, le go mbeidh cothromaíocht ann idir an Cósta Thiar agus Cósta Thoir na hÉireann.

Le linn 2019, chuir Comhairle Contae an Chláir iniúchadh ar spás fiontair in Inis agus sa tSionainn i gcrích. Chomh maith leis sin, chuireamar an fhaisnéis ábhartha ar fáil do ghnólachtaí atá sa tóir ar spás agus réitigh réadmhaoine d'fhonn gnó nua a mhealladh don Chontae.

## Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach

Cé nach ndearnadh aon ghairm shonrach ar mhaoiniú faoin scéim seo in 2019, rinneadh socruithe le comhpháirtíocht Eacnamaíochta agus Spásúlachta


a fháil d'fhonn Máistirphlean Bhaile na Sionainne a ullmhú. Ceapfar na Sainchomhairleoirí go luath in 2020. Déanfaidh an Rialtas gairm bhreise ar iarratais faoin scéim seo in Eanáir 2020, scéim a dhíríonn ar Inis agus an tSionainn.

## Pleanáil

### Pleanáil ar Aghaidh

### Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta

Chuaigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt i mbun oibre le hÚdaráis Áitiúla in 2019 chun Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt don tréimhse 2019-2031 a dhréachtú agus a chur i gcrích. Glacadh leis i Samhain 2019.




Soláthraíonn an SRSE pleanáil straitéiseach agus creat eacnamaíoch fadtéarmach ar leibhéal réigiúnach, chun tacú le cur chun feidhme an Chreata Pleanála Náisiúnta, do na forbairtí fisiciúla, eacnamaíocha agus sóisialta amach anseo do Réigiún an Deiscirt. Tá an straitéis ar fáil ar: http://www.southernassembly.ie/regional-planning/regional-spatial-and-economic-strategy.

### Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2023

Ghlac na Comhaltaí Tofa le hAthrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023 an 11 Márta 2019. Ba é ba chúis leis an athrú ná éifeacht a thabhairt do Ráiteas Polasaí an Rialtais maidir le hIonaid Sonraí a fhorbairt in Éirinn trí an rogha suímh d'Ionad Sonraí i gContae an Chláir a aithint ar bhealach pleanáilte. Chuir comhairleoirí comhshaoil Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Tuarascáil Tionchair Natura agus Measúnacht Straitéiseach Riosca Tuile i gcrích maidir leis na tailte atá i gceist don athrú molta ar bPlean Forbartha.

### Athrú Uimh. 1 ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile na Sionainne agus an Cheantair Máguaird 2012-2018

D'athraigh na Comhaltaí Tofa Plean Ceantair Áitiúil Bhaile na Sionainne agus an Cheantair Máguaird 2012-2018 ar an 17 Meitheamh 2019 chun éascaíocht a dhéanamh ar athrú ar chriosú úsáide talún don talamh a aithnítear don síneadh reilige ag Reilig Illaunamanagh. Áiríodh leis an Athrú Measúnacht Chuí, Tuarascáil Tionchair Natura agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Tuarascáil Chomhshaoil.

## Páirc Bhaile na Sionainne

D'oscail Comhairle Contae an Chláir Páirc Bhaile na Sionainne, Bóthar Linne, An tSionainn go hoifigiúil i Samhain 2019. Tugadh maoiniú i bpáirt don tionscadal €1.5m faoin Tosaíocht Forbartha Uirbí Inbhuanaithe den Chlár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2014 -2020, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Scéim do Ranníocaíocht Forbartha de chuid Chomhairle Contae an Chláir 2017 - 2023. Is é príomhaidhm na páirce ná cur le saoráidí fóillíochta Bhaile na Sionainne agus chun an timpeallacht uirbeach i lár ainmnithe uirbeach na Sionainne a athnuachan agus a fheabhsú, mar chuid de straitéis deartha uirbeach chomhtháite.



## Plean Molta maidir le Comharthaí do Chuairteoirí i gCill Rois agus An Cheapaigh

Choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chláir Plean Comharthaí Cuairteoirí do Chill Rois agus don Cheapaigh. D'fhorbair Helena McElmeel Architects an Plean i ndlúthchomhar leis an Rannóg Pleanála sa Chomhairle. Tá dearadh na gcomharthaí bunaithe ar an mbéim láidir ar an oidhreacht nádúrtha agus thógtha i gCill Rois agus sa Cheapaigh, agus na ceantair máguaird, a léiriú. Ba é an Cloigtheach Éireannach ar Inis Cathaigh a spreag gnéithe eolais na gcomharthaí agus na hábhair a úsáideadh. Chuirfeadh na gnéithe tírdhreacha cósta Chill Rois i gcuimhne do dhuine.




***Comharthaí Molta***

## Scrúdú Sláinte Lár Baile Inse

Tugadh faoi Shuirbhé ar Lár an Bhaile d'Inis in 2019 agus tá sé ar fáil ón Rannóg Pleanála.

## Clár na Láithreán Folamh

Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le feidhmiú na reachtaíochta Tobhaigh Láithreán Folamh isteach chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i Nollaig 2019.

Le linn na bliana, thug an Rannóg Pleanála faoi mheasúnú ar na tailte ar fud an Chontae a bhféadfadh an tobhach a chur i bhfeidhm orthu i gcomhréir le forálacha an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015 (mar a leasaíodh in 2018). Seoladh fógraí faoin Acht chuig úinéirí na 15 láithreán i Ráithe 4 2019 d'fhonn na húinéirí talún a chur ar an eolas faoin bpróiseas agus chun cur in iúl dóibh go bhféadfadh aighneachtaí a dhéanamh faoin iontráil mholta i scríbhinn chuig an Údarás Pleanála taobh istigh de thréimhse ama shonraithe agus chun iad a chur ar an eolas maidir leis an bpróiseas achomhairc chuig an mBord Pleanála.

Faoi láthair, tá roinnt achomharc leis an mBord Pleanála maidir le láithreáin a cuireadh ar Chlár Láithreán Folamh an Chontae. Chuir an Chomhairle a tuairimí maidir leis na hachomhairc isteach agús táthar ag feitheamh ar chinneadh deiridh an Bhoird Phleanála.


## Caomhnú Ailtireachta

Le linn 2019, eisíodh cúig dhearbhú Alt 57 dhéag a bhain le hoibreacha ar dhéanmhais faoi chosaint. Tugadh tacaíocht don phobal, comhaltaí tofa, bailte slachtmhara agus Grúpaí Pobail ar shaincheisteanna éagsúla caomhantais.

In 2019, chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú ar fáil do dhéanmhais chosanta agus d’fhoirgnimh chosanta trí Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Foirgneamh (SIOF) agus an Ciste um Struchtúir Stairiúla (CSS). Ar an iomlán, tugadh amach deontais arbh fhiú €60k iad chun tacú le hoibreacha ar 8 dtionscadal faoin SIOF agus tugadh amach cúnamh deontais arbh fhiú €15,000 é faoin CSS i dtaca le hoibreacha a dhéantar ag Ross House, Cill Dalua.

## Plean Feabhsúcháin an Ríochta Poiblí do Bhaile Uí Áille

Fuair Bailte Slachtmhara Ghort Lomáin maoiniú LEADER agus d'fhostaigh siad The Paul Hogart Company chun plean feabhsúcháin an ríochta poiblí a chur i gcrích do cheantar Loch Bhaile Uí Áille in Inis.




Ghníomhaigh an Rannóg Pleanála mar chomhairleoir don ghrúpa pobail áitiúil agus rinne sí teagmháil leis na sainchomhairleoirí ceaptha thar ceann an ghrúpa thar thréimhse 2 bhliain agus cuireadh an plean i gcrích in 2019.

### *Ba é cuspóirí an phlean ná:*

- **Eolas a dhéanamh d'oibreacha feabhsúcháin sa cheantar amach anseo**
- **Bunús a thabhairt d'iarratais phleanála agus mhaoinithe amach anseo**
- **Deiseanna le haghaidh úsáid phoiblí fheabhsaithe a aithint**
- **A chinntiú go mbíonn taitneamhachtaí sábháilte agus tarraingteach**
- **Naisc a chruthú leis an líonra infreastruchtúir ghlais níos leithne**



## Tionscadal Píolótach ar 6 Staidéar Sráidbhaile

Tar éis do na Ceantair Bhardasacha faoi seach eolas a thabhairt do na Comhaltaí Tofa in 2018, reáchtáladh comhairliúcháin phoiblí tosaigh maidir le staidéir sráidbhaile a dhéanamh sna sráidbhailte seo a leanas: Áth Leathan, An Geata Bán, Leacain an Éadain, Cuar an Chláir, Mullach agus Carraig an Chabhaltaigh. Úsáideadh an t-aiseolas le linn ullmhú na staidéar sráidbhaile.

Go déanach in 2018, chuir an Rannóg Pleanála na príomhthorthaí agus moltaí ó na Staidéir Sráidbhaile os comhair na bpobal áitiúil. Rinneadh plé ar deiseanna fáis agus athnuachana, chomh maith le moltaí, eolas agus treoir do na pobail áitiúla. Tá an t-aiseolas ó na pobail tugtha le chéile agus cuireadh na staidéir sráidbhaile i gcrích in 2019.



## Turret Lodge, Cill Rois

D'éirigh le Comhairle Contae an Chláir agus Cumann Staire Chill Rois agus Cheantar Chill Rois maoiniú a fháil le haghaidh tionscadal athghiniúna faoi stiúir oidhreachta i gCill Rois, faoin Tionscnamh Bailte Stairiúla 2019. Gnóthas comhpháirteach is ea seo idir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Chomhairle Oidhreachta a bhfuil sé mar aidhm aige athghiniúint faoi stiúir oidhreachta a chur chun cinn i mbailte stairiúla na hÉireann.

Leithdháileadh €190,000 chun Turret Lodge a chaomhnú agus chun spás beag ginealais agus taispeántais a dhéanamh den teach geata. Tá Comhairle Contae an Chláir ag cur €50,000 eile ar fáil don tionscadal.

Sainchomhartha aitheanta is ea é Turret Lodge a théann siar le 1845. Tá sé ar bhruach theas na habhann ar chúl na Cille agus rialaíonn sé an bealach idir an baile agus diméin Vandeleur. Smaoinigh Cumann Staire Chill Rois agus Cheantar Chill Rois ar choincheap an tionscadail seo den chéad uair.

I measc raon na n-oibreacha, bhí oibreacha deisiúcháin dín, an cóta rindreáilte suiminte a bhaint, athchóiriú, pointeáil nua agus cóta rindreáilte aoil a chur ar urlár na talún agus ar an gcéad urlár,
fásra ar na ballaí a bhaint, an obair chloiche ar an mbealach áirseach agus cíora lámhaigh a athchóiriú, an tseid sheachtrach, ballaí máguaird agus céimeanna a athchóiriú, an talamh agus na síleálacha a athchóiriú agus fuinneoga agus doirse nua a shuiteáil.

D'oibrigh an fhoireann tionscadail go dlúth i gcomhar le Cumann Staire Chill Rois agus Cheantar Chill Rois ar an tionscadal seo a chuirfidh feabhas breise ar an mbaile mar cheann scríbe turasóireachta. Tá Cill Rois ar cheann de na eiseamláireacha is fearr de bhaile oidhreachta in Éirinn. Cuirfear le luach oidhreachta an Chláir ó thaobh turasóireachta de mar gheall ar athchóiriú an fhoirgnimh seo. Tá sé beartaithe go gcríochnófar i gcrích go luath in 2020.





***Íomhánna roimh na hoibre deisiúcháin inmheánaí agus ina diaidh***





***Íomhánna roimh na hoibre deisiúcháin seachtraí agus ina diaidh***

# Oidhreacht

## Seachtain na hOidhreachta

Bhí Seachtain na hOidhreachta ar siúl ón 17 go dtí 25 Lúnasa 2019 agus ba í an cheann in 2019 an 17ú comóradh bliantúil ar oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúir Chontae an Chláir. Comhordaíonn an Rannóg Pleanála an tseachtain ar leibhéal áitiúil in éineacht leis an gComhairle Oidhreachta. Faigheann siad tacaíocht ó Fháilte Éireann agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Gradaim Náisiúnta Oidhreachta 2018

Fuair Cumann Staire Chill Rois agus Cheantar Chill Rois "Gradam Le Chéile san Eoraip" ag na Gradaim Náisiúnta Oidhreachta 2018 i mBaile Átha Cliath ar an 6 Feabhra 2019. Rinne 'Taispeántas ar Cheirmeacht Chill Rois' comóradh ar thionscal na ceirmeachta i mbaile beag in Iarthar an Chláir a bhí beagnach ligthe i ndearmad ag an bpobal tráth, agus ar a naisc leis an Eoraip. Bhí sé ar cheann de na himeachtaí sa Chlár le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2018. Ó 1961 go dtí 1983, d'fhostaigh Kilrush Ceramics, ar leis Ueblacker (Rosenthal ina dhiaidh sin) é, os cionn 100 duine. Chuir an taispeántas roghnúchán na dtáirgí daite agus neamhghnácha a rinneadh ag an monarcha os comhair an phobail, agus rinneadh plé ar a stair i gcomhthéacs Éireannach agus Eorpach.

## Plean Náisiúnta Oidhreachta Nua

Iarrtar le hOidhreacht Éireann 2030 an ról ríthábhachtach atá ag oidhreacht inár bpobal, ár ngeilleagar agus ár sochaí a aithint. Lorg an Rannóg Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta aighneachtaí ón phobal ar Phlean Oidhreachta nua a thacóidh leis na tosaíochtaí d'oidhreacht na hÉireann a mhúnlú don chéad 10 mbliana eile. Rinneadh an Rannóg Pleanála aighneacht maidir leis an bplean.

## Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Cultúir Doláimhsithe

Cuireadh isteach comhléiriú spéise isteach chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le aghaidh aitheantas Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Cultúir Doláimhsithe d'Fhéile Capall Idirnáisiúnta Chnoc Uarchoille.

# Bithéagsúlacht

## Lámhleabhar Acmhainní Bithéagsúlachta don Fhoireann Údaráis Áitiúil ar fad

Tá Lámhleabhar Acmhainní Bithéagsúlachta saincheaptha á fhorbairt faoi láthair d'fhoireann údaráis áitiúil agus Comhaltaí Tofa. Beidh cur chuige nuálacha aige agus beifear ábalta é a nuashonrú in imeacht ama. Is féidir aithris a dhéanamh ar an tionscadal agus an lámhleabhar, arb é an chéad cheann dá chineál in Éirinn, in údaráis áitiúla eile ar fud na tíre. Faigheann an tionscnamh sin maoiniú i bpáirt ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra faoi Dheontas an Phlean Gnímh Náisiúnta um Bhithéagsúlacht 2019-2021.

## Pleananna Bithéagsúlachta Pobail

Thacaigh an tOifigeach Oidhreachta le hoiliúint bhithéagsúlachta do phobail a leathnaigh Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir (CFÁC) amach. Choimisiúnaigh sé Burrenbeo chun an oiliúint a chur ar fáil do 16 phobal ag 4 áit ar leith ar fud Chontae an Chláir. Ag deireadh na hoibre, cuireadh an t-imeacht “Working together for nature - An exhibition of community biodiversity plans” ar siúl agus seoladh 15 phlean gnímh bithéagsúlachta do phobail áitiúla ag an imeacht. Leanann oiliúint bhithéagsúlachta ar siúl ar son pobal, daoine aonair agus feirmeoirí.

## Teastas Gnóthachtála do Dhaltaí na hIdirbhliana

Tugadh Teastais Ghnóthachtála do 36 dalta idirbhliana i Scoil Naomh Anna, Cill Dalua i mBealtaine 2019 as a dtionscadal bithéagsúlachta mar chuid den chlár scoile Tobermurragh/Bane Field i gCill Dalua. Bhí an tionscnamh oideachais seo mar chuid den Staidéar Éiceolaíochta Tobermurragh/Banes Field agus an clár Díothaithe Speiceas Ionrach ar tugadh faoi in 2018.

## Boirinn faoi Bhláth, 7 go 9 Meitheamh 2019

Dhírigh an fhéile 'Boirinn faoi Bhláth' 2019 ar phailneoirí. D'óstáil Comhairle Contae an Chláir imeacht mar chuid den fhéile Boirinn faoi Bhláth 2019 inar deimhníodh tiomantas na Comhairle don Phlean Pailneoirí do Chomhairleoirí. Thug Una Fitzpatrick ón Ionad Náisiúnta Taifead Bithéagsúlachta caint don Chomhairle maidir le pailneoirí i Meitheamh agus ina dhiaidh sin bhí siúlóid go dtí Fair Green (Páirc Tim Smythe) le comhairle níos praiticiúla a thabhairt maidir le plandú a thacaíonn le Pailneoirí. D'fhreastail baill foirne, Bailte Slachtmhara Inse, múinteoirí ó Choláiste Mhuire agus daoine den phobal ar an lá sin agus aithníodh líon maith bumbóg i bPáirc Tim Smythe.

## Plean Uile-Éireann um Phailneoirí

Rinneadh cur i láthair d'Fhoireann Bainistíochta Chomhairle Contae an Chláir faoin 'bPlean Uile-Éireann um Phailneoirí'. De réir réamh-mheasúnú ar na cleachtais reatha agus na feabhsúcháin bheartaithe, atá ag teastáil mar chuid den Phlean Pailneoirí d'údaráis áitiúla, tá Comhairle Contae an Chláir an-tiomanta dá ról a imirt, do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus tacaíocht a chur ar fáil do phobail.

## Oiliúint maidir le do Thírdhreach Áitiúil a Léamh

In 2019, bhí oiliúint 'Do Thírdhreach Áitiúil a Léamh' ar siúl i gCill Rois agus Cill Dalua. Anois is cúrsa praiticiúil 20 seachtain é an oiliúint sin. Cúrsa 12 sheachtain a bhí ann roimhe. Is é príomhaidhm an chúrsa cur ar chumas daoine den phobal a n-acmhainní oidhreachta ar leith áitiúla a aithint, a chur chun cinn agus a chaomhnú. Tá an oiliúint do Thírdhreach Áitiúil a Léamh maoinithe ag an gclár Éire Ildánach agus is comhoibriú é idir Comhairle Contae an Chláir agus Bord Oideachais Luimnigh agus an Chláir. Tá sé ar aon dul le Straitéis Éire Ildánach an Chláir chun cruthaitheacht sa phobal a chumasú.

Bhí Taispeántas ón **gClár Do Thírdhreach Áitiúil a Léamh** ar siúl ag an Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Chill Rois an 5 Meitheamh 2019. Táthar ag súil leis go mbeidh an seóthaispeántas do Chill Dalua ar siúl go luath in 2020. Tugadh teastais ghnóthachtála do rannpháirtithe an chúrsa agus rinne siad cur i láthair maidir lena dtionscadal, rinne siad ceiliúradh ar a ngaiscí agus labhair siad faoina bhfoghlaim ar an gcúrsa uathúil ar an oíche. Chuir ocht ndalta is daichead an oiliúint 'Do Thírdhreach Áitiúil a Léamh' le dhá bhliain anuas.

## Suíomh Gréasáin do Chartlann Oidhreachta Phobal an Chláir - iCAN

Bhí an chéad chruinniú de iCAN an Chláir ar siúl ar an 22 Bealtaine 2019. Bhuail na cúig ghrúpa ar Líonra do Shuímh Gréasáin agus Cartlann Oidhreachta Phobal an Chláir le chéile mar ghrúpa. Is iad na pobail atá páirteach ná Caisleán an Chláir, Cill Chaoin, Grúpa Oidhreachta Inis Cathaigh agus an tSionainn. Tá siad ag obair sa chúlra chun an fhaisnéis oidhreachta atá curtha ar fáil a dhaingniú agus ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh seoladh poiblí iomlán den Suíomh Gréasáin do Chartlann Oidhreachta Phobal an Chláir - iCAN i Márta 2020.

## Canáil Oireanaí

Tugadh faoi mheasúnú ar an tírdhreach oidhreachta (tógtha, cultúir agus nádúrtha) thart ar Chanáil Oireanaí lenar cuireadh le chéile faisnéis agus sonraí oidhreachta le tábhacht oidhreachta na canála. Rinne an tionscadal measúnú ar bhail ghinearálta an stráice ó Oireanach go dtí Plassey den iarchanáil ó Luimneach go dtí Cill Dalua. Tugadh maoiniú don staidéar sin ón gComhairle Oidhreachta in 2019.

Ullmhaíodh réamhshuirbhé amhairc ar bhail agus fardal bonnlíne maidir leis an oidhreacht thógtha don Chanáil Nascleanúna Luimnigh ó ó Oireanach go dtí Plassey; an tSionainn - An Droimín go dtí Cora an Phairtín; Suas an abhainn ón bPairtín. Ba é príomhchuspóir na tuarascála ná comhthéacs stairiúil ar an limistéar staidéir a chur ar fáil, láithreáin agus gnéithe spéisiúla den oidhreacht thógtha taobh istigh de thalamh an uiscebhealaigh a aithint, agus cur síos a dhéanamh ar nádúr na sócmhainní oidhreachta tógtha.

## Bainistíocht Forbartha - Iarratais phleanála

B'ionann líon na n-iarratas pleanála a fuarthas in 2019 agus 1,018, cosúil leis an líon a fuarhtas in 2018. Anuas air sin, bhí 18 n-iarratas forbartha féin Cuid VIII Údaráis Áitiúil curhta isteach, ar bhain roinnt díobh le forbairtí tithíochta agus dá bharr ceadaíodh 71 áit chónaithe nua. Rinneadh socruithe maidir le 916 iarratas pleanála, ar ceadaíodh 856 (93.4%) díobh agus ar diúltaíodh do 60 (6.6%) díobh. Den 42 iarratas a shocraigh An Bord Pleanála le linn na bliana, seasadh le 28 cinneadh de chuid Chomhairle Contae an Chláir.

## Fiosruithe Réamhphleanála

Bhí 303 comhairliúchán réamhphleanála ar siúl le linn na bliana chun iarratasóirí a chumasú prionsabail a dtograí a phlé saor in aisce le hoifigeach pleanála na Comhairle.

## Ranníocaíochtaí forbartha

Bailíodh €3,090,890 le linn 2019. Cuireann na ranníocaíochtaí sin maoiniú ar fáil do chláir oibre caipitil ar raon seirbhísí, lena n-áirítear bóithre, fóillíocht, pobal, taitneamhacht agus páirceáil do charranna. Leanann an Chomhairle de ranníocaíochta uisce agus séarachais a bhailiú thar ceann Uisce Éireann ar cheadanna pleanála a tugadh roimh 1 Eanáir 2014.

## Dlí Pleanála a Fhorfheidhmiú

Bliain ghnóthach eile a bhí ann in 2019 do Rannán Forfheidhmithe na Roinne Pleanála agus déantar achoimre ar an ngníomhaíocht sa tábla seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cásanna Nua ar a nDearnadh Scrúdú Orthu | 111 |
| Litreacha Rabhaidh a Eisíodh | 82 |
| Fógraí Forfheidhmiúcháin a Eisíodh | 19 |
| Cásanna Dlí a Tosaíodh | 3 |
| Comhaid a Dúnadh | 242 |

## Eastáit Tithíochta a Ghlacadh ar Láimh

Ghlac Comhairle Contae an Chláir ceithre eastát tithíochta is fiche (24) ar láimh in 2019. Rinneadh dul chun cinn maidir le go leor eastáit eile a chur i gcrích trí chaidreamh a dhéanamh le sealbhóirí banna, forbróirí, conraitheoirí agus cónaitheoirí.

Rinne an fhoireann glacadh ar láimh sa Rannóg Pleanála monatóireacht réamhghníomhach ar 15 fhorbairt nua a bhí á dtógáil le linn 2019. Ba cheart go ndéanfaí cinnte de, leis an monatóireacht leanúnach ar eastáit, cé go bhfuil sé dian ó thaobh acmhainní de, go gcríochnófar forbairtí amach anseo ar chaighdeán níos airde agus go mbeadh na próisis glacadh ar láimh amach anseo i bhfad níos simplí. Tháinig laghdú éasca le haithint ar ghníomhaíocht sa réimse seo le linn 2019.

Lean an Rannóg Pleanála de phleananna réiteach láithreán a chríochnú agus conarthaí le haghaidh oibreacha feabhsúcháin a eagrú ar roinnt eastáit a raibh an Chomhairle ag fáil airgead banna ina leith. Cuireadh conarthaí suntasacha i gcrích den chuid ba mhó i nGort Leamhán/Gort na hAbhana, Inis agus in Abbeycourt/Abbeyville, Inis in 2019, chomh maith le hoibreacha ar roinnt forbairtí beaga ar fud an chontae.

I gcás na bhforbairtí sin nach leor na bannaí, mar gheall ar chúiseanna éagsúla, chun na hoibreacha riachtanacha a chur i gcrích, táthar ag súil leis go mbeadh scéim dreasachta náisiúnta, cosúil leis an gceann sin a chuir an Roinn ar fáil in 2016, ar fáil don Chomhairle. Tacóidh sé sin le cur i gcrích forbairtí den chineál sin.





*Íomhánna de Ghort Leamhán, Inis, roimh na hoibreacha feabhsúcháin agus ina ndiaidh.*

## Bainistiú Réadmhaoine

Rinne an t-aonad Bainistíochta Réadmhaoine dul chun cinn ar roinnt tionscadal athchóirithe, a ndearnadh roinnt díobh i gcomhar le heagraíochtaí pobail a bhí i seilbh na n-ionad réadmhaoine.

Anuas air sin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le teideal ionad réadmhaoine de chuid na Comhairle a cheartú agus a chlárú agus déileáil le fiosruithe ón bpobal. Ligeann an Chomhairle réadmhaoin ar léas do ghrúpaí pobail agus ceadaíonn sí réadmhaoin daoibh. Tá roinnt léasanna tráchtála aici freisin agus is príomhthacaíocht do stiúrthóireachtaí eile é bainistíocht na léasanna sin. Tá léasanna fadtéarmacha agus díolacháin faoi réir cead ón gComhairle tofa.

Le linn 2019, rinne an tAonad Bainistíochta Réadmhaoine na Comhaontuithe Léasa agus Ceadúnais seo a leanas ar fud Chontae an Chláir a riar.

| | |
|---|---|
| Comhaontuithe Léasa a Athnuachan | 9 |
| Comhaontuithe Nua Léasa | 5 |
| Ceadúnas Réadmhaoine a Athnuachan | 11 |
| Ceadúnais Réadmhaoine Nua | 8 |
| Comhaid a Dúnadh | 242 |

## Tionscadal Chuibhrinn na Sionainne

Fuarthas suíomh nua i mBaile Uí Chathasaigh chun na cuibhrinn sa tSionainn a athlonnú ón suíomh reatha in Illaunamanagh, mar tá an talamh sin ag teastáil le haghaidh shíneadh an ionaid adhlactha. Cuireadh tús le tógáil go déanach i Samhradh 2019 agus beidh 39 cuibhreann ann i méideanna éagsúla. Tá sé beartaithe go gcríochnófar an tionscadal san Earrach 2020, tráth a mbeidh an aimsir níos fearr le plandú a dhéanamh. Bunaíodh cumann cuibhrinn nua agus déanfaidh an Chomhairle éascaíocht ar an ngrúpa nua agus é ag socrú síos ar an láthair nua.

## Tionscadal Champas Bhóthar Chuinche

Síníodh conarthaí i Meán Fómhair 2019 chun foirgneamh folamh in Eastát Tionsclaíochta Bhóthar Chuinche in Inis a athfhorbairt agus a athchóiriú, agus soláthróidh an tionscadal Ceanncheathrú nua do Chosaint Shibhialta an Chláir. Cuirfear Céim 1 den fhorbairt fhoriomlán i gcrích le linn na chéad ráithe de 2020.

Cuimseoidh Campas Bhóthar Chuinche Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta nua-aimseartha agus beidh áiseanna iomlána ann do Shaorálaithe Cosanta Sibhialta an Chláir (tá 90 ball deonach gníomhach acu faoi láthair), áiseanna oiliúna agus limistéar leis an bhflít feithiclí oibriúcháin a úsáideann an Chosaint Shibhialta a stóráil agus a bhainistiú. Sa bhflít faoi láthair, tá 3 otharcharr, 3 jíp 4x4, feithicil chumarsáide, veain Cuardaigh
& agus Tarrthála, Mionbhus agus Veain Tacaíochtaí Oibriúcháin, chomh maith le 2 bhád, 1 Dobharárthach Tarrthála amháin agus Rafta Tarrthála. Beidh an tIonad Bainistíochta Taifead do Chomhairle Contae an Chláir san fhoirgneamh freisin. Cuirfidh an campas nua seo lenár sprioc chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil do mhuintir an Chláir a mhéadú, meallfaidh sé saorálaithe nua agus cumasóidh sé soláthar oiliúna ar an leibhéal is fearr is féidir. Go háirithe, cuirfidh an áis oiliúna deis ar fáil comhoibriú le páirtithe eile san áis.



## Tacaíocht do Bhunoideachas

Faoi chomhaontú náisiúnta, oibríonn Comhairle Contae an Chláir leis an Roinne Oideachais agus Scileanna le suíomhanna do scoileanna nua a fháil. Tá an Chomhairle ag tabhairt comhaontuithe chun críche le talamh a cheannach i gCill Rois don láithreán le haghaidh Ghaelscoil Uí Choimín, a d'oscail den chéad uair 25 bliain ó shin.

D'aontaigh an Chomhairle freisin talamh sa tSionainn a dhíol leis an Roinn Oideachais chun scoil nua a chur ar fáil do Ghaelscoil Donnacha Rua. Rachaidh an Roinn ar aghaidh go dtí an chéim phleanála don scoil seo anois. Cuirfear foirgnimh bhuana agus todhchaí gheal ar fáil don scoil dá bharr.

Tá an Chomhairle ag obair leis an Roinn Oideachais le suíomh a fháil in Inis don suíomh scoile nua don scoil Oideachas le Chéile inse agus táthar i mbun plé maidir leis sin ar bhonn leanúnach.

## Corrthrádáil

Faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, agus na Fo-Dhlíthe a dhéantar faoi, tá an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach freagrach as Corrthrádáil a riar i gContae an Chláir. Ní mór do gach corrthrádálaí, a thrádálann i spás poiblí, Ceadúnais Corrthrádála bailí a bheith acu.

Tugadh amach na ceadúnais seo a leanas i gContae an Chláir in 2019.

| | Bliantúil Ceadúnais | Imeacht Speisialta Ceadúnais |
|---|---|---|
| Inis | 11 | 3 |
| Cill Chaoin | 5 | |
| Inis Díomáin | 1 | |
| Cé Dhúlainn | 1 | |
| Cill Dalua | 15 | 1 |
| **Líon Iomlán Ceadúnas a Eisíodh in 2019** | **33** | |
| An Leacht - Craobhchomórtas na hÉireann | | 3 |
| Sráid na Cathrach - Féile Willie Clancy | | 7 |
| Lios Dúin Bhearna - Féile Cleamhnais | | 2 |
| Cill Rois - 4 (uimh) Aonach Capall | | 16 |
| Droichead Uí Bhriain - Wellness on the Water | | 1 |
| **Iomlán Ceadúnas Imeachta in 2019** | | **33** |

## Oifigí Fiontair Áitiúla

D'éirigh go han-mhaith le hOifig Fiontair Áitiúil an Chláir in 2019 arís. Tacaímid le 239 fiontar a chuireann fostaíocht ar fáil do 1,384 duine. In 2019, chruthaigh ár bhfiontair 120 post glan agus anois is ionann líon iomlán na bpost atá cruthaithe ag fiontair an Chláir ó cuireadh an Oifig Fiontair Áitiúil ar bun in Aibreán 2014 agus 872 post glan.

In 2019 cheadaíomar maoiniú deontais €673,500 do 27 fiontar a thacaíonn leis an bhféidearthacht 104 post nua a chruthú sa chéad trí bliana eile. In 2019, leagamar béim níos mó ar ár bhfiontraithe áitiúla a uas-sciliú trí chláir oiliúna, ceardlanna, seimineáir agus imeachtaí. D'fhreastail 1,003 duine ar na 76 imeacht/clár a ritheadh. Is léir anois go bhfuil tacaíocht mheantóireachta ar an mbealach is éifeachtaí chun tacú le fiontair agus bhain 123 fiontar leas as an tacaíocht sin i mbliana.

Taobh amuigh dár ngnáth-thacaíochtaí, tacaímid le fiontair le deontais bheaga freisin, fiontair ar mian leo easpórtáil agus trádáil ar líne. In 2019, bhain 14 fhiontar leas as ár dtacaíocht Cúnamh Teicniúil do Mhioneaspórtálaithe agus bhain 34 fiontar leas as ár nDearbhán Trádála Ar Líne.

Chuireamar cúig chuideachta ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann i mbliana. Anois is ionann líon na bhfiontar atá curtha ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann againn le 5 bliana anuas agus 20. Bhí 536 fostaí ag na cuideachtaí sin tráth an aistrithe.

Tá an Breatimeacht chun tosaigh inár ngníomhaíochtaí. Thugamar raon tacaíochtaí isteach, uirlis mheasúnaithe ar líne ar rioscaí an Bhreatimeachta, oiliúint maidir le doiciméadú custaim agus tacaíocht mheantóireachta saor in aisce "duine le duine" san áireamh.

Dhírigh ár gclár fiontraíochta do scoláirí ar fhiontraíocht a chur chun cinn i measc dalta 2ú leibhéal agus leanann líon na rannpháirtithe ag fás. Ghlac os cionn 900 dalta páirt sa chláir a thosaigh i Meán Fómhair 2019.




Bhí roinnt imeachtaí mór le rá ar siúl in 2019, cosúil le Craobhchomórtas Oscailte na hÉireann sa Leacht. Bhí Comhairle Contae an Chláir agus Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir i láthair aige sin agus d'éirigh leo Contae an Chláir i gcoitinne, chomh maith le 16 ghnó áitiúil a dhíolann bia, táirgí ealaíne agus táirgí sláinte, a chur os comhair an phobail.




Bhí Lá Náisiúnta Fhiontraíocht na mBan réigiúnach ar siúl i nDrom Ólainn. D'fhreastail 165 mná gnó as an gClár, Luimneach agus Tiobraid Árann ar an lá agus bhí roinnt aoichainteoirí mór le rá ann, ar nós Sonya Lennon (láithreoir teilifíse agus

fiontraí), Florrie Purcell (The Scullery), Jean McCabe (Willow) Fiona Steed (iarimreoir Rugbaí na hÉireann) agus ba í Ciana Campbell óstach an lae.

Le linn na bliana, d'oibrigh Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir i gcomhar le roinnt eagraíochtaí áitiúil chun imeachtaí a rith a raibh sé mar aidhm acu fiontraíocht sa Chlár a chur chun cinn agus a fhorbairt. I measc ár gcomhpháirtithe, bhí Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir (LEADER), Cumainn Comhlachais Inse agus na Sionainne, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (Intreo), Grúpa na Sionainne agus Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair.



## Ceantair Bhardasacha

Tá ceithre cheantar bhardasacha sa Chontae, a sholáthraíonn réimse seirbhísí áitiúla in Inis, An Scairbh, Cill Rois agus an tSionainn.

### Ceantar Bardasach Inse

Tar éis na dToghchán Áitiúil i mBealtaine 2019 agus tar éis na n-athruithe teorann ar Thoghlimistéar Áitiúil, tá 7 gComhalta Tofa i gCeantar Bardasach Inse anois a dhéanann ionadaíocht ar Inis agus ar an gceantar máguaird - Droichead an Chláir, Gort Lomáin agus Cill na Móna. Toghadh sé Chomhairleoir de na Comhairleoirí CB Inse a bhí ann, chomh maith leis an gComhairleoir nua Mark Nestor. I Meitheamh 2019, toghadh an Comhairleoir Johnny Flynn ina Mhéara Cheantar Bardasach Inse. Tháinig sé in áit an Chomhairleora Clare Colleran Molloy, a bhí sa ról tábhachtach sin le 12 bhliain roimhe sin.



## *Thacaigh Ceantar Bardasach le 22 Féile agus 17 nGrúpa Pobail in 2019.*

## Féilte agus Imeachtaí

### Paráid Féile Pádraig 2019

Tháinig na mílte duine amach ar na sráideanna do Pharáid Féile Pádraig Inse 2019 a bhí ar siúl Dé Domhnaigh, 17 Márta. Ghlac níos mó ná 50 grúpa a bhí ag déanamh ionadaíocht ar go leor gnéithe den saol i gContae an Chláir páirt sa pharáid bhliantúil a tharraing aird ar ghrúpaí ealaíne, cultúir, spóirt agus pobail an Chontae. Ghlac go leor daoine ó thíortha thar lear páirt i bparáid na bliana seo. Thaisteal grúpa os cionn 80 duine ón ngrúpa "The Friendly Sons of the Shillelagh Pipes and Drums" ó New Jersey sna Stáit Aontaithe go dtí Inis chun páirt a ghlacadh sa pharáid.





***Ba í Mary Fitzgeral, bunaitheoir Clare Haven Services agus Haven Horizons, an Ceann Feadhna. In éineacht leis an Méara an Comhairleoir Clare Colleran Molloy, bhí sí ar cheann na paráide agus í ag dul trí shráideanna Inse.***

### An Nollaig in Inis 2019

Chomhordaigh Ceantar Bardasach Inse clár suntasach imeachtaí don "Nollaig in Inis 2019" a bhí ar siúl ar feadh ceithre dheireadh seachtaine as a chéile. Tháinig suas go dtí 4,000 duine le chéile gar do Chearnóg Uí Chonaill, áit a ndearnadh siamsaíocht do na sluaite ag an óstach Colum McGrath, an t-aoi Emer Considine (nó mar is fearr aithne uirthi "The Eimearnator"), Mickey agus Minnie Mouse, agus San Nioclás ar ndóigh. Anuas air sin, bhí go leor siamsaíocht sráide agus léirithe ceoil, agus lasadh soilse na féile ag an deireadh.


Nuair a lasadh na soilse, seoladh tionscnamh an Chrainn Chuimhneacháin de chuid Chlub na Leon Inse, chun cuidiú le hOspís Chathair Cheallaigh. Chuir Cór Scoil na Cloiche Léithe agus Banna Samba na Cloiche Léithe ceol ar fáil. Cuireadh Raidió Sráide na Nollag, a bhí le cloisteáil ón 14 go dtí an 24 Nollaig, leis an atmaisféar ar fud an bhaile ar mhaithe leis an lucht siopadóireachta agus cuairteoirí.

I measc na dtionscnamh nua i mbliana, bhí 'Ceol sa Mhargadh', lá spraoi do theaghlaigh i bhFoirgneamh an Mhargaidh, agus Scannáin Chlasaiceacha Tiomáin Isteach, a bhí ar siúl i Margaí Comharchumainn an Chláir agus a thaispeáin scannáin Nollag ar nós 'The Polar Express' agus 'National Lampoon's Christmas' do lucht féachana faoi chuing.

Bhí sráidbhaile Nollag Inse chomh maith lena raibh ag súil. Bhí sé ar siúl i gcarrchlós Shráid na Mainistreach agus tharraing sé aird ar cheirdeanna cruthaitheacha agus bia blasta sa timpeallacht cheiliúrtha. Bhí roithleagán ró mór agus pluais Dhaidí na Nollag i measc na mbuaicphointí den deireadh seachtaine ón 13 go dtí an 15 Nollaig

Tháinig sé chun deiridh le seó teilgin solais.

Cuireadh fáilte mhór roimh an traein a bhfuil an-éileamh uirthi, Traein Ghasta Charthanais na Nollag, agus tiomsaíodh €5,000 do chúig charthanas áitiúil thar an trí lá.






## Fleadh na Mumhan

Bhí Fleadh Cheoil na Mumhan ar siúl in Inis arís idir an 14 Iúil agus an 22 Iúil 2019. Bhí sé ar an bhfleá chúige is mó in Éirinn. D'fhreastail thart ar 50,000 duine ar an bhfleá agus bhain siad sult as comórtais, ceol ó na mílte ceoltóir, amhrán, damhsa agus scéalta. Tháinig cuairteoirí as na sé chontae i gcúige Mumhan le chéile don cheiliúradh bliantúil ar thraidisiúin chultúir na hÉireann. Rinne Foireann Cheantar Bardasach Inse éascaíocht ar an imeacht ach tacaíocht airgeadais agus tacaíocht lóistíochta a chur ar fáil.

## Ceantar Bardasach na Sionainne (CB na Sionainne)

Fuair an Comhairleoir Mike McKee bás le linn na bliana. Méala mór a bhás. Bhí an Comhairleoir McKee ar Choimisinéirí Bhaile na Sionainne/Comhairle Bhaile na Sionainne ó 1985 go dtí 2009 agus, ina dhiaidh sin, bhí sé ar Chomhairle Contae an Chláir ó 2014 go dtí tráth a bháis. D'oibrigh sé go díograiseach agus do diongbháilte ar son phobal na Sionainne, an cheantair máguaird agus Chontae an Chláir. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Choinnigh gach ceann de na sé chomhairleoir reatha i gCeantar Bardasach na Sionainne a gcuid suíochán sna toghcháin áitiúla i mBealtaine 2019. Mhéadaigh an ceantar bardasach go dtí ceantar seacht gcomhairleoir nuair a athraíodh an teorainn agus tugadh ceantar Chluain Lára isteach. Ag cruinniú ginearálta bliantúil Cheantar Bardasach na Sionainne in 2019, toghadh an Comhairleoir Gerard Flynn ina Chathaoirleach arís agus toghadh Pat McMahon ina Leas-Chathaoirleach arís.

Ghlac Ceantar Bardasach na Sionainne le Leithdháileadh Ginearálta Bardasach arbh fhiú €189,100 don bhliain é. Chuir an leithdháileadh maoiniú ar fáil do 38 grúpa spóirt, cultúir, staire agus pobail agus bhí maoiniú ann le roinnt tionscadal oibreacha feabhsúcháin ar an limistéar poiblí a chur i gcrích ar fud an cheantair.

Le linn na bliana 2019, ullmhaíodh tuairisc scóipe maidir le hindéantacht an Ghlasbhealaigh ón tSionainn go dtí Bun Raite. Beidh obair suirbhéireachta bhreise de dhíth in 2020. Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana le sainchomhairleoirí spásúlachta agus eacnamaíochta a earcú le Straitéis Lárionad Bhaile na Sionainne a ullmhú in 2019. Cuirfidh na sainchomhairleoirí tús leis an straitéis sa chéad ráithe 2020 agus beartaítear go gcríochnófar an obair faoin tríú ráithe 2020.

Tar éis an fhógra go gcaithfear €27m ar chosaintí tuile Bhaile na Sionainne a uasghrádú

i Nollaig 2018, chuir Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar le hOifig Bainistíochta Tionscadail Chomhairle Contae an Chláir agus Ceantar Bardasach na Sionainne, tús le cleachtadh mionsonraithe aimsithe fíricí agus cruinnithe sonraí agus fógraíodh an tairiscint le haghaidh sainchomhairleoirí don scéim an 5 Nollaig 2019.

Lean foireann Cheantar Bardasach na Sionainne de sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine a chónaíonn i gCeantar Bardasach na Sionainne. Áiríodh leis sin 26 tionscadal faoin leithdháileadh Deontas Bóthair, 40 tionscadal ar scála níos lú arna maoiniú ag an Leithdháileadh Ginearálta Bardasach, treoir agus comhairle don iliomad grúpaí pobail maidir le tionscadail, agus na céadta ceisteanna cothabhála i limistéir phoiblí a réiteach.

I measc na dtionscadal bhí: athshlánú na mbóithre coincréit in Aidan Park, trasrian coisithe a thógáil i gCora Chaitlín, feabhsúchán na soilse agus bearta laghdaithe luais ar an R462 i nDroichead Abhann ó gCearnaigh, an trasrian coisithe ag Bóthar na Luchra a uasghrádú, trasrian coisithe a chur isteach ar an R462 ag an gCreatalach, conradh le haghaidh fheabhsúchán na gcosán ar fud an cheantair, agus feabhsúchán na gcosaintí tuilte agus athdhromchlú an bhóthair rochtana ar an eastát tionsclaíochta ag Baile Uí Mhuircheartaigh.

## Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir

Bhuail comhalta tofa Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir le chéile go rialta le linn na bliana 2019 le plé a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus feabhsúchán áiseanna agus saoráidí ina gceantar. Bhuail na comhalta le roinnt ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúla le linn na bliana chun ceisteanna a bhaineann lena réimsí a phlé. Chomh maith leis na cruinnithe reachtúla, reáchtáladh Cruinniú Speisialta amháin i rith na bliana chun Craobhchomórtas Oscailte na hÉireann agus a bhfuil i ndán do Ghob na Maoine a phlé ar an 16 Iúil 2019. Cuireadh an cruinniú leis an bPlean Buiséadach do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir agus an leithdháileadh €201,700 don bhliain 2019 a phlé ar siúl ar an 30 Deireadh Fómhair 2018. Rinne an Leithdháileadh Ginearálta Bardasach éascaíocht ar roinnt tionscadal pobail in 2019.

I mBealtaine 2019, tar éis na dtoghchán Údaráis Áitiúil, toghadh 5 Chomhalta Tofa nua i gCeantar Bardasach Iarthar an Chláir. Athraíodh teorainneacha Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir chomh maith tar éis Tuarascáil Uimh. 1 an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil 2018 a fhoilsiú. Toghadh an Comhairleoir Bill Chambers ina Chathaoirleach ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil i Meitheamh 2019 agus ceapadh an Comhairleoir Joe Garrihy ina Leas-Chathaoirleach. Comhaontaíodh freisin ag an CGB struchtúr chlár oibre na gcruinnithe a leasú chun go gcuirfí gach mír a bhaineann le Stiúrthóireacht shonrach le chéile lena bplé. D'éascaigh Sean O'Riordain ceardlann a bhí ar siúl le Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir i Méan Fómhair 2019 chun Straitéis agus Clár Oibre do shaolré an Cheantair Bhardasaigh a aontú.

I measc na gceisteanna a ndearnadh plé orthu agus ar thángthas ar aontú ina leith ag Cruinnithe Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir le linn na bliana, bhí:

- Breithniú agus glacadh Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh don bhliain 2019.
- Bóithre i roinnt eastát a ghlacadh ar láimh i gcomhréir le halt 11 d'Acht na mBóithre, 1993

- Bóithre príobháideacha a ghlacadh ar láimh i gcomhréir le halt 11 d'Acht na Bóithre, 1993
- Diúscairt réadmhaoin na Comhairle i gcomhréir le hAlt 183 ag áiteanna éagsúla sa Cheantar Bardasach
- Bearta moillithe tráchta de réir Alt 38 ag áiteanna éagsúla
- Cruinniú Speisialta a chur ar siúl chun plé a dhéanamh ar:
- Craobhchomórtas Oscailte na hÉireann sa Leacht
- Todhchaí Ghob na Maoine

## Ceantar Bardasach Chill Dalua

Bhuail comhalta tofa Cheantar Bardasach Chill Dalua le chéile go rialta le linn na bliana 2019 le plé a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí sa cheantar agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt straitéiseach áiseanna agus saoráidí sna bailte agus sráidbhailte sa cheantar. Bhuail na comhalta le hionadaithe ó ghrúpaí áitiúla le linn na bliana chun ceisteanna a bhaineann lena réimsí a phlé, agus tugadh an t-eolas is déanaí do na comhaltaí maidir le mórthionscadail chaipitil nua atá beartaithe sa cheantar.

Rinne athrú suntasach ar theorainn Cheantar Bardasach Chill Dalua tráth na dToghchán Áitiúil a bhí ar siúl in 2019, agus tháinig laghdú ar líon na gComhaltaí Tofa, ó 6 go 5 Chomhalta, dá bharr. Reáchtáladh an chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil don Cheantar Bardasach nua i Meitheamh agus toghadh an Comhairleoir Pat Burke ina Chathaoirleach arís, tar éis dó an post sin a bheith aige an bhliain roimhe sin. Ceapadh an Comhairleoir Pat Hayes ina Leas-Chathaoirleach. Cuireadh maoiniú ar fáil do roinnt tionscadal tábhachtach faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach agus ghlac na comhaltaí le plean buiséadach agus d'aontaigh siad Leithdháileadh Ginearálta Bardasach méadaithe de €227,321 don bhliain 2020 ag a gcruinniú buiséid ar an 6 Samhain 2019.



# Ráiteas Airgeadais Giorraithe: Bliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| Ioncam agus Caiteachas | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais Stáit | 41.8 | 38.8 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 6.5 | 6.5 |
| Earraí agus Seirbhísí | 38.1 | 36.4 |
| Rátaí Tráchtála | 43.0 | 42.8 |
| Ioncam ó Údaráis Áitiúla Eile | 0.1 | 0.1 |
| Tobhach Pinsin | | |
| **Ioncam Iomlán** | **129.5** | **124.5** |
| **Caiteachas Iomlán** | **116.8** | **113.3** |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh aistrithe | 12.8 | 11.2 |
| Aistrithe chuig / ó Chúlchistí | (12.2) | (10.5) |
| Barrachas / (Easnamh) Iomlán don Bhliain | 0.54 | 0.69 |
| Cúlchiste Ioncaim Ginearálta / (Easnamh) - Tosaigh | 1.9 | 1.2 |
| Cúlchiste Ioncaim Ginearálta / (Easnamh) - Deiridh | 2.5 | 1.9 |
| | | |
| Clár Comhardaithe | 2019 | 2018 |
| | €m | €m |
| Sócmhainní Seasta | 2,770.2 | 2,754.5 |
| Obair idir Lámha agus Speansais Réamhchéime | 36.9 | 27.6 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 21.0 | 19.1 |
| Sócmhainní Reatha | 66.2 | 60.1 |
| Dliteanais Reatha | (35.3) | (37.3) |
| **Sócmhainní / (Dliteanais) Glana Reatha** | **30.8** | **22.8** |
| Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain) | (82.9) | (79.5) |
| **Glansócmhainní** | **2,776** | **2,745** |
| | | |
| Arna maoiniú ag: | | |
| Cuntas Caipitlithe | 2,770.2 | 2,754.5 |
| Ioncam - Obair idir Lámha | 37.0 | 24.3 |
| Cúlchiste Ioncaim Sonrach | | |
| Cúlchiste Ioncaim Ginearálta | 2.5 | 1.9 |
| Iarmhéideanna Eile | (33.6) | (36.2) |
| **Iarmhéideanna Iomlána** | **2,776** | **2,745** |

# Seimineáir agus Comhdhálacha ar fhreastail Comhairleoirí Contae an Chláir orthu in 2019

- **An tAcht Airgeadais, 2018, Cairlinn, Contae Lú.** 11 - 13 Eanáir 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 1, Luain-An Muileann gCearr, Co na hIarmhí.** 19 Eanáir 2019 *(D'fhreastail 10 gComhalta).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 1, Horse & Jockey,Co. Thiobraid Árann.** 24 Eanáir 2019 *(D'fhreastail 10 gComhalta).*
- **Léacht Philip Lane, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.** 5 Feabhra 2019. *(D'fhreastail Comhalta amháin).*
- **Treoir maidir le Cláir Oideachasúla AE, Cairlinn, Co. Lú.** 8-10 Feabhra 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin).*
- **Comhdháil Bhliantúil Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, An Longfort.** 20-22 Feabhra 2019 (D'fhreastail 23 Comhalta).
- **Seimineár an Earraigh de chuid Chumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae 2019, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma**. 6-7 Márta 2019 *(D'fhreastail 19 gComhalta).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 2, Dún Garbhán , Contae Phort Láirge.** 21 Márta 2019 *(D'fhreastail 18 gComhalta).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 2, An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin.** 23 Márta 2019 *(D'fhreastail 2 Chomhalta)*
- **Velo City - Deachleachtas Rothaíochta, Baile Átha Cliath.** 25 - 28 Meitheamh 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 3, Horse & Jockey, Co. Thiobraid Árann.** 13 Iúil 2019 *(D'fhreastail 16 Chomhalta).*
- **Scoil Samhraidh Parnell, An Chraobhach, Co. Chill Mhantáin**. 13 Lúnasa 2019 *(D'fhreastail 2 Chomhalta).*
- **Seimineár an Fhómhair de chuid Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Muineachán.** 11 - 13 Meán Fómhair 2019 *(D'fhreastail 20 Comhalta).*
- **Comhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste, Dún Dealgan, Co. Lú**. 19-21 Meán Fómhair 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 4, Dún Dealgan, Contae Lú.** 12 Deireadh Fómhair 2019 *(D'fhreastail 13 Chomhalta).*
- **Seimineár an Fhómhair de chuid Chumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae, Inis Díomáin, Contae an Chláir.** 17 - 19 Deireadh Fómhair 2019 *(D'fhreastail 2 Chomhalta).*
- **Seimineár Beartais Fuinnimh NFLA, Baile Átha Cliath.** 18 Deireadh Fómhair 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin).*
- **Comhdháil Bhliantúil na Gníomhaireacht Tithíochta, Baile Átha Cliath.** 6 Samhain 2019. *(D'fhreastail 3 Chomhalta).*
- **Seimineár Ceannasaíochta agus Comhoibrithe, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.** 9 Samhain 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin).*
- **Teidlíocht Seirbhísí Sláinte, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí.** 15 - 17 Samhain 2019 *(D'fhreastail 2 Chomhalta).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 5, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.** 21 Samhain 2019 *(D'fhreastail 2 Chomhalta).*
- **Oiliúint Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, Modúl 5, an tOileán Beag, Corcaigh.** 23 Samhain 2019 *(D'fhreastail 10 gComhalta).*

- **Comhdháil 'Turasóireacht Inbhuanaithe a Spreagadh', Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath.** 27 Samhain 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin)*.
- **Ceardlann Aeráide agus Bithéagsúlachta, Baile Átha Cliath.** 4 Nollaig 2019 *(D'fhreastail 3 Chomhalta)*
- **Córas Leasa Shóisialaigh na hÉireann, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí.** 6 - 9 Nollaig 2019 *(D'fhreastail 5 Chomhalta)*.
- **Oiliúint Cumarsáide** *(D'fhreastail Comhalta amháin)*.
- **Fuinneamh i seilbh an Phobail in Éirinn - Coimisiún Forbartha an Iarthair, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe**. 11 Nollaig 2019 *(D'fhreastail Comhalta amháin)*.

## Faisnéis teagmhála/ uimhreacha teileafóin

**Comhairle Contae an Chláir**, Áras Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir. Teileafón: (065) 6821616
**Facs:** (065) 6828233
**Ríomhphost:** customerservices@clarecoco.ie
**Suíomh gréasáin:** www.clarecoco.ie
**Uaireanta gnó:** 9:00 a.m. go 5:00 p.m. Luan go hAoine.

**Nóta:** *An Rannóg Pleanála, an Rannóg Tithíochta agus Oifig an Airgid 9.00 a.m. go 4:00 p.m. Uimhir theagmhála i gcás éigeandála: (087) 4169496 (taobh amuigh d'uaireanta oifige amháin)*

**Mótarcháin**, Áras Contae an Chláir, Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir.
**Uaireanta gnó:** 9:15 a.m. go 3:30 p.m. Luan go hAoine
**Teileafón:** (065) 6844661

**Músaem Contae an Chláir**
**Teileafón:** (065) 6823382
**Ríomhphost:** ClareMuseum@clarecoco.ie

**Áiseanna Spóirt agus Fóillíochta Active Ennis - Teileafón:** (065) 6821604 **Facs:** (065) 6823655

**Ionad Ceoil Glór**
**Teileafón:** (065) 6845370

Chun éascaíocht a dhéanamh ar ár nglaoiteoirí, tá Áis diailithe dhírigh ag gach rannóg. Is féidir dul i dteagmháil leis na rannóga ach na huimhreacha seo a leanas a dhiailiú:

- **Bainistíocht Cartlainne agus Taifead**, (065) 6846414
- **Oifig Ealaíon**, (065) 6846684
- **Rannóg Leathanbhanda, Dhigiteach agus TF**, (065) 6846377
- **Lár-Oifig an Airgid**, (065) 6846208
- **Cosaint Shibhialta**, (065) 6822199
- **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha**, (065) 6846209
- **Rannóg Comhshaoil**, (065) 6846331, facs (065) 6846444
- **Saorghlao comhshaoil frithbhruscair**, 1800 606706
- **Rannóg Airgeadais**, (fiosruithe ginearálta), (065) 6846329
- **Rannóg Dóiteáin agus Seirbhísí Éigeandála**, (065) 6846410
- **Saoráil Faisnéise**, (065) 6846405
- **Scéimeanna Grúpa**, (065) 6866119
- **Deontais Ardoideachais**, (065) 6846320
- **Rannóg Tithíochta**, (065) 6846334

- **Rannóg Acmhainní Daonna**, (065) 6846415
- **Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir**, (065) 6846230
- **Éascaitheoir Comhpháirtíochta**, (065) 6846435
- **Rannóg Pleanála**, (065) 6846232
- **Clár na dToghthóirí**, (065) 6846363
- **Rannóg Ioncaim Reatha**, (065) 6846530
- **Rannóg Iompair**, (065) 6846312
- **Dearadh Bóthair**, (065) 6846479
- **Rannóg Thuaithe agus Pobail**, (065) 6846222
- **Rannóg Turasóireachta**, (065) 6846511
- **Rannóg Seirbhísí Tréidliachta**, (065) 6846358
- **Sábháilteacht san Uisce**, (065) 6846270
- **Rannóg Seirbhísí Uisce**, (065) 6866116

## Oifigí ceantair bhardasaigh

- **Inis**, (065) 6866133
- **Cill Dalua**, (061) 640815
- **An tSionainn**, (061) 362319
- **Iarthar an Chláir**, (065) 7072283 / 9054310

- **Cora Finne**, (065) 6837219
- **Brainse Leabharlainne De Valera**, (65) 6846353
- **Ceanncheathrú Leabharlainne Inse** (065) 6846350, suíomh gréasáin www.clarelibrary.ie
- **Inis Díomáin**, (065) 7071245
- **Cill an Dísirt**, (065) 6832113
- **Leabharlann Chuimhneacháin Sweeney Chill Chaoin**, (065) 9056034
- **Cill Mhichíl**, (065) 9050528
- **Cill Dalue**, (061) 376062, Facs (065) 376062
- **Cill Rois**, (065) 9051504
- **Lios Dúin Bhearna**, (065) 7074029

**Ionad Staidéar Áitiúil, Inis**, (065) 6846271

- **Sráid na Cathrach,** (065) 7084822
- **Cora Chaitlín**, (061) 368411
- **An Scairbh**, (061) 922893
- **An tSionainn**, (061) 364266
- **Droichead Abhann ó gCearnaigh**, (061) 369678
- **An Tulach**, (065) 6835919

## Uimhreacha úsáideacha eile

- **Lárionad Bainistíochta Dramhaíola, An Baile Dubh Beag, Eidhneach**, (065) 6836960
- **Stáisiún Aistrithe agus Ionad Athchúrsála na Scairbhe**, (061) 921735

**Ionad Athchúrsála na Sionainne**, (061) 364483

- **Stáisiún Aistrithe agus Ionad Athchúrsála Lios Duibhinn**, (065) 9060175
- **Ionad Athchúrsála Inse** (065) 6893705

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

***Arna ullmhú ag**: Foireann Athbhreithnithe Gnó* | ***Arna dhearadh ag**: Foireann Cumarsáide*